Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

# An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh



## Tuarascáil Bhliantúil

2017



ÁR MBUNCHUSPÓIR

## An pobal a chosaint ach iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a chur chun cinn i measc chláraithe na ngairmeacha ainmnithe

# Clár


| | |
|---|---|
| Ráiteas Chathaoirleach na Comhairle | 2 |
| Réamhrá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin | 4 |
| Maidir le CORU | 6 |
| Buaicphointí Straitéise agus Príomhghníomhaíochtaí 2017 | 16 |
| Seirbhísí Corparáideacha | 24 |
| An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh | 28 |


## Tuarascálacha Bliantúla na mBord Clárúcháin


| | | |
|---|---|---|
| 1 | Bord Clárúcháin na nDiatéiteach | 42 |
| 2 | Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine | 50 |
| 3 | Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair | 54 |
| 4 | Bord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta | 62 |
| 5 | Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí | 70 |
| 6 | Bord Clárúcháin na Síceolaithe | 78 |
| 7 | Bord Clárúcháin na Radagrafaithe | 82 |
| 8 | Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh | 90 |
| 9 | Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha | 96 |
| 10 | Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga | 104 |


## Aguisíní


| | |
|---|---|
| Aguisín 1 - Freastal ar an gComhairle | 112 |
| Aguisín 2 - Freastal ar Choistí | 113 |
| Giorrúcháin agus Sainmhínithe | 115 |
| Comhaltaí Chomhairle CORU | 116 |

# Ráiteas Chathaoirleach na Comhairle

I gcomhréir le Cuid 2, Alt 25 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh CORU 2017 a chur i láthair, tuarascáil ina dtugtar mionsonraí maidir le hobair agus éachtaí CORU le linn na tréimhse sin.



Seo an dara bliain agam mar Chathaoirleach ar an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus tá lúcháir orm a bheith ag obair do CORU ag tráth thar a bheith tábhachtach i bhforbairt leanúnach na heagraíochta.

In 2017 bhí deich mbiana ann ó bhí an chéad chruinniú den Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh i Márta 2007. Ba chlochmhíle tábhachtach é a thionscnamh i gcúram sláinte agus sóisialta na hÉireann agus le himeacht ama tá mórán éachtaí suntasacha bainte amach. Níor bheag é an obair a ghabh le réimeas rialála do ghairmithe a thabhairt isteach, cuid acu nach raibh aon taithí roimhe seo ar réimeas rialála. Tá moladh tuillte ag na gairmeacha agus ag an gComhairle, ag coistí na Comhairle, boird chlárúcháin agus ag feidhmeannacht CORU mar gur de thoradh ar a dtréaniarrachtaí siúd tá boird chlárúcháin bunaithe agus cláir anois againn do na gairmeacha seo a leanas: diaitéitigh, teiripeoirí saothair, optaiméadraithe agus radharceolaithe dáileacháin, fisiteiripeoirí, radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta, oibrithe sóisialacha agus teiripeoirí urlabhra agus teanga.

Tá boird chlárúcháin ceaptha anois d'oibrithe cúraim shóisialaigh, eolaithe míochaine agus do shíceolaithe. Osclóidh gach ceann de na boird seo a gcláir nuair a bheidh an t-ullmhúchán mion a theastaíonn déanta. Tá trí ghairm ainmnithe eile, coslianna, bithcheimiceoirí cliniciúla agus ortoptaigh nach bhfuil bord clárúcháin ná clár i bhfeidhm go fóill acu ach táimid ag obair ar méid sin a chur i ngníomh.


I measc na rudaí eile atá bainte amach againn sa chéad deichniúr bliain ar an bhfód againn tá córas forbartha gairmiúla leanúnaí cruthaithe againn do gach gairm cláraithe agus tá tús curtha againn le réimeas d'fheidhmiúlacht chun cleachtadh. Ag deireadh 2017 bhí 12,574 gairmí cláraithe le CORU, agus beidh a dhá oiread sin cláraithe sna blianta amach romhainn.

Ba bhuaicphointe de 2017 é seoladh Ráiteas Straitéise 2017-2021. Is onóir é a bheith anseo leis an Aire Sláinte, Simon Harris TD don ócáid thábhachtach seo. Is tosaíocht agamsa mar Chathaoirleach maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise seo. Laistigh de seo tá cúig phríomhchuspóir straitéiseacha aitheanta againn. Is iad sin:

- Ár riachtanais reachtaíochta reatha a sheachadadh
- Torthaí rialála atá mar spriocanna againn a sheachadadh le múnla rialála inbhuanaithe
- Ár gcumarsáidí a bheith níos soiléire
- Ár bhfócas a choimeád ar dhea-chleachtais rialachais.
- Mianach tallainne agus eolais a mhealladh, a choimeád agus a fhorbairt.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an iliomad comhghleacaithe a oibríonn go dúthrachtach chun tacaíocht a thabhairt dom agus do shaothar CORU. Áirím leis seo comhaltaí na Comhairle agus baill na mbord clárúcháin, baill ár gcoistí, soláthraithe oideachais, fostóirí agus grúpaí tacaithe othar chomh maith le comhlachtaí gairme agus ceardchumainn. An díograis a léiríonn na cláraithe féin, tugann sí ardú misnigh dúinn agus is léiriú í ar shár-thiomantas dá n-othair agus d'úsáideoirí seirbhíse. Faigheann CORU tacaíocht iontach ón Roinn Sláinte, go háirithe ón Aonad Rialála Gairmeacha agus ón Aire Simon Harris T.D. Tá foireann feidhmiúcháin chumasach agus thiomnaithe ag CORU, faoi stiúir an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Ginny Hanrahan, agus is cúis mhór áthais dom a bheith ag obair leo.

Is é misean CORU an pobal a chosaint ach iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a chur chun cinn le clárú reachtúil na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialta. Caithfidh an pobal a bheith muiníneach go bhfuil an gairmí atá ag soláthar seirbhíse dóibh cáilithe i gceart, inniúil agus teist mhaith air nó uirthi. Tá an misean seo i gcroílár an uile ní a dhéanaimid agus táim ag súil go mór le leanúint den obair seo in 2018.



An tOllamh Bernard McCartan

*Cathaoirleach*
*An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh*

# Réamhrá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus na mBord Clárúcháin, 2017, a chur i láthair tar éis bliain an-rathúil eile. Tugtar cuntas sa Tuarascáil Bhliantúil ar fhairsinge ár ngníomhaíochtaí agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh lenár bpríomhchuspóirí straitéiseacha. Tá áthas orm a thuairisciú gur baineadh amach a lán spriocanna dearfacha in 2017, cuireann gach ceann díobh lenár n-aidhm an pobal a chosaint le rialáil na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Sprioc thábhachtach i bhforbairt agus i ngnóthú CORU in 2017 ab ea seoladh ár Ráitis Straitéise cúig bliana ag an Aire Simon Harris TD i mí Eanáir. Treoirphlean is ea an straitéis seo dár n-eagraíocht de réir mar a dhéanaimid forbairt sna blianta amach romhainn. Tugann sí treoir dár gclár oibre, dár dtosaíochtaí agus dár n-uaillmhianta agus sinn ar ár ndícheall an chosaint a thugtar don phobal a fheabhsú.

I rith na bliana, cuireadh an teideal 'Teiripeoir Saothair' faoi chosaint le hiamh na tréimhse aistrithe i mí an Mhárta. Tugann cosaint an teidil seo, agus na dteideal eile ar fad, teachtaireacht láidir d'othair agus d'úsáideoirí seirbhíse, maidir le caighdeán agus seasmhacht an chúraim a gheobhaidh siad. Tá céimeanna tugtha ag roinnt gairmeacha eile, lena n-áirítear oibrithe cúraim shóisialaigh, síceolaithe agus eolaithe míochaine chun a rialáil a chur chun cinn. Faoi dheireadh 2017, bhí clochmhíle 12,574 gairmí cláraithe le CORU bainte amach againn.

Achtaíodh leasú tábhachtach ar an Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2017 i mí na Nollag. Ceadaíonn sé seo do dhaoine ar cleachtóirí fisiteiripe iad cheana féin, agus dóibhsean a bhfuil cáilíochtaí áirithe fisiteiripe acu, cur isteach ar chlárú le Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí, go dtí an 20 Nollaig 2018. Ciallaíonn sé seo go mbeidh an teideal "Fisiteiripeoir" ina theideal faoi chosaint faoin 30 Meán Fómhair 2018 agus an teideal "Teiripeoir Fisiciúil" faoin 20 Nollaig 2018.

Leanamar den chosaint a thugaimid don phobal a léiriú ar mhórán bealaí. I mí Iúil ghnóthaigh Aonad Forfheidhmiúcháin CORU a chéad chiontú riamh. Phléadáil cuideachta ó Bhaile Átha Cliath ciontach i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath i leith cionta a bhain le lionsaí tadhaill áiféise a mhí-dhíol. Ba chiontú tábhachtach é seo ó thaobh cosaint a thabhairt don phobal agus taispeánann sé nach mbeidh doicheall ar bith orainn ár gcumhachtaí a úsáid chun sábháilteacht an phobail a chinntiú. Um Shamhain tar éis an chiontaithe sin cuireadh tús le feachtas sábháilteachta pobail sna meáin náisiúnta ag tabhairt rabhadh don phobal gan ach lionsaí tadhaill a dháil optaiméadraí nó radharceolaí dáileacháin nó cleachtóir míochaine cláraithe le CORU a chaitheamh, agus bhain ár dteachtaireacht, a bhí dírithe go háirithe ar dhaoine faoi bhun 25 bliana d'aois, 1.2 milliún duine amach.

I mí na Bealtaine, sheol Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta le haghaidh Oibrithe Cúraim Shóisialaigh. Is forbairt an-tábhachtach é seo don ghairm seo ó caithfidh cúrsaí a ullmhaíonn mic léinn chun cáilíocht a fháil lena mbeidh siad ábalta cur isteach ar chlárú mar oibrí cúraim shóisialaigh na caighdeáin seo a chomhlíonadh. Seo an chéad uair go raibh siad i bhfeidhm d'oibrithe cúraim shóisialaigh. Tá dhá bhliain ag na Coláistí a ritheann cúrsaí d'oibrithe cúraim shóisialaigh na caighdeáin nua seo a bhaint amach.

Is cuid thábhachtach dár misean é tábhacht agus luach an chlárúcháin reachtúil a léiriú don phobal. Chun tacú leis seo tá feachtas faisnéise poiblí forleathan curtha ar siúl againn a dháil bileog faisnéise ar bhreis is 1,300 lialann dochtúirí teaghlaigh ar fud na tíre, a chuir fógraí ar an raidió náisiúnta agus réigiúnach, agus a chuir ailt i nuachtáin réigiúnacha. San Fhómhar ritheamar imeachtaí "Buail le CORU" ar fud na tíre agus bhuail comhaltaí fheidhmeannas CORU le breis is 800 gairmí atá cláraithe le CORU chun iad a chur ar an eolas faoinár ról, faisnéis maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach, athruithe atá le teacht ar Chód Cleachtais Ghairmiúil agus Eitic agus chun aiseolas ar shaincheisteanna rialála a fháil.

Ní bheadh rath ar CORU gach bliain murach an obair chrua a dhéanann an iliomad daoine a bhfuil ár mbuíochas tuilte acu. Áirím leis seo an líon mór daoine atá cláraithe linn, comhaltaí deonacha na Comhairle agus baill na mBord Clárúcháin, baill ár gCoistí, ár measúnaithe, na comhlachtaí agus institiúidí oideachais, fostóirí agus grúpaí tacaithe othar chomh maith le comhlachtaí gairme agus ceardchumainn. Tá buíochas ar leith ag dul do Bernard McCartan dá thiomantas agus dá dhíograis i leith obair dhearfach CORU a chur chun cinn. Ní mór freisin buíochas a ghabháil freisin leis an Roinn Sláinte, agus go háirithe le Deirdre Walsh agus a foireann ón Aonad Rialála Gairmeacha agus leis an Aire Simon Harris T.D. dá dtacaíocht leanúnach. Thar aon ní eile ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann iontach CORU a dtugann a dtiomantas agus a ndúthracht inspioráid dúinn i gcónaí.



Ginny Hanrahan

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Cláraitheoir CORU*

# Maidir le CORU

## Ár mBunchuspóir, ár bhFís agus ár Luachanna

Is é CORU an rialtóir i dtaobh ghairmeacha éagsúla sláinte agus cúraim shóisialaigh na hÉireann. Bímid ag obair ar mhaithe le leas an phobail, agus is é an ról atá againn an pobal a chosaint trí chlárú reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Is é CORU an t-ainm branda agus an lógó faoina bhfeidhmíonn an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus Boird Chlárúcháin na ngairmeacha éagsúla le chéile. Tagann an t-ainm “CORU” ón bhfocal “cóir” sa Ghaeilge.

Is é CORU atá freagrach as rialáil a dhéanamh, faoi Acht 2005 (arna leasú), ar 15 ghairm ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Meastar go bhfuil idir 25,000-30,000 duine ag baint leis na gairmeacha sin ar fad. Féadfaidh an tAire Sláinte gairmeacha breise a chur leo amach anseo. Den chéad uair, déanfar rialáil ar na gairmeacha ainmnithe sin anois ar bhonn reachtúil.

> Is é CORU atá freagrach as rialáil a dhéanamh, faoi Acht 2005 (arna leasú), ar 15 ghairm ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Meastar go bhfuil idir 25,000-30,000 duine ag baint leis na gairmeacha sin ar fad.

**Is iad seo a leanas na gairmeacha ainmnithe:**

- Bithcheimiceoirí Cliniciúla
- Diaitéitigh
- Radharceolaithe Dáileacháin
- Eolaithe Míochaine
- Teiripeoirí Saothair
- Optaiméadraithe
- Ortoptaigh
- Físteiripeoirí
- Coslianna
- Síceolaithe
- Radagrafaithe agus Teiripeoirí Radaíochta
- Oibrithe Cúraim Shóisialaigh
- Oibrithe Sóisialacha
- Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Tá nó beidh a Bord Clárúcháin féin ag gach gairm atá nó a bheidh freagrach as comhaltaí dá ghairm faoi seach a chlárú.

Tá na boird chlárúcháin seo a leanas curtha ar bun ag an Aire go dtí seo: Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha, Bord Clárúcháin na Radagrafaithe, Bord Clárúcháin na nDiaitéitigh, Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga, Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair, Bord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta, Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí, Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh, Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine agus Bord Clárúcháin na Síceolaithe.

Bunófar na Boird eile ar bhonn céimnithe.

**Fíor 1** | Nollaig 2017 - Stádas na mBord Clárúcháin

## CÉIM 0 – Roimh ainmniúchán

(ag fanacht ar ainmniúchán ón Aire)

- Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí

## CÉIM 1 – Roimh bhunú

(roimh an gcéad chruinniú)

- Bithcheimiceoirí Cliniciúla
- Ortoptaigh
- Coslianna

## CÉIM 2 – Bunú

(ó Chruinniú 1 go dtí an lá a osclaítear an clár)

- Síceolaithe
- Eolaithe Míochaine
- Oibrithe Cúraim Shóisialaigh

## CÉIM 3 – Idirthréimhse

(Ón lá a dtugtar cosaint don Teideal, gnó leanúnach an Bhoird)

- Fisteiripeoirí

## CÉIM 4 – Gnó mar is gnách

(Idirthréimhse chlárúcháin do chleachtóirí reatha + 1 lá, leanúnach)

- Diaitéitigh
- Optaiméadraithe agus Radharceolaithe Dáileacháin
- Radagrafaithe agus Teiripeoirí Radaíochta
- Oibrithe Sóisialacha
- Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga
- Teiripeoirí Saothair

# Ár mBunchuspóir


D'fhreastail ár mbunchuspóir, ár bhfís agus ár luachanna go maith orainn agus sinn ar ár dturas go dtí seo agus beidh siad fós mar bhonn faoinár Ráiteas Straitéise agus faoi ghníomhaíochtaí laethúla ár ngnó.


Amhail a leagtar amach é san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú), is é an bunchuspóir atá againn:

> **"An pobal a chosaint ach oideachas gairmiúil, iompar, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a chur chun cinn i measc chláraithe na ngairmeacha ainmnithe."**

# Ár bhFís

Tá muinín ag an bpobal agus ag Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh as CORU agus as a phróisis agus a chaighdeáin rialála agus tugann siad araon aitheantas dóibh.






# Ár Luachanna

Tá sé ina aidhm ag CORU sraith luachanna a léiriú lena dtugtar bonn taca agus tacaíocht don chaoi a mbímid ag obair agus ag idirghníomhú lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Baineann tábhacht lárnach leis na luachanna seo a leanas maidir le baint amach an bhunchuspóra agus na físe atá againn:

- Bíonn ár gcinntí, ár ngníomhartha agus ár dtosaíochtaí go léir bunaithe ar an bpríomhchúram amháin atá againn, is é sin **feabhas a chur ar shábháilteacht an phobail.**
- Léirímid **ceannaireacht** inár n-earnáil trí chur chuige dearfach, ardchaighdeáin atá bunaithe ar fhianaise a ghlacadh i leith ár gcuid oibre.
- Táimid tiomanta **don chuntasacht agus don fhollasacht** inár bpróisis go léir: cinntí, iompar gairmiúil, cumarsáid agus teagmháil lenár bpáirtithe leasmhara.
- Léirímid **meas agus cothroime** agus muid i dteagmháil leis an bpobal, le gairmithe agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir.
- Léirímid **éifeachtacht agus sármhaitheas** mar eagraíocht i dtéarmaí luach ar airgead, éifeachtúlacht ár n-oibríochtaí agus rialachas.
- Léireoimid **neamhspleáchas agus ionracas** inár dteagmháil ar fad lenár bpáirtithe leasmhara.

## Ról na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Is í an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an comhlacht reachtúil atá bunaithe ag an Rialtas chun an pobal a chosaint trí chlárú reachtúil na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh atá ainmnithe in Acht 2005.

**Is é ról na Comhairle:**

- Maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar obair na mBord Clárúcháin
- Caighdeáin chleachtais a fhorfheidhmiú le haghaidh gairmithe cláraithe lena n-áirítear cóid a bhaineann le hiompar gairmiúil agus le heitic ghairmiúil
- Córas maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh a fheidhmiú do na gairmeacha cláraithe
- Cinntí a dhéanamh agus treoir a thabhairt maidir le smachtbhannaí araíonachta a ghearradh ar chláraithe
- A bheith freagrach as acmhainní a leithdháileadh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.

29 gcomhalta atá ar an gComhairle – 1 chomhalta ainmnithe amháin ó gach ceann de na 15 ghairm rialaithe mar aon le 15 chomhalta thuata. Tagann na comhaltaí tuata (daoine nach comhaltaí iad de chuid na ngairmeacha arna rialáil ag CORU) ón earnáil oideachais, ó ghrúpaí tathanta othar agus ón earnáil dheonach agus áirítear leo freisin ionadaithe de chuid eagraíochtaí na hearnála poiblí agus príobháidí a bhaineann le sláinte agus cúram sóisialach.

Is é an tAire Sláinte a cheapann an Cathaoirleach agus ní mór gur comhalta tuata den Chomhairle é nó í an té sin. Is ar bhonn deonach a fheidhmíonn gach comhalta den Chomhairle agus gach Comhalta de na Boird Chlárúcháin agus ní fhaigheann siad aon táillí. Íoctar stipinn le Cathaoirleach na Comhairle mar aon le speansais taistil i gcaitheamh na bliana. Ní íoctar táillí le haon chomhalta eile den Chomhairle, den Choiste Comhairleach ná de na Boird Chlárúcháin i leith a gcomhaltais.

Tá cúig choiste ag an gComhairle agus cuireann siad saineolas agus comhairle ar fáil don Chomhairle agus don Fheidhmeannas sna réimsí seo a leanas:

- Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas
- Airgeadas agus Cuspóirí Ginearálta
- Clárúchán
- Oideachas
- Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

## An Coiste Réamhimeachtaí

Chuir an Chomhairle an Coiste Réamhimeachtaí ar bun in Eanáir 2015. Is coiste reachtúil é a bunaíodh faoi Chuid 6 den Acht. Déanann an coiste sin athbhreithniú ar gach gearán a fhaigheann an Chomhairle maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh i gcás na ndaoine atá cláraithe.

## Ról na mBord Clárúcháin

Tá/beidh na 10 mBord Clárúcháin reatha freagrach as baill den ghairm sin a chlárú. Bíonn dhá Bhord Chlárúcháin ag rialáil dhá ghairm– bíonn radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta á rialú ag Bord Clárúcháin na Radagrafaithe, agus bíonn optaiméadraithe agus radharceolaithe dáileacháin á rialú ag Bord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta.

Baineann an sochar le leithdheighilt na bhfeidhmeanna idir an Chomhairle agus na Boird Chlárúcháin go gcinntítear, i gcás gach gairme a rialáiltear, go mbeidh comhlacht tiomanta ann a dhíríonn ar chlárú agus ar chaighdeáin oideachais na gairme sin, agus orthu sin amháin, lena bhféachtar chuige go bhfuil fáil ar shaineolas sonrach gairmiúil.


**Tá gach Bord Clárúcháin freagrach as an méid seo a leanas:**

- Clár comhaltaí na gairme sin a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna atá ábhartha don iontráil ar an gClár a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An cód iompair ghairmiúil agus eitice gairmiúla a leagan amach
- Na riachtanais maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach a leagan amach, agus
- Le faomhadh na Comhairle, fodhlíthe a chur ar bun maidir lena fheidhmeanna clárúcháin agus oideachais.


Tá 13 chomhalta dheonacha ar gach Bord. Is comhaltaí tuata den Bhord iad seachtar díobh sin (daoine nach bhfuil ag gabháil do na gairmeacha atá á rialáil) mar aon le comhalta amháin ó gach ceann de na réimsí seo a leanas: earnáil an oideachais, fostóirí poiblí agus gníomhaireachtaí príobháideacha/ deonacha, agus ceathrar comhaltaí ón bpobal lena n-áirítear grúpaí a bhíonn ag obair ar son othar; seisear comhaltaí ó na gairmeacha faoi seach a dhéanann ionadaíocht thar ceann oideoirí, bainisteoirí agus soláthraithe seirbhísí.

Nuair a bheidh na folúntais ar fad líonta, beidh 159 duine ag freastal ar an gComhairle agus ar na Boird Chlárúcháin ag CORU. Ceanglaítear ar an gComhairle agus ar gach Bord teacht le chéile ceithre huaire sa bhliain ar a laghad, ach tiocfaidh gach Bord le chéile deich n-uaire sa bhliain go hiondúil le cinntiú go ndéantar an Plean Gnó Bliantúil agus, dá réir sin, Plean Straitéiseach foriomlán na heagraíochta, a sheachadadh.

**Fíor 2** | Comhdhéanamh Boird Clárúcháin



# Struchtúr Eagraíochtúil



# Feidhmeannas CORU

**Ginny Hanrahan**
**PRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN**

- **Debbie Massey** *Ceann an Aonaid Chor-paráidigh Seirbhísí*
  - **FOLAMH** *Bainisteoir Rialachais agus Comhlíonta*
  - **Christine Kilduff** *Bainisteoir Acmhainní Daonna*
    - **Emma Cannon** *Oifigeach Feidhmiúcháin*
    - **Darragh Connolly** *Oifigeach Cléireachais*
  - **Gillian Ryan** *Bainisteoir Cumarsáide*
    - **Kevin Maguire** *Oifigeach Feidhmiúcháin*
  - **Roger McGlynn** *Bainisteoir Airgeadais*
    - **David Lamont** *Oifigeach Feidhmiúcháin*
    - **FOLAMH** *Oifigeach Cléireachais*
  - **FOLAMH** *Bainisteoir TFC*
    - **Declan Shiels** *Oifigeach Feidhmiúcháin*
    - **Sinéad O'Brien** *Oifigeach Cléireachais*
- **Margaret Hynds O'Flanagan** *Ceann Aitheantais*
  - **Gail McAuley** *Bainisteoir Aitheantais*
    - **Lee McLoughlin** *Oifigeach Feidhmiúcháin*
    - **Laura McNamee** *Oifigeach Cléireachais*
    - **Paul O'Dwyer** *Oifigeach Cléireachais*
- **Caoimhe Marshall** *Bainisteoir Rúnaíochta*
  - **Rachel Maher** *Oifigeach Cléireachais*
- **Claire Millrine** *Ceann an Aonaid Dlí & FtP*
  - **Majella Walsh** *Bainisteoir Éisteachtaí*
    - **Kathryn Gilligan** *Oifigeach Feidhmiúcháin*
  - **Sara Van den Bergh** *Bainisteoir PPC*
    - **Catríona McGrath** *Oifigeach Feidhmiúcháin*
    - **Maria Mahon** *Oifigeach Feidhmiúcháin*
    - **Rosha Canavan** *Oifigeach Feidhmiúcháin*
    - **Kieron Hogan** *Oifigeach Cléireachais*
  - **Bridget Rouse** (AU) *Bainisteoir Dlí*
    - **Aoife McPartland** *Oifigeach Feidhmiúcháin*
- **Colm O'Leary** *Ceann Clárúcháin*
  - **Orla Brennan** *Bainisteoir Clárúcháin*
    - **Zivas Fitzgerald** *Oifigeach Feidhmiúcháin*
    - **Bernice Mallon Murphy** *Oifigeach Feidhmiúcháin*
    - **Bernadette Day** *Oifigeach Feidhmiúcháin*
    - **Shane Mannion** *Oifigeach Cléireachais*
    - **Rachel Meade** *Oifigeach Cléireachais*
    - **John Hempenstall** *Oifigeach Cléireachais*
    - **Colum Kelly** *Oifigeach Cléireachais*
    - **Cian Dolan** *Oifigeach Cléireachais*
    - **Keeley Mansfield** *Oifigeach Cléireachais*
- **Aoife Sweeney** *Ceann Oideachais*
  - **FOLAMH** *Bainisteoir Beartais Oideachais agus Caighdeán*
    - **Anne Dunne** *Oifigeach Feidhmiúcháin*
    - **FOLAMH** *Oifigeach Cléireachais*
  - **Catherine Byrne** *Bainisteoir PPS*
  - **Marion Christiansen** *Bainisteoir Caighdeáin Oideachais*
    - **Thomas Allen** *Oifigeach Feidhmiúcháin*
    - **Carol Kellegher** *Oifigeach Cléireachais*

- Foireann Bainistíochta Shinsearach (6)
- Foireann Bainistíochta Oibríochtúil (14)
- Oifigeach Feidhmiúcháin Grád (15) Cléireachais
- Oifigeach Grád (15)

# **CORU** Súil siar ar an mBliain

## CORU: Súil siar ar an mBliain

Osclaíodh **9** gClár

Bunaíodh **3** Bhord (ag obair i dtreo an Clár a oscailt)

**3** Bhord le ceapadh

Líon na gCláraithe


2016: **9,200**

2017: **12,575**

## Méadú ar Chlárú (ó 2017)

- **4%** Oibrithe Sóisialta
- **10%** Radagrafaithe agus Teiripeoirí Radaíochta
- **282%** Teiripeoirí Saothair
- **100%** Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga
- **58%** Diaitéitigh
- **2%** Optaiméadraithe
- **3%** Radharceolaithe Dáileacháin

## Miondealú ar Inscne de réir Gairme




**Cothromaíocht Inscne i ngach Gairm Shláinte a chláraítear le CORU**

**86%** Baineann
**14%** Fireann



## Aitheantas

**589** Iarratas maidir le hAithint Cáilíochtaí Idirnáisiúnta

Tairgeadh **69** Beart Cúitimh d'Iarratasóirí Idirnáisiúnta

# 2017

## An Chomhairle agus Boird

**2** **Fheachtas Toghcháin** maidir le toghadh ball boird

**6** **Choiste** comhairle

**144** ball ar an gComhairle agus ar Bhoird Clárúcháin

**29** ball NUA ar an gComhairle agus ar Bhoird Clárúcháin

## Oideachas

**5** **Chlár Cheadaithe**

**Rinneadh 17** **mBeart Ceadaithe agus Monatóireachta**

## Cumarsáid

http://www.coru.ie

**334,011** **Cuairteoir Uathúil**

**76%** ó Éirinn

**24%** ón gcoigríoch

Méadú **14.5%** ar líon na gcuairteoirí ó 2016

**81,736** rochtain ar an leathanach **'Cuardaigh an Clár'**

**Nuachtlitir Sheachtrach Ráithiúil**
**3,500** síntiúsóir

**11** **ócáid bhronnta** do Chláraithe

**16** **Chomhairliúchán Phoiblí**

## Dlí

**Ghlac an Chomhairle 17 bhfodhlí**

Fuarthas **33** **gearán** maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

Próiseáladh **51** **Comhad Forfheidhmithe**

**1** **Ionchúiseamh** de bhun Alt 81(b)

## Acmhainní Daonna

**Foireann 45 duine**

# Buaicphointí Straitéise agus Príomhghníomhaíochtaí 2017

## Tomhas in aghaidh Ráiteas Straitéise 2017-2021

Shaothraigh an Chomhairle i rith 2017 chun na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach sa tríú Ráiteas Straitéise, 2013-2016, a bhaint amach.

Chuir straitéis 2017-2021 leis an mbunobair a rinneadh leis an chéad dá straitéis don eagraíocht do na tréimhsí 2010-2012 agus 2013-2016. Tá sé mar aidhm ag an straitéis cúig bliana seo forbairt a dhéanamh ar ar baineadh amach de dhroim na straitéisí a tháinig roimhe seo. Tá cúig cinn de phríomhchuspóirí straitéiseacha leagtha amach againn do na chéad chúig bliana eile atá amach romhainn. Má tá téama leis an straitéis is é “a bhfuil tosaithe againn a thabhairt chun críche”. ár riachtanais reachtúla a chomhlíonadh agus leanúint de mhúnla inbhuanaithe rialála a thógáil agus ár dtéarmaí tagartha a chomhlíonadh dá réir sin.

Sa tréimhse cúig bliana seo leanfar d’éachtaí nua a dhéanamh, ach is é an rud is suntasaí a dhéanfar ná scála gníomhaíochta nua a thabhairt isteach leis na boird chlárúcháin nua á gcur chun feidhme againn agus cláir nua á n-oscailt do na gairmeacha dá bhfuil siad fós ag teastáil.

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo tuairiscímid don chéad uair in aghaidh Ráiteas Straitéise 2017-2021.



## Cuspóir Straitéiseach 1

### Ár riachtanais reachtúla reatha a sheachadadh

Is féidir le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a ngairm a chleachtadh in Éirinn agus a riachtanais rialála reachtúla a chomhlíonadh ach iad a bheith ar Chlár CORU. Tá CORU freagrach as gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a chlárú agus is é sin is bonn lenár gcuid oibre ar fad i dtaobh na gairmeacha a rialáil ar mhaithe leis an bpobal a chosaint.

Fágann an clárú gur féidir le húsáideoirí seirbhíse muinín a bheith acu go bhfuil fíorú neamhspleách déanta ar an seasamh atá ag gairmí agus ar na cáilíochtaí atá bainte amach aige nó aici. Baineann gairmithe tairbhe as an gcosaint a thugtar dá dteideal gairmiúil, agus tacaítear leo trí Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice.

Tháinig méadú eile ar an líon gairmithe a bhí cláraithe le CORU i rith 2017. Sa tábla seo a leanas, leagtar amach an líon cláraithe i ngach gairm ag deireadh mhí na Nollag 2017 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2015 agus in 2016.

Tháinig méadú eile ar an líon gairmithe a bhí cláraithe le CORU i rith 2017.

**Fíor 3** | Cláraithe 2015, 2016, 2017

| Gairm | Cláraithe 2015 | Cláraithe 2016 | Cláraithe 2017 |
|---|---|---|---|
| Oibrithe Sóisialacha | 3,928 | 4,069 | 4,237 |
| Radagrafaithe / Teiripeoirí Radaíochta | 1,589 | 2,184 | 2,413 |
| Diaitéitigh | 126 | 546 | 865 |
| Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga | 140 | 844 | 1,684 |
| Teiripeoirí Saothair | 128 | 586 | 2,237 |
| Optaiméadraithe | 787 | 793* | 805* |
| Radharceolaithe Dáileacháin | 188 | 179 | 185 |
| Fisiteiripeoirí | n/b | n/b | 148 |
| **Iomlán** | **6,886** | **9,201*** | **12,575** |

*Cuimsítear ann optaiméadraí amháin ar cuairt ó LEE

Gach bliain, ní mór do gach gairmí atá cláraithe an clárúchán a athnuachan agus táille choinneála bhliantúil a íoc. I rith na bliana, d'ordaigh an Chomhairle do na Boird Chlárúcháin 83 duine a bhaint den Chlár toisc nach ndearna siad a gclárúchán a athnuachan laistigh den am riachtanach tar éis don Chomhairle fógra a thabhairt dóibh ina leith sin níos mó ná aon uair amháin. Bhain 159 duine a n-ainm féin den Chlár go deonach.

In 2017, tháinig deireadh leis an idirthréimhse dhá bhliain do Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair agus cuireadh tús leis an gcosaint dhlíthiúil don teideal gairme sin.

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na Síceolaithe. Tá tús curtha ag an mBord lena obair chun ullmhú d'oscailt an Chláir do Shíceolaithe, agus cuirfear béim ar leith ar na Fodhlíthe a ullmhú le gur féidir an Clár a oscailt.

Rinneadh dul chun cinn mór in 2017 freisin maidir le ceadú roinnt Fodhlíthe ag na Boird Chlárúcháin ag an gComhairle. Féach leathanach 19 ina bhfuil achoimre ar dhul chun cinn na bhFodhlíthe.

I rith 2017, cheadaigh CORU 5 Chlár Oideachais agus rinneadh gníomhaíochtaí monatóireachta le haghaidh 8 gclár. Tá sonraí le fáil i dtuarascáil na mBord Clárúcháin faoi seach ar an dul chun cinn a rinneadh in 2017 maidir le ceadú na gcúrsaí oideachais éagsúla do na gairmeacha rialaithe agus monatóireacht ar na cúrsaí sin.

Nuair a osclaíonn gach Bord Clárúcháin a Chlár, i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm, is é an Bord Clárúcháin sin an tÚdarás Inniúil don ghairm. Ní mór do gach Bord iarratais a bhreithniú chun cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint. Tá an t-aitheantas sin ina réamhriachtanas clárúcháin do dhaoine a bhfuil cáilíochtaí idirnáisiúnta acu. Éascaíonn an tAonad Aitheantais ag CORU obair gach Údaráis Inniúil. In 2017 tháinig méadú mór ar líon na n-iarratas ar aitheantas do cháilíochtaí idirnáisiúnta a fuarthas. Fuarthas 589 iarratas ar aitheantas agus rinne an Bord Clárúcháin ábhartha cinneadh i leith 551 de na hiarratais sin.

### **Fíor 4** | Staitisticí Aitheantais amhail ar an 31 Nollaig 2017

Líon na n-iarratas a fuarthas agus na gcinntí a rinne na Boird Chlárúcháin (Údaráis Inniúla) i leith iarratais ar aitheantas do cháilíochtaí idirnáisiúnta.

#### Iarratais

| Gairm | OS | Rad | TR | Diet | TS | TUT | Opt | Radh D | Fis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iarratais a fuarthas | 78 | 176 | 13 | 39 | 90 | 32 | 20 | 17 | 124 | 589 |

#### Cinntí

| Gairm | OS | Rad | TR | Dieit | TS | TUT | Opt | Radh D | Fis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon aitheanta | 50 | 148 | 9 | 41 | 83 | 16 | 17 | 14 | 63 | 441 |
| Aitheanta tar éis beart cúitimh | 5 | 4 | 0 | 0 | 0 | 10 | 0 | 0 | 2 | 21 |
| Líon na mBeart Cúitimh | 18 | 9 | 1 | 3 | 2 | 18 | 4 | 2 | 13 | 70 |
| Líon a diúltaíodh | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 16 | 19 |

(Nóta, féadann cinntí agus tréimhsí beart cúitimh trasnú ó bhliain amháin go bliain eile)

**Fíor 5** | Fodhlíthe in 2017

| FODHLÍTHE IN 2017 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **An Chomhairle/ Bord Clárúcháin agus Fodhlí** | Fodhlí ceadaithe le haghaidh comhairliúcháin ag an mBord | Próiseas Comhairliúcháin don Fhodhlí | Fodhlí ceadaithe tar éis comhairliúcháin | Fodhlí ceadaithe ag an gComhairle | Fodhlí arna dhéanamh ag an mBord |
| **AN CHOMHAIRLE** | | | | | |
| Scéim Aoisliúntais Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2017 (I.R. Uimhir 83 de 2017) | n/b | n/b | n/b | n/b | Arna dhéanamh ag an gComhairle |
| **BORD CLÁRÚCHÁIN NA DTEIRIPEOIRÍ URLABHRA AGUS TEANGA** | | | | | |
| An Fodhlí um Chritéir maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú, 2017 (I.R. Uimhir 84 de 2017) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Fodhlí um Chritéir maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh, 2017 (I.R.. Uimhir 85 de 2017) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **BORD CLÁRÚCHÁIN NA NOIBRITHE SÓISIALACHA** | | | | | |
| An Fodhlí um Chritéir maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú, 2017 (I.R. Uimhir 103 de 2017) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Fodhlí um Chritéir maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh, 2017 (I.R. Uimhir 104 de 2017) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **BORD CLÁRÚCHÁIN NA NGAIRMITHE RADHARCEOLAÍOCHTA** | | | | | |
| An Fodhlí um Chritéir maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh, 2017 (I.R. Uimhir 105 de 2017) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Fodhlí um Chritéir maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú, 2017 (I.R. Uimhir 106 de 2017) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Fodhlí um Chomhaltaí a Thoghadh lena gCeapadh ar Bhord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta, 2017 (I.R. Uimhir 438 de 2017) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **BORD CLÁRÚCHÁIN NA RADAGRAFAITHE** | | | | | |
| An Fodhlí um Chritéir maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh, 2017 (I.R. Uimhir 132 de 2017) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Fodhlí um Chritéir maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú, 2017 (I.R. Uimhir 133 de 2017) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **BORD CLÁRÚCHÁIN NA NDIATÉITEACH** | | | | | |
| An Fodhlí um Chritéir maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh, 2017 (I.R. Uimhir 137 de 2017) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Fodhlí um Chritéir maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú, 2017 (I.R. Uimhir 138 de 2017) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Fodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe 2017 (I.R. Uimhir 552 de 2017) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **BORD CLÁRÚCHÁIN NA DTEIRIPEOIRÍ SAOTHAIR** | | | | | |
| An Fodhlí um Chritéir maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh, 2017 (I.R. Uimhir 152 de 2017) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Fodhlí um Chritéir maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú, 2017 (I.R. Uimhir 153 de 2017) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **BORD CLÁRÚCHÁIN NA BHFISITEIRIPEOIRÍ** | | | | | |
| An Fodhlí um Chritéir maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh, 2017 (I.R. Uimhir 183 de 2017) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Fodhlí um Chritéir maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú, 2017 (I.R. Uimhir 184 de 2017) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

## Cuspóir Straitéiseach 2

**Torthaí rialála atá mar spriocanna againn a sheachadadh le Múnla Rialála inbhuanaithe**

Chuir an Chomhairle an cuspóir straitéiseach seo sa straitéis cúig bliana arna iarraidh sin ag an Aire Sláinte, a bhfuil treoracha sonracha tugtha anois aige don Chomhairle an struchtúr reatha mar atá sé leagtha amach san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005 (arna leasú) a bhreithniú, agus tuarascáil agus moltaí a thabhairt ina leagtar amach a tuairim faoi mhúnla rialála inbhuanaithe don todhchaí. Is tionscadal mór é seo agus ar feadh 2017 bhí sé faoi stiúir Chathaoirleach na Comhairle, ag obair le fochoiste de chomhaltaí na Comhairle. Meastar go gcuirfear an chéad chéim eile den obair seo ar siúl in 2018.

> In 2017 tháinig méadú mór ar ghníomhaíochtaí a bhain le cumarsáidí ag CORU.

## Cuspóir Straitéiseach 3

**Ár gcumarsáidí a bheith níos soiléire**

In 2017 tháinig méadú mór ar ghníomhaíochtaí a bhain le cumarsáidí ag CORU. Faoi mar a gealladh sa Straitéis nua tá tús curtha againn le próiseas feasacht an phobail ar CORU a ardú agus feiceálacht CORU ar thírdhreach Rialála na hÉireann a bhunú go daingean.

I Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair socraíodh agus seachadadh 11 Chruinniú Eolais le haghaidh cláraithe do na ghairmeacha ar fad i gCorcaigh, Luimneach, Gaillimh, Sligeach agus i mBaile Átha Cliath agus tinreamh iomlán cláraithe d'fhormhór na gcruinnithe roimh ré.

Thionscain CORU Feachtas Faisnéise Poiblí maidir le Tadhall-líonsaí Áiféise Samhna i mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair agus theagmhaigh le 980,000 duine ar líne agus trí na meáin chlóite.

Rinneamar bliain 1 d'Fheachtas Faisnéise Poiblí CORU agus mar chuid de tháirgeamar agus dháileamar bileog faisnéise ar 2,000 Dochtúir Teaghlaigh agus 1,100 Altra Cleachtais. Meastar go mbaintear amach 1.2 milliún duine in aghaidh na míosa leis na bileoga seo. Leanfar den chéad chéim suas go hAibreán 2018.

In 2017 chlúdaigh 16 nuachtán réigiúnacha agus stáisiún raidió giotaí nuachta/eolais maidir le ról CORU agus conas teagmháil le CORU. Baineadh amach 100,000 duine ar an iomlán leis na meáin chlóite agus an raidió.

Ar deireadh, go luath i mí na Nollag 2017, tháirgeamar feachtas fógraíochta faisnéise poiblí raidió do stáisiúin raidió náisiúnta agus réigiúnacha agus chríochnaíomar an próiseas soláthair agus tairisceana do Shuíomh Gréasáin nua CORU.

## Cuspóir Straitéiseach 4

### Ár bhfócas a choimeád ar dhea-chleachtais rialachais

In 2017 rinneadh iarracht mhór a chinntiú go bhfuil CORU de réir sprice maidir le (a) Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus (b) Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, (Rialacháin an AE le teacht i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018) a chomhlíonadh go hiomlán.

Rinneamar Anailís ar Bhearna Rialachais Chorparáidigh maidir le riachtanais nua an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus d'aithníomar roinnt riachtanais nua a chaithfear a chomhlíonadh chomh maith le roinnt réimsí a gcaithfear feabhas a chur orthu.

Thionscain an Chomhairle agus an Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas athbhreithniú iomlán ar Chód Cleachtais Rialachais Chorparáidigh CORU agus sholáthair an tIniúchóir Inmheánach tuarascáil ina bhfuil cuntas ar réimsí ar cheart don Chomhairle iad a athbhreithniú. Tá sé beartaithe an Cód Cleachtais Rialachais Chorparáidigh leasaithe agus nuashonraithe a chur os comhair na Comhairle in 2018 lena athbhreithniú agus a cheadú.

D'earcaíomar saineolaithe seachtracha chun a aithint cad iad na réimsí ina bhfuil CORU suite go maith i gcomhthéacs Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí AE a chomhlíonadh, rialacháin a thiocfaidh i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018. Ón anailís ar bhearna a táirgeadh, d'fhorbraíomar plean oibre cuimsitheach atá le cur i bhfeidhm ag CORU sula dtiocfaidh na Rialacháin nua i bhfeidhm. Tá an obair feidhmithe seo ar siúl go leanúnach agus de réir sprice.

Rinne an Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas athbhreithniú freisin ar an bPróiseas Bainistithe Riosca agus ag eascairt as an obair seo athbhreithneoidh agus nuashonróidh CORU an Beartas Bainistithe Riosca chun an Cód Cleachtais a chomhlíonadh agus cuirfidh chun feidhme freisin Clár Riosca agus Córas Bainistithe Riosca uathoibríoch go luath in 2018.

Ba iad seo a leanas na iniúchóireachtaí inmheánacha a rinneadh faoi threoir ón gCoiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas in 2017:

- Anailís ar Bhearna – An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).
- Athbhreithniú ar an bPróiseas Bainistithe Riosca.
- Athbhreithniú ar an bPróiseas Gearáin.
- Athbhreithniú ar Fhaomhadh agus Monatóireacht na gClár Oideachais.
- Athbhreithniú ar Rialúcháin Airgeadais.

Athbhreithniú leantach ar chinntí agus moltaí thuarascálacha na n-iniúchóireachtaí inmheánacha (2015 agus 2016)

Ina theannta sin, tharla athbhreithniú iniúchóireachta inmheánach ar phárolla agus cuntais is iníoctha i Márta 2017 - Iúil 2017.

Cheadaigh an Chomhairle foilsiú Mhiontuairiscí na Comhairle a tosaíodh in 2018.

## Cuspóir Straitéiseach 5

**Mianach tallainne agus eolais a mhealladh, a choimeád agus a fhorbairt.**

Is daoine iad na hionadaithe ar Chomhairle CORU agus ar na Boird Chlárúcháin a thagann ó chúlraí agus disciplíní éagsúla. Fágann sé sin go mbíonn éagsúlacht ar leith ag baint leis na cinntí agus na bearta a dhéanaimid agus ag na tosaíochtaí a bhíonn againn agus muid ag obair ar mhaithe le leas an phobail. Is comhaltaí tuata iad formhór chomhaltaí na Comhairle agus chomhaltaí na mBord Clárúcháin araon, a thagann ón earnáil oideachais, ó ghrúpaí tathanta othar agus ón earnáil dheonach, agus a n-áirítear leo freisin ionadaithe de chuid eagraíochtaí na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí a bhíonn ag plé le sláinte agus cúram sóisialach.

Chun obair thábhachtach na n-oibrithe seo a éascú agus chun cabhrú leo leanamar d’infheistiú in oiliúint a sholáthar do gach comhalta den Chomhairle agus den Bhord Clárúcháin i rith 2017 mar seo:

| Ábhar | Spriocghrúpa | Dáta |
|---|---|---|
| **DLÍ/FTP** | | |
| An Coiste Achomharc | Boird Chlárúcháin | Eanáir |
| Fionraí Láithreach | An Chomhairle | Márta |
| Oiliúint do Chathaoirligh | Cathaoirleach Comhairle/Bord Clárúcháin/Coistí | Bealtaine |
| Lá Ionduchtaithe | Comhaltaí nua na Comhairle/Bord Clárúcháin/Coistí | Iúil |
| Coiste Fiosrúcháin | Coiste Fiosrúcháin | Iúil |
| PPC | An Coiste Réamhimeachtaí | Iúil |
| Oiliúint Smachtbhannaí | Comhairle/Bord Clárúcháin/Coistí Fiosrúchán | Iúil |
| An Coiste Achomharc | An Coiste Achomharc | Iúil |
| Oiliúint Smachtbhannaí | Comhairle/Bord Clárúcháin/Coistí Fiosrúchán | Meán Fómhair |
| An Coiste Achomharc | An Coiste Achomharc agus Boird Chlárúcháin | Samhain |
| Comhaltaí Comhairle | Dioplóma sa Rialáil Ghairmiúil | ar fud |
| **OIDEACHAS** | | |
| Imeacht Fócasghrúpa | Ionadaithe Leasa Pobail | 25 Bealtaine 2017 |
| Oiliúint | Ionadaithe Leasa Pobail | 20 Bealtaine 2017 |
| Oiliúint d’Athbhreithneoirí Oideachais | Baill na Foirne Athbhreithniúcháin | 12 Iúil 2017 |
| Oiliúint do Chathaoirleach na Foirne Athbhreithniúcháin | Cathaoirligh (Foirne Athbhreithniúcháin) | Iúil - Lúnasa 2017 |
| Próisis Faofa agus Monatóireachta do na Boird Chlárúcháin | Boird Chlárúcháin (SWRB, DRB, ORB) | 25 Deireadh Fómhair 2017 |
| Próiseas Faofa agus Monatóireachta - Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha | Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha | 11 Nollaig 2017 |
| **AITHEANTAS** | | |
| Monatóireacht agus Ról an Údaráis Inniúil | Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine | 30 Samhain 2013 |
| Oiliúint Measúnóirí | Measúnóirí Aitheantais do na Boird ar fad | 4 Nollaig |
| **RÚNAÍOCHT** | | |
| Oiliúint Rialachais | Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí | 22-Samh |
| Ionduchtú | Bord Clárúcháin na Síceolaithe | 19 Meán Fómhair |
| Ionduchtuithe aonair do chomhaltaí nua Comhairle agus Boird | An Chomhairle agus Boird Clárúcháin éagsúla | Thart ar 12 ionduchtú ar leith i gcaitheamh na bliana |

In ainneoin an fhoireann a bheith laghdaithe agus in éagmais Bainisteoir Acmhainní Daonna ar feadh ceithre mhí, d'éirigh leis an bhfoireann an clár foghlama agus forbartha eagraíochtúla a sheoladh ar fud na heagraíochta. Imríonn sé seo tionchar nach beag ar fheidhmíocht na heagraíochta a fheabhsú.

D'oibrigh an fhoireann Acmhainní Daonna le páirtithe leasmhara inmheánacha chun príomhchláir foghlama agus forbartha a aithint i réimsí straitéise agus ina dhiaidh sin tugadh oiliúint do bhaill foirne sna réimsí seo a leanas: Ceannaireacht, breacadh miontuairiscí, oiliúint bhfeidhmchláir idirmheánacha agus in ard-fheidhmchláir Microsoft, sábháilteacht ar dhóiteán, Bainistíocht Acmhainní Daonna, Rialachán Gairmiúil, Cumarsáid, Seirbhís do Chustaiméirí agus Soláthar.

Lean an Grúpa Folláine, a bunaíodh i mí Mheán Fómhair 2016, dá shárobair leis na tionscnaimh seo a leanas:

- Tugadh isteach Boscaí Torthaí bunaithe ar ionracas san oifig i mí Eanáir;
- Scrúduithe Sláinte don fhoireann ar fad ó Fhoras Croí na hÉireann;
- An dúshlán 10,000 céim sa lá inar cuireadh na baill i bhfoirne de cheathrar agus bhí comórtas eatarthu cé acu díobh a thug an méid ba mhó céimeanna i mí Bhealtaine;
- Siúlóid cois aille ó Bhré go dtí na Clocha Liatha i mí an Mheithimh;
- Tiomsú an "CORU Cookbook" ina bhfuil oidis shláintiúla a thug ár mbaill foirne;
- Vacsaíniú in aghaidh an fhliú a shocrú do gach ball foirne.
- Bhailigh foireann CORU €362 mar charthanacht agus thug d'fheachtas "Giving Tree" Chumann Naoimh Uinsionn de Pól.

45 ball foirne a bhí ag CORU ag deireadh 2017. Bhí ráta laghdaithe na foirne suntasach, cé go raibh sé mórán mar an gcéanna leis na leibhéil ar fud na hearnála poiblí, go háirithe sa dara leath den bhliain.

Is foireann an-tiomanta atá ag CORU, agus d'éirigh leo an méid a iarradh orthu a chur i gcrích i rith na bliana agus go háirithe le linn tréimhsí nach raibh acmhainní go leor aige. Bímid seasta ar ár ndícheall ag triail ár bpróisis ghnó a fheabhsú chun cur leis an éifeachtúlacht, agus tá feabhas leanúnach cáilíochta ina chur chuige caighdeánach againn.

> Is daoine iad na hionadaithe ar Chomhairle CORU agus ar na Boird Chlárúcháin a thagann ó chúlraí agus disciplíní éagsúla. Fágann sé sin go mbíonn éagsúlacht ar leith ag baint leis na cinntí agus na bearta a dhéanaimid agus ag na tosaíochtaí a bhíonn againn agus muid ag obair ar mhaithe le leas an phobail.



# Seirbhísí Corparáideacha

In 2017 lean na Seirbhísí Corparáideacha de na réimsí tábhachtacha Airgeadas, Acmhainní Daonna, TFC, Cumarsáid, Rialachas Corparáideach agus Iniúchóireacht Inmheánach a bhainistiú d'fhonn tacú leis an gComhairle agus leis na Boird Chlárúcháin agus go háirithe le hobair ár gcomhghleacaithe sna réimsí tábhachtacha Clárú, Aitheantas, Oideachas, Gnóthaí Dlí agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh. Bíonn na réimsí feidhme sin ag obair leis na Boird Chlárúcháin de réir plean oibre bliantúil comhaontaithe chun cabhrú leo a sainordú reachtach a chomhlíonadh.

## Bogadh Oifige

Ar feadh 2017 seachadadh clár oibre fairsing chun ullmhú don oifig a bhogadh. D'oibríomar go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí ar mhionsonraí fheistiú oifigí nua nua-aimseartha CORU, ina bhfanfaimid go ceann 25 bliain ar a laghad. Chomhlíon CORU gach riachtanas in am rud a chumasaigh dul chun cinn réidh le feistiú an dara agus an cúigiú urlár san Infinity Building i Margadh na Feirme. Ciallaíonn seo freisin nár tabhaíodh aon chostais bhreise agus go bhfuilimid fós de réir sprice chun an tionscadal a sheachadadh laistigh den bhuiséad.

## Airgeadas

Chomhlíon CORU a oibleagáidí airgeadais ar fad i rith na bliana. Trí phleanáil buiséid agus réamhaisnéis i ndáil le caiteachais, d'éirigh linn bainistíocht shlán a dhéanamh ar an gcaiteachas i gcoinne na n-acmhainní a raibh sé beartaithe fáil a bheith orthu. Bhí an Fhoireann Airgeadais ag obair leis an gCoiste Airgeadais agus leis an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais den Chomhairle lena chinntiú go raibh an Chomhairle go hiomlán ar an eolas i rith na bliana.

Tá caidreamh oibre den chéad scoth ag an bhfoireann le hoifigigh sa Roinn Sláinte. Cuireann an Roinn na hacmhainní ar fáil do CORU chun an sainordú neamhspleách atá tugtha dó a chomhlíonadh.

Tá mionsonraí na nIniúchóireachtaí Inmheánacha a rinneadh i rith na bliana le fáil inár dtuarascáil in aghaidh cuspóirí straitéiseacha ar leathanach 16.

Cuirfear cuntais bhliantúla 2016 CORU faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhréir leis na scálaí ama atá leagtha amach san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005. Cheadaigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais seo, gan aon ábhar le haird a tharraingt air i mí na Nollag. Féadfaidh CORU anois Ráitis Airgeadais 2016 a fhoilsiú.

### Ráitis Airgeadais 2017 - Buaicphointí

Tá cuntais CORU 2017 á n-ullmhú faoi chaighdeáin chuntasaíochta na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe, FRS 102. Faoi FRS 102, sainmhínítear CORU mar eintiteas leasa phoiblí toisc go soláthraíonn CORU seirbhísí don phobal gan aon toradh airgeadais a thabhairt don soláthraí gnáthscaireanna (i.e. an tAire Sláinte). Cuirfear cuntais 2017 CORU faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh agus foilseofar iad ag deireadh an phróisis sin. Idir an dá linn is féidir roinnt eolais ghinearálta airgeadais a thabhairt.

### Ioncam

Méadaíodh an t-ioncam ón Státchiste agus ó chláraitheoirí in 2017 21% agus 48% faoi seach. Tá an t-ioncam foriomlán don bhliain suas €1m (thart air) ó 2016 de bharr maoiniú méadaithe ón Státchiste agus ioncam níos mó ó clárúcháin (aitheantas san áireamh).

### Caiteachas

Bhí méadú 24% ar chaiteachas foriomlán i gcomparáid le leibhéil 2016. Ba iad na príomhchúiseanna leis an méadú ar chaiteachas in 2017 ná: tuarastail na foirne (de bharr méadú ar cheadú foirne agus aisiriú pá) costais chóiríochta, costais dlí, costais TF agus costais bhreise le haghaidh cruinnithe Boird agus Coistí.

## Acmhainní Daonna

Tacaíonn an Fhoireann Acmhainní Daonna le caidreamh fostaithe, forbairt beartais, earcú agus roghnú, cúiteamh (párolla, pinsin agus sochair eile), bainistiú feidhmíochta agus forbairt eagraíochtúil agus tallainne.

Is féidir teacht ar roinnt sonraí maidir le gníomhaíochtaí acmhainní daonna 2017 ar leathanach 23.

Leanadh leis an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe i rith na bliana. Is seirbhís tacaíochta faoi rún atá ann d'fhostaithe ar fad CORU agus dá dteaghlach.

Ag deireadh 2017, bhí 45 fostaí lánaimseartha ag CORU agus 2 fholúntas le líonadh.

## Seirbhísí Dlí

In 2017 lean an tAonad Gnóthaí Dlí de chomhairle agus cúnamh a thabhairt d'aonaid feidhme eile laistigh de CORU, agus do Bhoird Chlárúcháin agus don Chomhairle faoi mar ba ghá.

Cheadaigh an Chomhairle 17 bhFodhlí a dhéanamh in 2017.

## Achomhairc

D'éist an Coiste Achomharc dhá achomharc Clárúcháin agus ocht n-achomharc Aitheantais in 2017.

## Gearáin

Fuair CORU 33 gearán nua maidir le hábhar a bhain le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh in 2017. As na gearáin a fuair CORU in 2016, lean 13 díobh isteach in 2017.

## Forfheidhmiú

D'ionchúisigh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh go rathúil cuideachta amháin i gceangal le sáruithe ar Alt 81B den Acht Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005 in 2017. Cuireadh ciontuithe ar an taifead agus gearradh fíneáil.

I gcás eile, tosaíodh ar ionchúiseamh ach tarraingíodh siar é ní ba dhéanaí ar bhonn gealltanais i scríbhinn a fuarthas ón gcosantóir.

D'oscail an Fhoireann Forfheidhmiúcháin 51 chomhad ar an iomlán in 2017, agus bhain na comhaid le feidhmeanna forfheidhmiúcháin na Comhairle faoin Acht. Seo i gcomparáid le 22 a osclaíodh in 2016.

## Sláinte agus Sábháilteacht

In 2017, chomhlíon CORU an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus na Rialacháin faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta), 2007. Chloíomar leis na beartais agus leis na nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta agus chuireamar ar fáil oiliúint oiriúnach, cláir feasachta ar an tsábháilteacht agus trealamh cosanta pearsanta.

## Saoráil Faisnéise

Ceadaítear faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 rochtain ar fhaisnéis atá i seilbh CORU nach mbíonn fáil uirthi trí fhoinsí eile de ghnáth. Freagraíodh do na hiarratais a fuaireamar in 2017 go cuí agus rinneadh iad a bhainistiú de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 2007 agus 2013. Fuaireamar 6 iarratas amháin um Shaoráil Faisnéise in 2017, agus glacadh le cuid acu, glacadh i bpáirt le cuid acu agus diúltaíodh cuid acu bunaithe ar an bhfaisnéis a iarradh.

## Cosaint Sonraí

Tá CORU cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí de réir an Achta um Chosaint Sonraí, 1988 agus an Achta um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003. Tar éis anailís ar bhearnaí ar ár stádas maidir leis na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí a thiocfaidh i bhfeidhm ag leibhéal an AE ar an 25 Bealtaine 2018, thosaigh CORU ar phlean feidhmithe a sheachadadh chun a chinntiú go gcomhlíonfar na Rialacháin.

## Nochtuithe Cosanta

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá de cheangal ar CORU, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú ina dtugtar sonraí ar an líon nochtuithe cosanta a rinneadh an bhliain roimhe agus an gníomh (más ann) a rinneadh mar fhreagra ar na nochtuithe cosanta sin.

Fuair CORU seacht n-atreorú forfheidhmiúcháin in 2017 agus caitheadh leo mar Nochtuithe Cosanta laistigh de bhrí an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014. I ngach cás rinneadh imscrúdú de réir Phróiseas Forfheidhmiúcháin na Comhairle. I gcás dhá nochtú cosanta eile a bhain le hábhair forfheidhmiúcháin féideartha, níor nochtadh aon chion ar leith agus ní dhearnadh aon ghníomh breise.

Caitheadh le faisnéis a fuair CORU in 2017 a bhain le trí chás feidhmiúlacht chun cleachtadh mar Nochtuithe Cosanta. Tráth a scríofa seo tá fiosrúchán ar siúl os comhair Coiste Réamhimeachtaí maidir leis na trí cinn díobh.

## Caidreamh leis na Nuachtáin agus leis na Meáin

Rinne iriseoirí agus grúpaí meáin éagsúla teagmháil rialta linn i rith na bliana maidir leis an obair a dhéanaimid i gcáil rialtóra agus maidir leis an bpróiseas clárúcháin. Bímid ag obair chun a chinntiú go gcuirtear teachtaireacht CORU ar shúile an phobail ar bhealach comhsheasmhach soiléir.

In 2017 chlúdaigh 16 nuachtán réigiúnacha agus stáisiún raidió giotaí nuachta/eolais maidir le ról CORU agus conas teagmháil le CORU. Baineadh amach 100,000 duine ar an iomlán leis na meáin chlóite agus an raidió.

## Cumarsáid inmheánach

In 2017 chuireamar tús le hInlíon CORU. Is é seo anois pointe fócais fhoireann uile CORU chun a chinntiú go bhfuil gach duine suas chun dáta maidir leis na forbairtí is déanaí agus go bhfuil rochtain acu ar na beartais agus na nósanna imeachta ábhartha a chabhróidh leo ina gcuid oibre.

## Cumarsáid ar Líne / Láithreán Gréasáin

Leanamar d'fheabhsúcháin a dhéanamh ar ár láithreán gréasáin, agus d'fhéach líon iomlán de 334,011 cuairteoir aonair ar an láithreán gréasáin in 2017. Is méadú 14.5% é sin ar an líon cuairteoirí in 2016. Astu sin, cuairteoirí nua ar an láithreán gréasáin ab ea 63% díobh, agus bhí 37% díobh ag filleadh ar an láithreán gréasáin arís. As Éirinn do thromlach na gcuairteoirí (76%), agus ó thíortha eile an 24% eile. Bhí aitheantas do cháilíochtaí idirnáisiúnta ar cheann de na topaicí ábhair ba mhó tóir. Maidir le hábhar, bhain na leathanaigh mhóréilimh eile le clárú, agus bhí tóir ar leith ar na céimeanna le clárú agus le hathnuachan ar líne a chur i gcrích. Úsáideadh an fheidhm "Cuardaigh sa Chlár" 81,736 uair idir an 1 Eanáir 2017 agus an 31 Nollaig 2017.

Chríochnaíomar an próiseas soláthair agus tairisceana do Shuíomh Gréasáin nua CORU.

## Gnóthaí Parlaiminteacha

I rith na bliana, iarradh ar CORU faisnéis a chur isteach i ndáil leis an eagraíocht féin agus leis na Boird Chlárúcháin trí fhreagra a thabhairt ar Cheisteanna Parlaiminteacha ar iarraidh ón Roinn Sláinte agus ón Aire Sláinte. Bhí CORU réamhghníomhach i gcónaí i dtaobh gach ceist a cuireadh air a fhreagairt go pras, cruinn.

## Rannpháirteachas agus Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara Seachtracha

Rinneamar bliain 1 d'Fheachtas Faisnéise Poiblí CORU agus mar chuid de tháirgeamar agus dháileamar bileog faisnéise ar 2,000 Dochtúir Teaghlaigh agus 1,100 Altra Cleachtais. Meastar go mbaintear amach 1.2 milliún duine in aghaidh na míosa leis na bileoga seo. Leanfar den chéad chéim suas go hAibreán 2018.

Rinne CORU sé cinn déag de chomhairliúcháin phoiblí i ndáil le Fodhlíthe maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár, Fodhlíthe maidir le Toghchán, agus Fodhlíthe maidir le Cáilíochtaí Ceadaithe.

Rinneadh comhairliúchán leathan freisin i ndáil leis an bhFodhlí um Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice leasaithe agus meastar go ndéanfaidh gach Bord Clárúcháin an Fodhlí seo in 2018.

In éineacht leis an rannpháirteachas seo le páirtithe leasmhara, d'óstaigh CORU aon cheann déag de chruinnithe eolais do chláraithe i gCorcaigh, Luimneach, Gaillimh, Sligeach agus i mBaile Átha Cliath le linn mhí Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair.

Thionscain CORU Feachtas Faisnéise Poiblí maidir le Tadhall-lionsaí Áiféise Samhna i mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair agus theagmhaigh le 980,000 duine ar líne agus trí na meáin chlóite.

In 2017 chlúdaigh 16 nuachtán réigiúnacha agus stáisiún raidió giotaí nuachta/eolais maidir le ról CORU agus conas teagmháil le CORU. Baineadh amach 100,000 duine ar an iomlán leis na meáin chlóite agus an raidió.

Go luath i mí na Nollag 2017, tháirgeamar feachtas fógraíochta faisnéise poiblí raidió do stáisiúin raidió náisiúnta agus réigiúnacha.

> Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá de cheangal ar CORU, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú ina dtugtar sonraí ar an líon nochtuithe cosanta a rinneadh an bhliain roimhe agus an gníomh (más ann) a rinneadh mar fhreagra ar na nochtuithe cosanta sin.

# An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

**Líon cruinnithe Comhairle in 2017:**
10

**Comhaltaí agus freastal ar chruinnithe comhairle in 2017:**
Féach Aguisín 1

### In 2017 rinne sé choiste píosaí sonracha oibre thar ceann na Comhairle:

- Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas
- Airgeadas agus Cuspóirí Ginearálta
- Clárúchán
- Oideachas
- Feidhmiúlacht chun Cleachtadh
- Réamhimeachtaí

## Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas

**Ról:** Is é bunchuspóir an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais struchtúr breithmheasa neamhspleách a chur ar fáil laistigh de CORU chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a nósanna imeachta maidir le rioscaí, rialachas agus rialú inmheánach agus a chreata tuairiscithe airgeadais a thomhas agus a mheasúnú.

### Comhaltaí:

De réir na treorach in Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais, seachtar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin a bhí ar an gCoiste in 2017. I gcás triúr as an seachtar comhaltaí Coiste sin, ní comhaltaí de chuid CORU iad.

Ní raibh Tony McAleer ina chathaoirleach ar an gComhairle ná ar fhochoiste ar bith eile de CORU nuair a bhí sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.

Tugadh cóip de Théarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais do gach comhalta ceaptha, inar leagadh amach a údarás agus na dualgais atá air.

Cuireadh oiliúint ionduchtúcháin ar gach comhalta nua de chuid an Choiste.

Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais arna gceapadh ag an gComhairle in 2017: Tony McAleer – Cathaoirleach, Maeve Murphy, Carmel Smith (d'éirigh as in 2017) (Comhaltaí Comhairle); Harry McGeary, Martin O'Sullivan, Declan Purcell, (Comhaltaí neamhspleácha).

Líon cruinnithe in 2017: 6

Lucht freastail: Aguisín 2

## Téarmaí tagartha:

Ba cheart na téarmaí tagartha seo a léamh i gcomhar leis na Buan-Orduithe agus na rialacha ginearálta a bhfuil feidhm acu maidir le Coistí na Comhairle.

Is í an Chomhairle a cheapfaidh comhaltaí an Choiste agus beidh triúr comhaltaí neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin ann ar a laghad, agus beidh comhalta amháin díobh sin ar a laghad ina chomhalta seachtrach. Beidh taithí airgeadais ábhartha, a fuarthas le déanaí, ag comhalta amháin ar a laghad. Ní fhéadfar aon chomhaltaí den Choiste Feidhmiúcháin a cheapadh ina gcomhaltaí den Choiste Iniúchóireachta.

Is í an Chomhairle a cheapfaidh Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.

Tiocfaidh an Coiste Iniúchóireachta le chéile 4 huaire sa bhliain ar a laghad agus bítear ag súil leis go ndéanfaidh na comhaltaí uile gach iarracht freastal ar na cruinnithe go léir. 40% de chomhaltaí an choiste i láthair is córam don choiste.

Is ról maoirseachta go príomha atá ag an gCoiste Iniúchóireachta. Go sonrach, faoi Alt 23(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (an tAcht), comhlíonfaidh an Coiste na feidhmeanna seo a leanas:

1. Comhairle a thabhairt don Chomhairle agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (mar an Oifigeach Cuntasaíochta) maidir le ceapadh iniúchóirí inmheánacha, pleananna agus táillí iniúchóireachta inmheánaí a fhaomhadh, tuairiscí a fháil ar phlean oibre na hiniúchóireachta inmheánaí, agus gníomhartha cuí a bhreithniú ag éirí as na tuairiscí sin.
2. Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na Comhairle, gan dochar, ina caidreamh leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, mar iniúchóir seachtrach CORU, agus athbhreithniú a dhéanamh ar litreacha bainistíochta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar aon tuarascálacha eile agus tuairisciú orthu sin don Chomhairle, de réir mar is cuí.
3. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéad dréacht de ráitis airgeadais reachtúla bhliantúla CORU roimh don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tús a chur lena hiniúchadh.
4. Sula síneoidh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais agus leis an tuarascáil iniúchóra ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (lena n-áirítear a nDréachtlitir Bhainistíochta más cuí) agus tuarascáil an iniúchóra inmheánaigh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain ina seilbh acu, breithneoidh agus tuairisceoidh an Coiste don Chomhairle an méid seo a leanas:
    a. Tá próiseas stuama i bhfeidhm chun na ráitis airgeadais a ullmhú;
    b. Comhlíonann na beartais chuntasaíochta a glacadh na ceanglais ábhartha;
    c. Tugtar léargas cóir sna ráitis airgeadais ar staid airgeadais na Comhairle don bhliain airgeadais;
    d. Tá an Litir Uiríll do na hiniúchóirí cruinn ceart.
5. Athbhreithniú a dhéanamh ar Thuarascáil Bhliantúil na Comhairle ó thaobh rialachais agus rialaithe airgeadais de agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (ina cháil mar an Oifigeach Cuntasaíochta), de réir mar is iomchuí.
6. Breithniú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na próisis bainistíochta riosca leordhóthanach le haghaidh na rioscaí ar fad dá bhfuil an Chomhairle nochta, agus bearta a fhaomhadh chun deireadh a chur leis na rioscaí sin nó chun iad a mhaolú nó, i gcás ina measann an Chomhairle go bhfuil saincheisteanna móra beartais i gceist, moladh a dhéanamh go bhfaomhfadh an Chomhairle bearta den sórt sin. Áirítear leis sin:

   a. Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar mar atá Beartas Bainistíochta Riosca CORU á chur chun feidhme agus ar an athbhreithniú air;
   b. Breithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na n-acmhainní chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí agus faoi phróisis bainistíochta rioscaí;
   c. Athbhreithnithe leanúnacha a dhéanamh ar an gclár rioscaí.

7. Comhairle a thabhairt maidir le córas rialúcháin inmheánaigh airgeadais CORU, breithniú ar an bhfuil an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais leordhóthanach agus breithniú ar an dtugann an córas tuairiscithe inmheánaigh airgeadais rabhadh luath i leith teipeanna rialúcháin agus rioscaí nua atá ag teacht chun cinn;
8. Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le ceisteanna rialachais chorparáidigh (gan dochar do chumhacht an Choiste moltaí a dhéanamh don Chomhairle maidir le saincheisteanna rialachais chorparáidigh ag eascairt as obair na n-iniúchóirí);
9. Feidhmeanna sannta eile arna sainordú ag an gComhairle ó am go chéile a chomhlíonadh;
10. Athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtacht féin ar bhonn rialta agus torthaí an athbhreithnithe a thuairisciú don Chomhairle agus d'Oifigeach Cuntasaíochta na Comhairle;
11. Tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a thabhairt don Chomhairle ina ndéantar athbhreithniú ar oibríochtaí an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais, ina mbeidh measúnú ar obair an Choiste;
12. Bearta a dhéanamh a leanann as aon mholtaí ón gComhairle tar éis an athbhreithnithe ar thuarascáil bhliantúil an Choiste;
13. Próiseas ionduchtúcháin foirmiúil a chur ar fáil do gach comhalta nua arna gceapadh ar an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais;
14. Taifid iomchuí a choimeád ar obair an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.
15. Athbhreithniú a dhéanamh ar riosca(í) a bhaineann le cosaint sócmhainní caipitil CORU, agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle de réir mar is gá agus is iomchuí.

## Údarás

1. Tá údarás ag an gCoiste aon fhaisnéis atá ag teastáil uaidh a iarraidh ó bhall foirne ar bith de CORU;
2. Tá údarás ag an gCoiste iniúchadh a dhéanamh ar aon ghníomhaíocht laistigh dá Théarmaí Tagartha agus féadfaidh sé comhairle ghairmiúil neamhspleách sheachtrach ar chúrsaí dlí nó eile a fháil chuige sin.

## Príomhghníomhaíochtaí in 2017:

Ba iad seo a leanas na hiniúchóireachtaí inmheánacha a rinneadh faoi threoir ón gCoiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas in 2017:

1. Anailís ar Bhearna – An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).
2. Athbhreithniú ar an bPróiseas Bainistithe Riosca.
3. Athbhreithniú ar an bPróiseas Gearáin.
4. Athbhreithniú ar Fhaomhadh agus Monatóireacht na gClár Oideachais.
5. Athbhreithniú ar Rialúcháin Airgeadais.
6. Athbhreithniú leantach ar chinntí agus moltaí thuarascálacha na n-iniúchóireachtaí inmheánacha (2015 agus 2016)

Ina theannta sin, tharla athbhreithniú iniúchóireachta inmheánach ar phárolla agus cuntais is iníoctha i Márta 2017 - Iúil 2017.

Rinne an Coiste monatóireacht agus tuairisciú don Chomhairle maidir le Clár Rioscaí ráithiúil CORU i rith 2017.

Rinne an Coiste freisin na tascanna seo a leanas thar ceann na Comhairle.

- Ráitis Airgeadais – cheadaigh na dreáchtráitis airgeadais reachtúla bhliantúla
- Iniúchadh Seachtrach ag an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste – rinneadh athbhreithniú ar shonraí an iniúchta.
- Rinne an Coiste measúnú riosca ar chinneadh Boird Clárúcháin imeacht ó threoirlínte na Comhairle agus thuairiscigh an measúnú sin don Chomhairle.

# Coiste Airgeadais agus Uile-Chuspóirí

**Ról:** Is é bunchuspóir an Choiste Airgeadais agus Uile-Chuspóirí struchtúr breithmheasa neamhspleách a chur ar fáil laistigh de CORU chun a fheidhmíocht airgeadais, agus an leithdháileadh acmhainní agus buiséad a thomhas agus a mheasúnú.

## Comhaltaí:

Ní raibh Joe Martin ina chathaoirleach ar an gComhairle ná ar fhochoiste ar bith eile de CORU nuair a bhí sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais agus Uile-Chuspóirí.

Tugadh cóip de Théarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais, ina leagtar amach a údarás agus a dhualgais, do gach comhalta a ceapadh.

Cuireadh oiliúint ionduchtúcháin ar gach comhalta nua de chuid an Choiste.

Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste Airgeadais agus Uile-Chuspóirí arna gceapadh ag an gComhairle in 2017:

Joe Martin – Cathaoirleach, Bernard McCartan, Marie Culliton agus Paul Lyng.

Líon cruinnithe in 2017: 6

Lucht freastail: Aguisín 2

## Téarmaí Tagartha:

Ba cheart na téarmaí tagartha seo a léamh i gcomhar leis na Buan-Orduithe agus na rialacha ginearálta a bhfuil feidhm acu maidir le Coistí na Comhairle.

Tá an Coiste Airgeadais agus Uile-Chuspóirí curtha ar bun ag an gComhairle chun na feidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh:

- Comhairle a thabhairt don Chomhairle ar bhainistíocht straitéiseach airgeadais agus acmhainní ag CORU. Is é an Feidhmeannas a ghlacfaidh cinntí oibriúcháin laethúla agus a chinnfidh leithdháileadh na n-acmhainní laistigh de pharaiméadair an bhuiséid agus an phlean gnó.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle ar bhailiú, infheistíocht, iasacht agus eisíoc an airgid ar fad arna fháil.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le hioncam/caiteachas buiséid mar seo a leanas:
  - monatóireacht a dhéanamh ar ioncam/caiteachas buiséid faofa de chuid CORU agus tuairisciú don Chomhairle i leith na nithe sin, béim a leagan agus tuairimí a léiriú ar éagsúlachtaí agus ar an ngníomh beartaithe arna ghlacadh ag an bhFeidhmeannas de réir mar is cuí;
  - athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas caipitiúil agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle de réir mar is gá agus is iomchuí;
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle ar aighneachtaí maidir leis an mBuiséad agus leis an bPlean Gnó arna gcur faoi bhráid na Roinne Sláinte mar seo a leanas:
  - Athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí faoin mbuiséad agus faoin bplean gnó ón bhFeidhmeannas ar bhealach tráthúil agus moltaí a dhéanamh de réir mar is gá agus is iomchuí.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le nithe/ábhair de chineál níos ginearálta nach dtagann faoi théarmaí tagartha na gCoistí eile den Chomhairle.
- Feidhmeanna sannta eile arna sainordú ag an gComhairle ó am go chéile a chomhlíonadh.

## Príomhghníomhaíochtaí in 2017:

- Rinneadh athbhreithniú agus anailís ar fheidhmíocht airgeadais CORU 2017 i rith na bliana.
- Rinneadh athbhreithniú ar bhuiséad CORU 2018 agus mhol don Chomhairle é a fhaomhadh.
- Athbhreithniú ar thaistil idirnáisiúnta an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin in 2018 chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann CORU agus bealach a chur ar fáil chun monatóireacht agus breithniú a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar threochtaí idirnáisiúnta san earnáil rialála.
- Rinneadh athbhreithniú thar ceann na Comhairle ar thuairisc ardáin iPad agus ar mholtaí.
- Rinneadh monatóireacht ar Eochairtháscairí Feidhmíochta atá nasctha le Plean Gnó 2017 agus d'fhaomh iad.
- Rinneadh athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha Choiste Ainmniúchán na Comhairle.

- Rinneadh monatóireacht ar chur i bhfeidhm próiseas nua Aitheantais.
- Cheadaigh ainmniú comhalta den Fheidhmeannas chun feidhmeanna tarmligthe an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a dhéanamh.
- Rinneadh monatóireacht ar ghníomhaíochtaí cumarsáide agus fuarthas tuairiscí tréimhsiúla ar dhul chun cinn.
- Rinneadh athbhreithniú ar dhréachtbheartas maidir le Miontuairiscí na Comhairle a fhoilsiú
- Rinneadh athbhreithniú mí ar mhí ar shonraí clárúcháin agus athnuachana.
- Breithníodh múnla clárúcháin il-rialálaithe mar a chuir an Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann i láthair é.
- Rinneadh athbhreithniú ar Bhuiséad Caipitil TFC
- Rinneadh athbhreithniú ar roinnt conarthaí seirbhísí agus tugadh moltaí don Chomhairle maidir lena n-athnuachan.
- Rinneadh athbhreithniú ar Thuarascáil Soláthair Shuíomh Gréasáin CORU agus tugadh moltaí ina leith.
- Rinneadh athbhreithniú ar chostais dlí.

# An Coiste Clárúcháin

**Ról:** Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le clárú.

**Comhaltaí:** Marie Culliton (Cathaoirleach), Joe Martin, Maeve Murphy, (comhaltaí Comhairle), Norma Judge (comhalta de Bhord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta ), James Forbes (comhalta de Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh), Ann Horgan (comhalta de Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí), Damhnait Gaughan (comhalta neamhspleách).

**Líon cruinnithe in 2017: 5**

**Tinreamh: Aguisín 2**

## Téarmaí Tagartha:

- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le forbairt beartais i ndáil le gach ábhar a bhaineann le clárú agus fanacht chun cinn ar gach forbairt sa réimse sin.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle ar bheartas a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí neamhnáisiúnta agus stádas Údaráis Inniúil faoi Threoir 2005/36/CE agus aon Treoracha eile a leanann.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le déileáil le hiarratasóirí clárúcháin.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le dearbhú cáilíochta an chórais clárúcháin.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le Rialacha a dhéanamh faoi Alt 22 a bhaineann leis na hábhair seo a leanas:
    - Cothabháil cheart agus éifeachtach na gClár, lena n-áirítear nósanna imeachta.
    - Na sonraí maidir le cláraitheoirí atá le hiontráil sna Cláir mar aon lena n-ainmneacha
    - Cláraitheoirí a dheighilt i roinnteáin shonracha le haghaidh catagóirí éagsúla cláraitheoirí.

- Comhairle a thabhairt don Chomhairle de réir mar is iomchuí maidir le Fodhlíthe a fhaomhadh do:
  - Iarratasóirí ar chlárú
  - Iarratais ar dhaoine a chur ar ais ar an gClár tar éis clárú a chealú
  - Coinníollacha clárúcháin i roinneán den chlár más údaraithe ag an gComhairle
  - Critéir chun daoine a chur ar ais ar an gClár.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm Chuid 4 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (arna leasú) 2005.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le rialáil na ngairmeacha ainmnithe san Acht agus cibé gairmeacha eile a chuirfear leis.
- Rioscaí agus aon bhearta maolaithe le déanamh a bhreithniú agus a athbhreithniú. Nuair a aithnítear rioscaí clárúcháin plean a leagadh amach faoi conas déileáil leis na rioscaí nó conas iad a laghdú nó a chur as an áireamh nuair is féidir agus comhairle dá réir a thabhairt don Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.
- Athbhreithniú a dhéanamh go bliantúil ar Théarmaí Tagartha an Choiste agus moltaí a thabhairt don Chomhairle maidir leis de réir mar is iomchuí.
- Tuairisciú don Chomhairle go rialta maidir le gníomhaíochtaí an Choiste.

## Príomhghníomhaíochtaí in 2017:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar Théarmaí Tagartha na gCoistí Clárúcháin
- Impleachtaí na Treorach (arna leasú) maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a Aithint
- Leasú ar an bhFoirm um Fhilleadh ar Chleachtadh chun treoir níos mó maidir le clárú a thabhairt d'iarratasóirí agus do mhaoirseoirí, chun ailíniú níos mó leis na Fodhlíthe a chinntiú.
- Athbhreithniú Breise agus Sruthlíniú ar an bPróiseas Athnuachana Bliantúil.
- Breithniú an Chláir Riosca Clárúcháin
- Ceadaíodh leasuithe ar riachtanais bheartais le haghaidh doiciméadacht imréitigh phóilíní eachtracha
- Ceadaíodh lógó 'Cláraithe le CORU' agus treoirlínte maidir leis an uimhir chlárúcháin a úsáid agus an Lógó 'Cláraithe le CORU' do chláraithe
- Breithníodh agus ceadaíodh athruithe ar an gCreat-Bheartas um Dhuine Cuí Ceart le haghaidh déanamh cinntí ag Boird Chlárúcháin.
- Saincheisteanna agus nósanna imeachta i gcás iarratasóirí a nochtann míchumais sláinte agus forfheidhmiú Coinníollacha Clárúcháin faoi Alt 40(a) den Acht a bhreithniú.
- Ceadaíodh leasuithe teicniúla ar Bheartas Clárúcháin CORU.
- Ceadaíodh leasuithe ar an gCeistneoir um Dhuine Cuí Ceart
- Breithníodh Beartas Leasaithe Teanga d'iarratasóirí
- Breithníodh na saincheisteanna a bhaineann le hiarratasóirí a chuireann isteach litreacha maidir le cáilíochtaí a aithint nach gcomhlíonann riachtanais an ghnáthbhealaigh clárúcháin chaighdeánaigh (Alt 38).
- Breithníodh na saincheisteanna maidir le Cárta Gairme Eorpach a ghlacadh agus na héifeachtaí do chláraitheoirí ionchasacha.

# An Coiste Oideachais

**Ról:**Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le hoideachas.

**Comhaltaí:** Comhaltaí Comhairle David Irwin (Cathaoirleach go dtí 20 Eanáir 2018); Caroline McIntosh; John O'Mullane; Peter Davison*; Marion O'Rourke; Carmel Kearns; Ann Kearney; Odhran Allen**; Carmel Smith***

Ceaptha ar an 19 Eanáir 2017

**Ceaptha ar an 21 Márta 2017

***Ceaptha ar an 29 Meitheamh 2017

Líon cruinnithe in 2017: 5

Lucht freastail: Aguisín 2

## Téarmaí Tagartha:

- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le beartas agus próisis a fhorbairt agus a athbhreithniú le haghaidh faomhadh agus monatóireacht clár oideachais agus oiliúna faoi Chuid 5 den Acht
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le critéir a fhorbairt agus a athbhreithniú le haghaidh faomhadh agus monatóireacht clár oideachais agus oiliúna faoi Chuid 5 den Acht
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le creat-chaighdeáin oilteachta do ghairmeacha a fhorbairt agus a athbhreithniú faoin Acht
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle i ndáil le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a fhorbairt agus a athbhreithniú
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le haon treoirlínte a d'fhéadfadh sí a eisiúint do na Boird Chlárúcháin i ndáil le hoideachas, oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach cláraitheoirí
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le haon rioscaí a d'fhéadfadh éirí as na beartais a bhaineann le (i) faomhadh agus monatóireacht ar oiriúnacht leanúnach clár oideachais agus oiliúna agus (ii) Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, agus comhairle a thabhairt don bhainistíocht faoi aon rioscaí a aithnítear.

## Príomhghníomhaíochtaí in 2017:

- Dréacht-treoirlíne Chomhairle le haghaidh Fodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe
- Critéir le haghaidh Cláir Oideachais agus Oiliúna
- Táillí le haghaidh Ceadú agus Monatóireacht Cláir
- Ceadú agus Monatóireacht Cláir - Tuairisc
- Taighde ar cheadú clár nua oideachais agus oiliúna
- Critéir d'Fhoireann Cláir - Gnéithe
- Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara Oideachais
- Plean cumarsáide maidir le cur chuige eatramhach i leith forfheidhmiú FGL (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach)
- Dréacht-treoirlíne Chomhairle le haghaidh cur i bhfeidhm FGL agus cur chuige eatramhach i leith forfheidhmiú FGL
- Plean cumarsáide tar éis chur i bhfeidhm FGL agus cur chuige eatramhach i leith forfheidhmiú FGL
- Iniúchadh ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach - Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha
- Iniúchadh ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach - Bord Clárúcháin na Radagrafaithe
- Prionsabail don Mhúnla nua FGL
- Achoimre ar Mhúnla FGL
- Tionscadal Cúraim Shóisialaigh

# Coiste Comhairleach Um Chleachtadh Gairmiúil

**Ról:** Tacú le hoibriú agus forbairt leanúnach na feidhme um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

**Comhaltaí:** Deirdre Madden, (Cathaoirleach)*, Cormac Quinlan**, David Irwin, Mo Flynn*, Shane McCarthy, (Comhaltaí Comhairle)

* Téarma imithe in éag i mí na Nollag 2017

** D'éirigh as an gCoiste.

**Líon na gCruinnithe in 2017:** 3

**Tinreamh:** Aguisín 2

## Téarmaí Tagartha:

- Cabhrú leis an gComhairle monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar aon leasuithe ar nósanna imeachta agus próisis an Choiste Smachta chun déileáil le Gearáin, Fiosruithe agus Smacht faoi Chuid 6 den Acht thar ceann na Comhairle
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le beartas a athbhreithniú agus a fhorbairt i ndáil le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh faoi Chuid 6 den Acht,
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le ceisteanna rialachais ag éirí as Cuid 6 den Acht
- Cabhrú leis an gComhairle anailís a dhéanamh ar fhaisnéis oibríochtúil ag eascairt as próisis an Choiste Réamhimeachtaí agus na gCoistí Fiosrúcháin,
- Cabhrú leis an gComhairle ina cuid cumarsáide maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh,
- Comhairle a thabhairt maidir le forbairt agus athbhreithniú an Chreata don Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice Gairmiúla thar ceann na Comhairle,
- Comhairle a thabhairt maidir le próisis agus nósanna imeachta a bhunú agus a athbhreithniú chun déileáil le hiarratasóirí ar chlárú nó ar aitheantas a dhéanann achomharc i gcoinne cinntí i ndáil le clárú nó le haitheantas,
- Comhairle a thabhairt maidir le beartais, próisis agus nósanna imeachta a bhunú agus a athbhreithniú ag éirí as cumhacht reachtach na Comhairle imeachtaí achoimre a thabhairt agus a ionchúiseamh i ndáil le cion ar bith faoin Acht,
- Comhairle a thabhairt maidir le treoirlínte chun fodhlíthe a dhéanamh i ndáil le spéaclaí a dhíol agus a oideasú.

Ceadaithe ag an gComhairle 27 Iúil 2017

### Príomhghníomhaíochtaí in 2016:

Na nithe seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- Tarmligean Cinntí foláirimh a eisiúint
- Cur chuige i leith ballraíocht sa Choiste Achomharc
- Méadú ar tháillí do ghnáthchomhaltaí na gCoistí Smachta
- Táillí a íoc le comhaltaí den Choiste Achomharc
- Nósanna Imeachta Achomhairc Leasaithe
- Cur chuige i leith ballraíocht sna Coistí Smachta
- Treoirlíne leasaithe maidir leis an bhFodhlí de chuid an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta (Rialáil agus Rialú a dhéanamh ar Oidis a Thabhairt agus a Urghnamh agus ar Spéacláirí a Dhíol), 2015 (I.R. Uimh. 455 de 2015).
- Creat Nuashonraithe don Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice

# An Coiste Réamhimeachtaí

**Ról**: Is coiste imscrúdúcháin é an Coiste Réamhimeachtaí atá curtha ar bun ag CORU, mar a fhoráiltear le reachtaíocht, chun gearáin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a bhreithniú maidir le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Cuireadh an Coiste Réamhimeachtaí ar bun faoi Chuid 6 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú), a tháinig i bhfeidhm an 31 Nollaig 2014.

Déanann an Coiste Réamhimeachtaí breithniú ar gach gearán, agus glacann sé cinneadh maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- an gearán a chur ar aghaidh lena réiteach trí idirghabháil, nó
- an gearán a chur ar aghaidh lena éisteacht ag Coiste Fiosrúcháin, nó
- gan beart eile a ghlacadh.

Go príobháideach a bhíonn an Coiste Réamhimeachtaí ina suí, agus féadfaidh sé roinnt gearán a bhreithniú ag aon chruinniú amháin.

## Comhaltaí:

Ceapadh na comhaltaí seo a leanas don Choiste Réamhimeachtaí in 2017.

Comhaltaí Neamh-Chláraithe: Molly Buckley (i bhfeidhm ó Eanáir 2018)

**Comhalta Cláraithe de na Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga:** Yvonne Lynch

**Oibrí Sóisialach Cláraithe:** Pauline Underwood

**Radagrafaí:** Anne O'Loughlin (i bhfeidhm ó Eanáir 2018)

**Comhaltaí Reatha an Choiste Réamhimeachtaí:**

Comhaltaí Neamh-Chláraithe: Katharine Bulbulia (Cathaoirleach), Mark Kane (Cathaoirleach Malartach), Eamon Naughton, Fionnuala Cook, Sean O'Meara, Marc Thomson Grolimund, Joe Masterson, Frank Martin

**Comhaltaí Cláraithe de na Radagrafaithe:** Jacqui McGovern, Siobhan Higgins

**Comhaltaí Cláraithe de na Teiripeoirí Radaíochta** Derry McCarthy, Laura Mullaney, Ruth Woods

**Comhaltaí Cláraithe de na hOibrithe Sóisialta:** Freda McKittrick, Gloria Kirwan, Mary Fennessy, Shane Donnelly, Patricia Sheehan, Colm Lehane

Comhalta Cláraithe de na hOptaiméadraithe: Michael Moore, Joan Ryan

**Comhalta Cláraithe de na Teiripeoirí Saothair:** Sile Rose Henehan, Philomena Dunne

**Comhalta Cláraithe de na Dieitéitigh:** Sharon Patton

I mí Iúil 2017, tionóladh imeacht oiliúna don Choiste Réamhimeachtaí. In 2017, tháinig an Coiste le chéile 12 uair chun gearáin a fuair CORU a bhreithniú.

## Príomhghníomhaíochtaí in 2017:

Fuair CORU 33 gearán nua maidir le hábhar a bhain le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh in 2017. As na gearáin a fuair CORU in 2016, lean 13 díobh isteach in 2017.

# An Coiste Achomharc

## Comhaltaí:

**Comhaltaí Comhairle a ceapadh chun a bheith ionadaitheach do leas an phobail:** Shane McCarthy, David Irwin, Laura Phelan, Joe Martin.

**Comhaltaí gairmiúla na Comhairle:** Tony Mc Aleer, Caroline Mc Intosh, Sinéad Fitzgerald, Ruth Charles.

**Comhaltaí Neamhchomhairle:** Gloria Kirwan (Oibrí Sóisialach), John Leinster (Oibrí Sóisialach), Mary Egan (Oibrí Sóisialach), Paul Hersee (Radharceolaí Dáileacháin), Sinéad Ryan (Optaiméadraí), Fiona Armstrong (Teiripeoir Saothair), Kate Murphy (Teiripeoir Saothair), Michelle Mossop (Radagrafaí), Niamh Brennan (Radagrafaí), Maria Broderick (Teiripeoir Radaíochta), Fiona Coughlan-Younge (Teiripeoir Radaíochta), Caralyn Horne (Teiripeoir Saothair), Jill Long (Fisiteiripeoir), Liam O'Connell (Radagrafaí).

## Nósanna imeachta:

1. Déanann an Chomhairle na nósanna imeachta seo a leanas maidir le rialú an Choiste Achomharc de bhun Alt 23(6) den Acht (na "Nósanna imeachta").
2. An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (an "Chomhairle") a chuireann an Coiste Achomharc ar bun de bhun alt 23 den Acht chun a cumhachtaí a fheidhmiú agus a feidhmeanna a chomhlíonadh faoi alt 42B agus alt 43 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, arna leasú ("an tAcht").
3. Déantar an ceanglas i leith dheimhniú ghníomhartha an Choiste Achomharc faoi alt 23(5) a ligean thar ceal.
4. Tabharfaidh an Coiste Achomharc tuairisc don Chomhairle a luaithe is féidir tar éis iarratas a éisteacht faoi alt 42B nó alt 43 den Acht.
5. Téarma oifige dhá bhliain ó dháta a cheapacháin a bheidh ag gach comhalta den Choiste Achomharc, ach amháin i gcás ina gcinneann an Chomhairle a mhalairt.

   D'fhonn amhras a sheachaint, i gcás ina bhfuil an comhalta den Choiste Achomharc ina chomhalta den Chomhairle, tiocfaidh deireadh lena théarma oifige mar chomhalta den Choiste Achomharc nuair a thiocfaidh deireadh lena théarma mar chomhalta den Chomhairle, beag beann ar fhad a cheapacháin mar chomhalta den Choiste Achomharc. Ní fhéadfaidh comhalta ar bith den Choiste Achomharc a bheith i seilbh oifige mar chomhalta den Choiste Achomharc ar feadh breis is dhá théarma as a chéile.
6. Suífidh an Coiste Achomharc i bpainéil de thriúr comhaltaí i gcás iarratas á éisteacht faoi alt 42B nó alt 43 den Acht.
7. Ar gach painéal, beidh:
   - Comhalta den Chomhairle ar ceapadh chun na Comhairle é mar ionadaí do leas an phobail faoi alt 9(3)(b)(iv) agus a bheidh ina Chathaoirleach ar an bpainéal;
   - Comhalta den Chomhairle ar ceapadh chun na Comhairle é mar "chomhalta gairmiúil" laistigh de bhrí alt 9 den Acht agus a bhaineann le gairm eile seachas gairm an Achomharcóra; agus
   - Duine nach comhalta den Chomhairle é a bhaineann leis an ngairm céanna leis an Achomharcóir.
8. Éistfidh an Coiste Achomharc iarratais faoi alt 42B agus alt 43 den Acht de réir Nós Imeachta Achomharc na Comhairle arna leasú ag an gComhairle ó am go chéile.
9. Déanfar athbhreithniú ar na Nósanna Imeachta sin gach dhá bhliain.
10. Ní mheasfar go gcuireann na Nósanna Imeachta seo srian ar bith ar an gComhairle ná teorainn ar bith léi maidir le comhlíonadh a feidhmeanna ná feidhmiú a cumhachtaí faoi alt 42B nó alt 43 den Acht.

Ceadaithe ag an gComhairle 27 Iúil 2017.

## Príomhghníomhaíochtaí in 2017:

D'éist an Coiste Achomharc dhá iarratas achomhairc ar chlárúchán agus naoi n-iarratas achomhairc ar aitheantas in 2017.

# Coistí Fiosrúcháin (an Coiste Iompair Ghairmiúil agus an Coiste Sláinte)

**Ról:** Má chinntear gur gá beart eile a ghlacadh maidir le gearán i ndáil le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh Cláraí, féadfaidh Coiste Fiosrúcháin an gearán a éisteacht. D'fhéadfadh Coiste Iompair Ghairmiúil nó Coiste Sláinte a bheith ann.

Triúr a bheidh ar an gCoiste Fiosrúcháin (an Coiste Iompair Ghairmiúil nó an Coiste Sláinte, ag brath ar nádúr an ghearáin):

- aon chláraí amháin ón ngairm chéanna leis an gcláraí a ndearnadh an gearán ina choinne,
- aon chláraí amháin ó ghairm eile
- aon duine amháin nach cláraí é (Cathaoirleach).

Beidh an éisteacht cosúil le héisteacht os comhair Cúirte nó Binse Fiosrúcháin. Ag an éisteacht, éisteann an Coiste Iompair Ghairmiúil nó an Coiste Sláinte fianaise ó na páirtithe sa ghearán agus is é a chinneann ar deireadh, tar éis an fhianaise a bhreithniú, an ann d'fheidhmiúlacht chun cleachtadh lagaithe i gcás an chláraí a ndearnadh an gearán ina thaobh.

Tionóltar éisteachtaí Coiste Iompair Ghairmiúil os comhair an phobail de ghnáth. Tionóltar éisteachtaí Coiste Sláinte go príobháideach de ghnáth.

## Comhaltaí:

In 2017, bhí an Coiste Iompair Ghairmiúil comhdhéanta de:

**Comhaltaí Neamh-Chláraithe:** Bryan Hume (Cathaoirleach), Geraldine Feeney, Mary Fletcher Smith, Georgina Farren, Clare McAleer, Michael Ryan

**Comhalta Cláraithe de na hOptaiméadraithe:** Mark Daly

**Comhalta Cláraithe de na Teiripeoirí Saothair:** Alice Gormley, Christian Garcia

**Comhalta Cláraithe de na Radagrafaithe:** Shane Foley, Vicky Cahalane

**Comhalta Cláraithe de na Teiripeoirí Radaíochta:** Anita O'Donovan, Claire Poole

**Comhalta Cláraithe de na hOibrithe Sóisialacha:** Cleo Yates, Ruth More O'Ferall

**Comhalta Cláraithe de na Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga:** Neva Watchorne

**Comhalta de na Diaitéitigh:** Siobhan Julian

In 2017, bhí an Coiste Sláinte comhdhéanta de:

**Comhaltaí Nach Cláraithe Iad:** Kristin Quinn (Cathaoirleach), Graham Knowles, Martin Lawlor, John Byrne

**Comhalta Cláraithe de na Radagrafaithe:** Una Murphy

**Comhalta Cláraithe de na Teiripeoirí Radaíochta:** Raymond Power

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Oibrí Sóisialach:** Aine McGuirk, Neasan Farry, Karen Burke

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Optaiméadraí:** John Weldon

**Comhalta Cláraithe de na Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga:** Rachel Leonard

I mí Iúil agus Mheán Fómhair, tionóladh imeachtaí oiliúna don Choiste Iompair Ghairmiúil agus don Choiste Sláinte.

# Coiste Ainmniúchán

**Ról:**Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le clárú.

**Comhaltaí:** Shane McCarthy (Cathaoirleach), Joe Martin, Laura Phelan, Tom Jordan (Comhalta neamhspleách).

Líon cruinnithe in 2017: 3

Lucht freastail: Aguisín 2

Is í an Chomhairle a cheapfaidh comhaltaí an Choiste agus beidh triúr comhaltaí den Chomhairle ann agus a laghad, agus beidh comhalta amháin díobh sin ar a laghad ina chomhalta seachtrach. Beidh taithí ábhartha le déanaí ar chúrsaí earcaíochta agus/nó acmhainní daonna ag aon chomhalta amháin den Choiste ar a laghad.

Is í an Chomhairle a cheapfaidh Cathaoirleach an Choiste Ainmniúchán.

Tiocfaidh an Coiste Ainmniúchán le chéile ceithre huaire sa bhliain ar a laghad, agus beifear ag súil go ndéanfaidh na comhaltaí ar fad a ndícheall chun freastal ar gach cruinniú. 40% de chomhaltaí an choiste i láthair is córam don choiste. Mairfidh téarma oifige an Choiste Ainmniúchán ar feadh dhá bhliain le rogha dara téarma a dhéanamh.

## Is ról an Choiste Ainmniúchán:

1. An próiseas chun daoine a cheapadh ar an gCoiste a stiúradh agus moltaí a thabhairt don Chomhairle.
2. I bpáirt leis an bhfeidhmeannas, measúnú bliantúil a dhéanamh ar struchtúr, méid agus comhdhéanamh (lena n-áirítear cothromaíocht scileanna, eolais, taithí agus éagsúlachta) na gCoistí Comhairle agus moltaí a thabhairt don Chomhairle maidir le hathruithe a d'fhéadfaí a cheapadh a bheith riachtanach.
3. Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar riachtanais ceannaireachta neamh-fheidhmiúcháin CORU le súil lena chinntiú go leanfaidh CORU de bheith in ann a bhunchuspóir an pobal a chosaint a chomhlíonadh, go háirithe trí chomhaltaí oiriúnacha ó Choistí agus ó Ghrúpaí comhairleacha a ainmniú don Chomhairle.
4. Féadfaidh Cathaoirleach an Choiste Ainmniúcháin gairm ar léiriú spéise a thionscnamh i gcomhair folúntais ag an bhFeidhmeannas.
5. Sula ndéanfar aon mholadh duine a cheapadh, déanfaidh an Coiste measúnú ar an gcothromaíocht scileanna, eolais agus taithí a theastaíonn le haghaidh aon fholúntais agus ullmhóidh cur síos ar an ról agus ar na hinniúlachtaí atá riachtanach don cheapachán áirithe. Agus aon tacar scileanna, eolais agus taithí le haghaidh róil ar leith á leagan síos acu, cuirfidh an Coiste san áireamh an gá le pleanáil éifeachtach comhleantachta agus leanúnachas laistigh de na Coistí agus Grúpaí comhairleacha.

6. A bheith freagrach as iarrthóirí a aithint agus a cheapadh lena bhfaomhadh ag an gComhairle chun folúntais a líonadh de réir mar a éiríonn siad. Agus iarrthóirí oiriúnacha a n-aithint ag an gCoiste:
   a. féadfaidh sé, nuair is iomchuí, fógraíocht a úsáid chun cuardach a éascú
   b. féadfaidh sé, nuair is iomchuí, iarraidh ar an bhfeidhmeannas córas scórála céad scáileáin agus é sin a chur faoi bhráid an Choiste lena fhaomhadh.
   c. breithneoidh sé iarrthóirí de réir tuillteanais agus de réir critéir oibiachtúla, agus le hurraim chuí do bhuntáistí na héagsúlachta, agus aire á tabhairt go bhfuil ainmnithe ar an eolas faoi na héilimh ama don ról agus go bhfuil dóthain ama acu don phost.
   d. Cinnteoidh sé go dtugtar ionduchtú agus oiliúint chuí ar bhealach tráthúil do chomhaltaí Comhairle, Coistí agus Grúpaí Comhairleacha ar a gceapadh.

## Príomhghníomhaíochtaí in 2017:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar Théarmaí Tagartha an Choiste Ainmniúchán
- Ainmniúcháin do Choiste Oideachais na Comhairle
- Ainmniúcháin don Choiste Comhairleach Um Chleachtadh Gairmiúil
- Ainmniúcháin don Choiste Clárúcháin
- Ainmniúcháin don Choiste Airgeadais agus Uile-Chuspóirí
- Feachtas earcaíochta seachtraí do Choistí Fiosrúcháin
- Ainmniúchán do Chomhairle na nDochtúirí Leighis
- Ai9nmniúcháin don Choiste Achomharc
- Ainmniúcháin do Choiste Comhairleach HIQA
- Ainmniúchán don Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais
- Cathaoirligh a ainmniú lena n-athcheapadh ar Choistí Fiosrúcháin
- Ainmniúcháin don Choiste Réamhimeachtaí
- Cuireadh amach gairm ar léiriú spéise i gCathaoirleacht PPAC




Comhaltaí Chomhairle na nGairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh in éineacht leis an Aire Sláinte, Simon Harris TD, ar an 26 Eanáir 2017 ag seoladh oifigiúil Ráiteas Straitéise CORU 2012–2014.

# 1 Bord Clárúcháin na nDiatéiteach

Tá cuntas sa tuarascáil seo de ghníomhartha Bhord Clárúcháin na nDiatéiteach in 2017, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird, 2017, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Réamhrá

Tá áthas orainn an tuarascáil seo ar obair Bhord Clárúcháin na nDieitéiteach in 2017 a chur i láthair. Ó rinneadh an teideal 'Dieitéiteach' a chosaint ar an 31 Deireadh Fómhair 2016, lean an Bord den ról aige an pobal a chosaint agus a chinntiú go gcloínn na cláraithe ar fad do na caighdeáin is airde iompair ghairmiúil, oideachais, oiliúna agus inniúlachta.



Amhail ar an 31 Nollaig 2017, bhí 865 diaitéiteach cláraithe le CORU. Táimid ag súil le dul ag obair leis na cláraithe sin lena chinntiú go ndéantar na caighdeáin is airde ó thaobh cúram othar de a sheachadadh go comhsheasmhach.

Agus 2017 mar an gcéad bhliain don teideal 'Dieitéiteach' Lean an Bord de theagmháil a dhéanamh leis an bpobal, le fostóirí agus le comhaltaí na gairme trí chomhairliúcháin phoiblí éagsúla. Chabhraigh na comhairliúcháin phoiblí sin le forbairt roinnt fodhlíthe, agus le faomhadh beartas agus caighdeán, leis na n-áirítear: An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár agus an Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú.

Cheadaigh an Bord dhá bheartas i rith na bliana, tarmligean feidhmeanna maidir le gnáith-iarratais ón mBord ar an gCláraitheoir agus tarmligean feidhmeanna ar an gCláraitheoir maidir le foláirimh Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánach nuair is gá i ndáil le hiarratais údaráis inniúil.

Cheadaigh an Bord an clár oideachais, Máistreacht Eolaíochta sa Diaitéitic Chliniciúil i gColáiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath, tar éis comhairliúchán pobail i mí Iúil i mbliana. Tar éis an chomhairliúcháin chuir an Bord an Fodhlí faoi bhráid na Comhairle lena cheadú. Cheadaigh an Bord freisin foireann athbhreithniúcháin chun ceadú cláir a dhéanamh ar an gCéim Eolaíochta i gCothú agus Diaitéitic an Duine in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus i gColáiste na Tríonóide.

Tháinig deireadh le téarmaí oifige roinnt comhaltaí Boird le linn na bliana, agus ba mhaith linn á mbuíochas a ghabháil leis na comhaltaí sin; David Cunningham, Cliodhna McDonough agus an Cathaoirleach, Elizabeth Barnes. Chuir an Bord fáilte freisin roimh na comhaltaí ceaptha Mary A.T. Flynn, ionadaí ar bhainistíocht sláinte poiblí agus chúraim shóisialaigh, agus Geraldine Murray, a bhí páirteach i mbainistiú cúraim sláinte sóisialaí.

Aithnímid sár-obair agus dúthracht na gcomhaltaí Boird reatha agus na gcomhaltaí Boird a bhí ann roimhe seo i rith bhlianta tosaigh an Bhoird Clárúcháin, agus gabhaimid buíochas leo as a seirbhís thiomanta.

Táimid ag súil le bheith ag obair leis an ngairm agus le bheith i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara arís in 2018 agus muid ag leanúint dár gcuid oibre an pobal a chosaint le caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn.

**Halóg Mellett**

*Cathaoirleach*
*Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach*

**Ginny Hanrahan**

*Cathaoirleach*
*Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach*

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte comhaltaí Bhord Clárúcháin na mBia-Eolaithe i mí Feabhra 2013 ar bhonn fógra ceapacháin phoiblí.

Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Is comhaltaí tuata iad seachtar den Bhord, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- Lucht bainistíochta ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme

In 2017 tháinig Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach le chéile ocht n-uaire.

Ag deireadh 2017 bhí dhá fholúntas ar Bhord Clárúcháin na nDiatéiteach.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

**Tá Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:**

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice Gairmiúla a cheapadh
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

## Fodhlíthe

Tar éis comhairliúchán poiblí in 2016 agus cheadú na Comhairle ina dhiaidh sin, cheadaigh an Bord dhá fhodhlí. Ba iad sin an Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár agus an Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú.

Faoi Alt 31 den Acht ceadaítear do Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach fodhlíthe a dhéanamh maidir leis an bpróiseas chun duine a chur ar ais ar an gclár. Tá na forálacha riachtanacha san Acht chun déileáil le hócáid nuair a bhaintear duine ón gclár de bharr neamhíoc táillí coinneála agus go n-éilíonn an duine sin a chur ar ais ar an gclár ina dhiaidh sin. Níl gá mar sin le fodhlíthe don phróiseas seo.

Freastalaíonn na Fodhlíthe a cheadaítear faoi Alt 31 ar chúinsí ina lorgaíonn cláraitheoir a bhaint den chlár ar a iarraidh sin nó ina gcealaíonn an Chomhairle a c(h)lárú agus lorgaíonn an duine sin ina dhiaidh sin go gcuirfí é nó í ar ais ar an gclár.

D'fhonn soiléireacht agus leanúnachas sa chur chuige agus chun a chinntiú go bhfuil an próiseas le duine a chur ar ais stóinsithe, ba chuí go n-úsáidfeadh Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach na forálacha dlíthiúla san Acht agus Fodhlíthe a dhéanamh a rialaíonn duine a chur ar ais ar an gclár. Tá fodhlí ar leith ag teastáil don dá chúinse éagsúla:

- An Fodhlí maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh
- An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú

Tar éis an phróisis comhairliúcháin fhaofa agus agus tar éis dóibh na freagairtí uile ón suirbhé agus ó chumarsáidí ó pháirtithe leasmhara a bhreithniú, rinne Bord Clárúcháin na nDiatéiteach na Fodhlíthe thuas.

## Coinní

Ceapadh Mary A.T. Flynn, ionadaí ar an mBord mar ionadaí i mbun bainistiú sláinte poiblí agus cúraim shóisialaigh. Chuir an Bord fáilte ar ais roimh Ruth Charles tar éis a hathcheaptha mar ionadaí i mbun bhainistiú na gairme. Ceapadh Geraldine Murray ar am mBord mar ionadaí leas an phobail agus cuireadh fáilte roimpi go dtí a céad chruinniú i mí an Mheithimh.

## Clárúchán

Osclaíodh an Clár do diaitéitigh ar an 31 Deireadh Fómhair 2014. Tar éis oscailt an Chláir lean idirthréimhse dhá bhliain do dhiaitéitigh a bhí i mbun cleachtaidh cheana féin le hiarratas ar chlárú a chur isteach. Bhí gá leis an tréimhse sin chun deis a thabhairt do dhaoine iarratas a dhéanamh ar chlárú agus ionas go bhféadfadh an Bord a bheith deimhin gur chomhlíonadar na ceanglais. Thug sé deis freisin aonuaire freisin do na cleachtóirí nach raibh na cáilíochtaí faofa reatha acu iarratas a chur isteach ar chlárú. Tháinig deireadh leis an idirthréimhse ar an 31 Deireadh Fómhair 2016.

Bhí 865 diaitéiteach cláraithe ag Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach amhail ar an 31 Nollaig 2017.

Táthar fós ag obair ar iarratasóirí nua ar chlárú a phróiseáil. Caithfidh an Bord a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú.

Iarratasóirí:

- Ní mór don duine sin a bheith ina dhuine ceart agus cóir chun an ghairm a chleachtadh.

I gcás na daoine sin a bhaineann tairbhe as na socruithe idirthréimhseacha, caithfidh siad:

- Cáilíocht riachtanach mar atá liostaithe san Acht a bheith acu nó measúnú rathúil ar a n-inniúlacht ghairmiúil a bheith déanta.
- A bheith i mbun cleachtadh sa Stát i gcaitheamh na cúig bliana sular osclaíodh an Clár.

I gcás iontrálaithe nua, caithfidh siad:

- Cáilíocht fhaofa a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin oilteachta atá leagtha síos ag CORU
- Eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga chun cleachtadh sa Stát.

Caithfidh gach iarratasóir ar chlárú grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith déanta acu mar chuid den phróiseas clárúcháin.

Faoi Nollaig 2017:

- D'fhág 4 dhiaitéiteach an Clár as a stuaim féin
- Baineadh 2 dhiaitéiteach den Chlár toisc nár íoc siad na táillí.

Tá Clár na nDiaitéiteach le fáil ar líne ag www.coru.ie.

## Údarás Inniúil

Mar an tÚdarás Inniúil, déanann an Bord a bhreithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárúchán. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe laistigh de Phoblacht na hÉireann.

I gcás ina mbíonn éagsúlachtaí móra (easnaimh mhóra) ann idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin oilteachta, is gá aon oideachas breise agus oiliúint bhreise, agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh.

Más ann d'éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar bearta cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó an deis chun triail inniúlachta a ghlacadh.

Cheadaigh Bord Clárúcháin na nDiatéiteach 41 iarratas ar cháilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2017, agus níor iarradh ar iarratasóir ar bith bearta cúitimh a ghlacadh.



# Gníomhaíochtaí Beartais

## Tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir - gnáth-iarratais

I mí Feabhra cheadaigh an Bord tarmligean feidhmeanna i ndáil le gnáth-iarratais ó Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach. Cuireann sé seo ar a chumas don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin/Cláraitheoir iarratais a shampláil mar a dhéanann an Bord Clárúcháin agus is deis dhearfach é a chur ar chumas an Bhoird comhaltaí a ngairme faoi seach agus comhaltaí a chlárú ar bhealach níos éifeachtúla, gan an próiseas clárúcháin a chur i mbaol. Gabhann a lán buntáistí le gnáth-iarratais a tharmligean chuig an gCláraitheoir, lena n-áirítear:

- An meán-am próiseála a laghdú mí amháin ar a laghad do ghnáth-iarratais
- Ligean don Cláraitheoir iarratais chlárúcháin a phróiseáil i rith na bliana ar fad agus a bheith ábalta céimithe a chlárú go pras
- Ligean don Bhord Clárúcháin díriú ar shaincheisteanna beartais agus iarratais chlárúcháin le heisceachtaí
- Ar a laghad 100 bosca páipéir gach bliain agus costais fótachóipeála a shábháil.

## Tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir - foláirimh IMI

Cheadaigh an Bord freisin tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir i ndáil le foláirimh IMI Cuirfidh sé seo ar chumas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin/Chláraitheora Foláireamh IMI a eisiúint faoi ghairmí a bhfuil srian nó cosc curtha ag údaráis nó cúirteanna an Stáit ar ghníomhaíochtaí gairmiúla. I gcás ina bhfaigheann Cúirt sa Stát duine ciontach in uirlis bhréagach a úsáid mar fhianaise ar cháilíochtaí gairmiúla, tá sé de cheangal ar an údarás inniúil foláireamh a eisiúint faoi shainiúlacht an duine sin.



## Gníomhaíochtaí Oideachais

Cheadaigh an Bord an clár oideachais amháin Máistreacht Eolaíochta sa Diaitéitic Chliniciúil i gColáiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath. Tar éis thuarascáil an chlárúcháin phoiblí cheadaigh an Bord an Fodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach lena chur faoi bhráid na Comhairle le ceadú. Cheadaigh an Bord freisin foireann athbhreithniúcháin chun foamhadh cláir a dhéanamh ar an gCéim Eolaíochta i gCothú agus Diaitéitic an Duine in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus i gColáiste na Tríonóide. Bhí an chuairt le bheith ar siúl i nDeireadh Fómhair 2017. De bharr Stoirm Ophelia áfach cuireadh an chuairt siar go 2018.

# Comhaltaí

## Elizabeth Barnes*

*Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse*

D’fhreastail ar 1 cheann amháin as 1 chruinniú Boird amháin



## Teresa Bruen

*Ionadaí Leasa Pobail*

D’fhreastail ar 5 chruinniú as 8 gcruinniú Boird



## Ruth Charles

*Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse*

D’fhreastail ar 5 chruinniú as 7 chruinniú Boird



## David Cunningham

*Ionadaí Bainistíochta Sláinte Príobháidí/Cúraim Shóisialta*

D’fhreastail ar 0 chruinniú as 1 chruinniú Boird




## John Hanily

*Ionadaí Leasa Pobail*

D’fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú Boird



## Nick Kennedy

*Ionadaí Tríú Leibhéal*

D’fhreastail ar 4 chruinniú as 8 gcruinniú Boird



## Cliodhna McDonough

*Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh*

D’fhreastail ar 0 chruinniú as 1 chruinniú Boird



## Denise McGrath

*Ionadaí Leasa Pobail*

D’fhreastail ar 5 chruinniú as 8 gcruinniú Boird



## Halóg Mellett

*Cathaoirleach*
*Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh*

D’fhreastail ar 8 gcruinniú as 8 gcruinniú Boird



## Tony Morris

*Ionadaí Bainistíochta Sláinte Poiblí/Cúraim Shóisialaigh*

D’fhreastail ar 6 chruinniú as 8 gcruinniú Boird



## Anthony Smith

*Ionadaí Leasa Pobail*

D’fhreastail ar 5 chruinniú as 8 gcruinniú Boird



## Suzanne Doyle

*Ionadaí Oideachais agus Oiliúna*

D’fhreastail ar 8 gcruinniú as 8 gcruinniú Boird



## Mary A. T. Flynn

*Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse*

D’fhreastail ar 3 chruinniú as 7 chruinniú Boird




## Geraldine Murray

*Ionadaí Bainistíochta Sláinte Poiblí/Cúraim Shóisialaigh*

D’fhreastail ar 4 chruinniú as 4 chruinniú Boird



## Fiona Ward

*Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh*

D’fhreastail ar 0 chruinniú as 1 chruinniú Boird



### Freastal ar Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach 2017

| Ainm | 02 Feabhra | 09 Márta | 06 Aibreán | 09 Bealtaine | 15 Meitheamh | 13 Iúil | 05 D. Fómhair | 05 Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Halóg Mellett | ✓ | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* |
| Elizabeth Barnes | ✓* | N | N | N | N | N | N | N |
| John Hanily | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Nick Kennedy | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ |
| Tony Morris | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Anthony Smith | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ |
| Denise McGrath | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Teresa Bruen | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ |
| Suzanne Doyle | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ruth Charles | N | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Cliodhna McDonough | ✗ | N | N | N | N | N | N | N |
| David Cunningham | ✗ | N | N | N | N | N | N | N |
| Mary A. T. Flynn | N | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ |
| Geraldine Murray | N | N | N | N | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Fiona Ward | N | N | N | N | N | N | N | ✗ |

**Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:**

✓ d’fhreastail

✗ leithscéal nó as láthair

* Cathaoirleach

**N** Ní raibh ar an gComhairle/ ar an mBord ar an dáta seo

**É** D’éirigh as

**B** Stádas breathnóra

# 2 Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bhord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine in 2017, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird, 2017, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Réamhrá

Tá áthas orainn an tuarascáil seo ar obair Bhord Clárúcháin na nDieitéiteach in 2017 a chur i láthair. Ba bhliain thábhachtach í don Bhord Clárúcháin maidir leis an réamhobair a chur chun cinn a theastaíonn sula n-osclaítear an clár.

Is ann d'oscailteacht agus do chuntasacht níos mó don phobal mar thoradh ar an rialáil reachtúil, agus neartaítear cultúr inniúlachta agus Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do ghairmithe. Forbairt mhaith is ea an t-aistriú i dtreo clárúchán reachtúil, agus bíonn ról bunriachtanach aige sin ó thaobh tacú le caighdeáin ghairmiúla de. Is iad na cleachtóirí a chloíonn leis na caighdeáin atá leagtha amach ag Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine, agus na cleachtóirí sin amháin, a bheidh i dteideal dul i mbun cleachtaidh faoin teideal. Ar an ábhar sin, neartófar agus feabhsófar muinín an phobail as an ngairm.

In 2017, déanfaidh Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine dul chun cinn ar obair i roinnt réimsí tábhachtacha, agus beidh an obair sin ina bunchloch do rialáil na gairme. Cheadaigh an Bord roinnt beartas agus mionsonraítear sa tuarascáil seo amach anseo.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh leis na Comhaltaí Boird as a dtiomantas don ról i rith bhlianta tosaigh an Bhoird Clárúcháin. Táimid ag súil le bheith ag obair leis an ngairm agus le bheith i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara agus is mór againn a dtacaíocht agus a n-aiseolas agus muid ag leanúint dár gcuid oibre ar rialáil reachtúil eolaithe míochaine.

---

**Pauline Treanor**
*Cathaoirleach*
*Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine*

**Ginny Hanrahan**
*Cláraitheoir*
*Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine*



## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine i Samhain 2016.

Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Comhaltaí tuata is ea seachtar de na comhaltaí a ceapadh, agus comhaltaí de chuid na gairme is ea an seisear eile, a bhíonn ag gabháil do na réimsí seo a leanas:

- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Lucht bainistíochta ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Cleachtadh na gairme.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

**Tá Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine ag CORU freagrach as na nithe seo a leanas:**

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Na riachtanais maidir le filleadh ar chleachtadh a leagan amach
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice Gairmiúla a leagan amach
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

Bhí aon fholúntas amháin ar Bhord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine ag deireadh 2017.

## Achoimre ar Ghníomhaíochtaí in 2017

Tháinig an Bord le chéile seacht n-uair in 2017.

## Gníomhaíochtaí beartais

Cheadaigh an Bord roinnt beartas i mbliana:

- Cód Iompair do chomhaltaí Boird
- Caidreamh idir an Bord agus an Chomhairle
- An Fodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe
- Rún na Comhairle maidir le sonraí le hiontráil ar an gClár
- Teastas Clárúcháin Ceadaithe
- Fodhlíthe a bhaineann le múnla comhairliúcháin agus Clárú.

# Comhaltaí an Bhoird

## Marie Culliton
*Ag gabháil don bhainistíocht*
D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú



## Cliodhna Foley-Nolan
*Rannpháirteach i mbainistiú sláinte poiblí / cúraim shóisialaigh*
D'fhreastail ar 4 chruinniú as 6 chruinniú



## Clodagh Geraghty
*Ionadaí leasa pobail*
D'fhreastail ar 2 chruinniú as 3 chruinniú




## Mary Hunt
*Rannpháirteach in oideachas na sláinte/an chúraim shóisialaigh*
D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



## Vincent Hunt
*Ionadaí leasa pobail*
D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú



## Bernadette Jackson
*Ag gabháil don chleachtadh*
D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



## Wendy Kennedy
*Ionadaí leasa pobail*
D'fhreastail ar 4 chruinniú as 6 chruinniú



## Helen Lambkin
*Ag gabháil d'oideachas na gairme*
D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



## Muiris O'Ceidigh
*Ionadaí leasa pobail*
D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú



## John O'Loughlin
*Ag gabháil don bhainistíocht*
D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



## Brendan O'Reilly
*Ag gabháil do chleachtadh na gairme*
D'fhreastail ar 4 chruinniú as 4 chruinniú



## Irene Regan
*Ag gabháil don chleachtadh*
D'fhreastail ar 4 chruinniú as 6 chruinniú



## Pauline Treanor*
*Cathaoirleach*
*Rannpháirteach i mbainistiú sláinte deonaí/príobháidí, cúraim shóisialaigh*
D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



### Freastal ar Bhord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine 2017

| Ainm | 16 Feabhra | 11 Aibreán | 11 Bealtaine | 12 Iúil | 27 M. Fómhair | 30 Samhain |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Pauline Treanor | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* |
| Marie Culliton | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Mary Hunt | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Vincent Hunt | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Bernadette Jackson | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Muiris O'Ceidigh | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ |
| Wendy Kennedy | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Helen Lambkin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Cliodhna Foley-Nolan | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| John O'Loughlin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Brendan O'Reilly | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Irene Regan | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ |
| Clodagh Geraghty | N | N | N | ✓ | ✗ | ✓ |

**Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:**

✓ d'fhreastail

✗ leithscéal nó as láthair

* Cathaoirleach

**N** Ní raibh ar an gComhairle/ ar an mBord ar an dáta seo

**É** D'éirigh as


**B** Stádas breathnóra

# 3 Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair in 2017, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird, 2017, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Réamhrá 2017

Tá áthas orainn an cuntas seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair in 2017 a chur i láthair. Tá an Bord freagrach as oideachas gairmiúil, iompar, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a leagan síos agus a chur chun cinn i measc teiripeoirí saothair.



Tá cosaint dlí ag an teideal 'teiripeoir saothair' in Éirinn ón 31 Márta 2017. Is iad na daoine a rinne iarratas (cleachtóirí reatha) nó a chláraigh le CORU, agus na daoine sin amháin, atá i dteideal dul i mbun cleachtaidh faoin teideal. Tá foráil do chosaint an teidil le fáil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

Is dul chun cinn an-mhór do ghairm na dteiripeoirí saothair in Éirinn atá sa chlárúchán. Cuirtear in iúl don phobal leis go bhfuil comhaltaí na gairme cáilithe agus go bhfuil ceangal orthu caighdeáin a chomhlíonadh ina gcleachtas faoina dtugtar tús áite do chúram agus do shábháilteacht an phobail. Cuirtear an pobal ar a suaimhneas go gcloíonn teiripeoirí ceirde cláraithe le caighdeáin fhaofa shonracha.

Bhí 2,237 teiripeoir ceirde ar Chlár Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair ag deireadh 2017. Táimid ag súil le dul ag obair leis na cláraithe sin lena chinntiú go ndéantar na caighdeáin is airde ó thaobh cúram othar de a sheachadadh go comhsheasmhach.

Tar éis comhairliúchán poiblí in 2016 agus cheadú na Comhairle ina dhiaidh sin, cheadaigh an Bord in 2017 dhá fhodhlí:

- An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár
- An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú.

I mí Feabhra cheadaigh an Bord tarmligean feidhmeanna i ndáil le gnáth-iarratais ó Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair chuig an gCláraitheoir. Cheadaigh an Bord freisin tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir i ndáil le foláirimh IMI

Ba bhreá linn ár mbuíochas a ghlacadh le comhaltaí an Bhoird as a n-iarracht chomhoibríoch agus as a gcúnamh i rith na bliana. Ceapadh cúigear comhaltaí nua ar an mBord in 2017. Ba iad sin  Gerard Walshe, Jagdish Prasad Yadav, Ann Sheehan, Clodagh Nolan, agus Tina McGrath. Ba mhaith linn fáilte a chur roimh ár gcomhaltaí nua ar4 fad agus táimid ag tnúth go mó le bheith ag abair i ndlúthpháirt leo.

Táimid ag súil le bheith ag obair leis an ngairm agus le bheith i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara arís in 2018 de réir mar a dhéantar dul chun cinn níos mó ó thaobh rialáil teiripeoirí saothair de ar mhaithe le leas an phobail.

---

**Richard Hammond**

*Cathaoirleach*
*Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*
*Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair*

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte comhaltaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde i mí Feabhra 2013 ar bhonn fógra ceapacháin phoiblí.

Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Is comhaltaí tuata iad seachtar, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Lucht bainistíochta ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Cleachtadh na gairme.

Is é Richard Hammond an Cathaoirleach ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair faoi láthair.

Tháinig Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair le chéile naoi n-uaire in 2016.

Bhí trí fholúntas ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair ag deireadh 2017.

## Ról

Faoin Acht is é ról na mBord Clárúcháin an pobal a chosaint ach iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a chur chun cinn le clárú reachtúil na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

**Tá Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:**

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a cheapadh
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

## Fodhlíthe

Tar éis comhairliúchán poiblí in 2016 agus cheadú na Comhairle ina dhiaidh sin, cheadaigh an Bord dhá fhodhlí, an Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár agus maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú.

Faoi Alt 31 den Acht ceadaítear do Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair fodhlíthe a dhéanamh maidir leis an bpróiseas chun duine a chur ar ais ar an gclár. Tá na forálacha riachtanacha san Acht chun déileáil le hócáid nuair a bhaintear duine ón gclár de bharr neamhíoc táillí coinneála agus go n-éilíonn an duine sin a chur ar ais ar an gclár ina dhiaidh sin. Níl gá mar sin le fodhlíthe don phróiseas seo.

Freastalaíonn na Fodhlíthe a cheadaítear faoi Alt 31 ar chúinsí ina lorgaíonn cláraitheoir a bhaint den chlár ar a iarraidh sin nó ina gcealaíonn an Chomhairle a c(h)lárú agus lorgaíonn an duine sin ina dhiaidh sin go gcuirfí é nó í ar ais ar an gclár.

D'fhonn soiléireacht agus leanúnachas sa chur chuige a chinntiú agus chun a chinntiú go bhfuil an próiseas le duine a chur ar ais stóinsithe, ba chuí go n-úsáidfeadh Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair na forálacha dlíthiúla san Acht agus Fodhlíthe a dhéanamh a rialaíonn duine a chur ar ais ar an gclár. Tá fodhlí ar leith ag teastáil don dá chúinse éagsúla:

- An Fodhlí maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh
- An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú.

Tar éis an phróisis comhairliúcháin fhaofa agus agus tar éis dóibh na freagairtí uile ón suirbhé agus ó chumarsáidí ó pháirtithe leasmhara a bhreithniú, cheadaigh Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair na Fodhlíthe thuas.

## Coinní

Ainmníodh Richard Hammond mar Chathaoirleach ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair i mí Feabhra. Chuir an Bord fáilte roimh chúigear comhaltaí nua i mbliana. Ceapadh Gerard Walshe chun an Bhoird mar ionadaí i mbun bhainistiú na gairme. Ceapadh Jagdish Prasad Yadav chun an Bhoird mar ionadaí i mbun chleachtadh na gairme agus ceapadh Ann Sheehan chun an Bhoird mar ionadaí do leas an phobail. D'athcheap an tAire Clodagh Nolan agus Tina McGrath agus cuireadh fáilte rompu ar ais ar an mBord. Tá Clodagh Nolan i mbun oideachas teiripe saothair agus is teiripeoir saothair i mbun cleachtaidh í Tina McGrath. Ba mhaith leis an mBord buíochas a ghabháil leis na hiarchomhaltaí seo leanas as a gcuid obair dhian agus gach a ndearna siad i gcaitheamh na bliana; Odhrán Allen, Ailish Kelly agus Máire O'Leary.



## Clárúchán

Osclaíodh an Clár do theiripeoirí ceirde ar an 31 Márta 2015. Tar éis oscailt an Chláir, leanann idirthréimhse dhá bhliain do theiripeoirí saothair atá i mbun cleachtaidh cheana féin le hiarratas ar chlárú a chur isteach. Tá gá leis an tréimhse sin chun deis a thabhairt do dhaoine iarratas a dhéanamh ar chlárú agus ionas gur féidir leis an mBord a bheith deimhin go gcomhlíonann siad na ceanglais. Tugann sé deis aonuaire freisin do na cleachtóirí nach bhfuil na cáilíochtaí ceadaithe reatha acu iarratas a chur isteach ar chlárú. Tháinig deireadh leis an idirthréimhse ar an 31 Márta 2017.

Bhí líon iomlán de 2,237 teiripeoir ceirde cláraithe le Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair amhail ar an 31 Nollaig 2017.

Táthar fós ag obair ar iarratasóirí nua ar chlárú a phróiseáil. Caithfidh an Bord a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú.

Iarratasóirí:

- Ní mór don duine sin a bheith ina dhuine ceart agus cóir chun an ghairm a chleachtadh.

I gcás na ndaoine sin ag baint tairbhe as na socruithe idirthréimhseacha:

- Ní mór cáilíocht riachtanach mar atá liostaithe san Acht a bheith acu nó measúnú rathúil ar a n-inniúlacht ghairmiúil a bheith déanta
- Ní mór dóibh a bheith i mbun cleachtaidh sa Stát i gcaitheamh na gcúig bliana sular osclaíodh an Clár.

I gcás iontrálaithe nua:

- Ní mór cáilíocht cheadaithe a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin oilteachta atá leagtha síos ag CORU
- Ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Caithfidh gach iarratasóir ar chlárú grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith déanta acu mar chuid den phróiseas clárúcháin.

Faoi Nollaig 2017:

- d'fhág 8 dteiripeoir saothair an Clár as a stuaim féin
- baineadh 5 theiripeoir saothair den Chlár toisc nár íoc siad na táillí.

Tá Clár na dTeiripeoirí Saothair le fáil ar líne ag www.coru.ie.

## Údarás Inniúil

Mar an tÚdarás Inniúil don ghairm, rinne an Bord breithniú ar 90 iarratas ar cháilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2017.

I gcomhréir le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach, d'aithin an Bord 83 cáilíocht agus cheangail sé ar 2 iarratasóir beart cúitimh a ghlacadh chun dul i ngleic le heasnaimh a aithníodh ar a cháilíocht. Tar éis don Údarás Inniúil aitheantas a thabhairt do cháilíocht idirnáisiúnta, tá sealbhóir na cáilíochta i dteideal iarratas a dhéanamh ar chlárú.

## Gníomhaíochtaí Beartais

### Tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir - gnáth-iarratais

I mí Feabhra cheadaigh an Bord tarmligean feidhmeanna i ndáil le gnáth-iarratais ó Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair chuig an gCláraitheoir. Cuireann sé seo ar a chumas don Chláraitheoir iarratais a shampláil mar a dhéanann an Bord Clárúcháin agus is deis dhearfach é a chur ar chumas an Bhoird comhaltaí a ngairme faoi seach agus comhaltaí a chlárú ar bhealach níos éifeachtúla, gan an próiseas clárúcháin a chur i mbaol. Gabhann a lán buntáistí le gnáth-iarratais a tharmligean chuig an gCláraitheoir, lena n-áirítear:

- An meán-am próiseála a laghdú mí amháin ar a laghad do ghnáth-iarratais
- Ligean don Chláraitheoir iarratais chlárúcháin a phróiseáil i rith na bliana ar fad agus a bheith ábalta céimithe a chlárú go pras
- Ligean don Bhord Clárúcháin díriú ar shaincheisteanna beartais agus iarratais chlárúcháin le heisceachtaí
- Ar a laghad 100 bosca páipéir gach bliain agus costais fótachóipeála a shábháil.

### Tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir - foláirimh IMI

Cheadaigh an Bord freisin tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir i ndáil le foláirimh IMI Cuirfidh sé seo ar chumas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin/Chláraitheora Foláireamh IMI a eisiúint faoi ghairmí a bhfuil srian nó cosc curtha ag údaráis nó cúirteanna an Stáit ar ghníomhaíochtaí gairmiúla. I gcás ina bhfaigheann Cúirt sa Stát duine ciontach in uirlis bhréagach a úsáid mar fhianaise ar cháilíochtaí gairmiúla, tá sé de cheangal ar an údarás inniúil foláireamh a eisiúint faoi aitheantas an duine sin.

## Gníomhaíochtaí Oideachais

Cheadaigh Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair dréacht-Chritéir Sonrach don Ghairm le haghaidh Cláir Oiliúna agus Oideachais agus dréacht-Chaighdeáin Oilteachta le haghaidh Teiripeoirí Saothair i gcomhair comhairliúcháin ar an 30 Bealtaine 2017. Dréachtaíodh na doiciméid seo bunaithe ar dhoiciméid chreata nuashonraithe ceadaithe ag an gComhairle agus ceadaíodh iad lena n-úsáid i mí na Nollag 2015. Rinneadh comhairliúchán le páirtithe leasmhara ón 6 Meitheamh 2017 go dtí an 14 Iúil 2017. Cuireadh an t-aiseolas faoi bhráid an Bhoird lena bhreithniú agus ina dhiaidh sin ghlac an Bord Treoirlíne na Comhairle maidir leis an bhFodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe i mí Iúil.

Cheadaigh an Bord freisin an doiciméad um threoirlínte sonrach don ghairm. Déanfar an doiciméad seo a chumasc leis na treoirlínte maidir le croí-chritéir agus eiseofar ansin é do Sholáthraithe Oideachais. Tugann an doiciméad seo freisin treoirlínte do sholáthraithe maidir le critéir sonrach don ghairm a chomhlíonadh mar a bhaineann siad le cláir oiliúna agus oideachais atá leagtha amach in dhá mhír:


1. Leibhéal na gcáilíochtaí chun iontráil ar an gclár
2. Socrúcháin chleachtaidh

# Comhaltaí an Bhoird

## Odhrán Allen


*Ag gabháil do chleachtadh na gairme*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 2 chruinniú

## Patrick Benson


*Ionadaí leasa pobail*

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú

## June Boulger



*Rannpháirteach i mbainistiú sláinte poiblí / cúraim shóisialaigh*

D'fhreastail ar 0 gcruinniú as 9 gcruinniú

## Aisling Culhane




*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 9 gcruinniú

## Richard Hammond*


*Cathaoirleach*
*Ionadaí leasa pobail*

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 9 gcruinniú

## Ailish Kelly


*Ag gabháil do bhainistiú na gairme*

D'fhreastail ar 1 chruinniú amháin as 2 chruinniú

## Catherine McCabe



*Rannpháirteach in oideachas sláinte agus cúraim shóisialaigh*

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 9 gcruinniú

## Tina McGrath


*Ag gabháil do chleachtadh na gairme*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 2 chruinniú

## Clodagh Nolan


*Cathaoirleach*

*Ag gabháil d'oideachas na gairme*

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 4 chruinniú

## Maire O'Leary


*Rannpháirteach i mbainistiú sláinte deonaí/príobháidí, cúraim shóisialaigh*

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 6 chruinniú

## Ann Sheehan


*Ionadaí leasa pobail*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 4 chruinniú

## Gerard Walshe


*Ag gabháil do bhainistiú na gairme*

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 5 chruinniú

## Jagdish Prasad Yadav



*Ag gabháil do chleachtadh na gairme*

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 5 chruinniú

## Freastal ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair 2017

| Ainm | 12 Eanáir | 09 Feabhra | 21 Márta | 12 Aibreán | 30 Bealtaine | 04 Iúil | 05 M. Fómhair | 17 D. Fómhair | 21 Samhain |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Richard Hammond | ✓ | ✓ | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* |
| June Boulger | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ |
| Máire O'Leary | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | É | É | É |
| Patrick Benson | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Aisling Culhane | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Catherine McCabe | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Odhrán Allen | ✓ | ✓ | N | N | N | N | N | N | N |
| Ailish Kelly | ✓ | ✗ | N | N | N | N | N | N | N |
| Gerard Walshe | N | N | N | N | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Jagdish Prasad Yadav | N | N | N | N | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Ann Sheehan | N | N | N | N | N | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Tina McGrath | N | N | N | N | N | N | N | ✓ | ✓ |
| Clodagh Nolan | ✓* | ✓* | N | N | N | N | N | ✓ | ✓ |

### Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:

- ✓ d'fhreastail
- ✗ leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- N Ní raibh ar an gComhairle/ ar an mBord ar an dáta seo
- É D'éirigh as
- B Stádas breathnóra

# 4 Bord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bhord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta in 2017, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird, 2017, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) (an tAcht).

## Réamhrá

Tá áthas orainn an cuntas seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta in 2017 a chur i láthair. Tá an Bord freagrach as oideachas gairmiúil, iompar, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a leagan síos agus a chur chun cinn i measc radharceolaithe dáileacháin agus optaiméadraithe.





Bhí 184 radharceolaí dáileacháin agus 805 optaiméadraí cláraithe leis an mBord Clárúcháin Súil-Liachta ag deireadh mhí na Nollag 2017. Tá an Clár le feiceáil ar www.coru.ie, agus is féidir leis an bpobal an clár a sheiceáil le fáil amach an bhfuil radharceolaí dáileacháin nó optaiméadraí cláraithe agus a bheith muiníneach go mbaineann an duine sin le gairm ag a bhfuil na caighdeáin riachtanacha iompair agus feidhmíochta.

Gné bhunriachtanach dár ról is ea sábháilteacht an phobail agus cosaint úsáideoirí seirbhíse agus, chun an pobal a chosaint, is gá dúinn freastal ar na gairmeacha atá á rialáil againn trína chinntiú go mbíonn caighdeán oideachais na ngairmeacha sin á chosaint againn.

Rith CORU Feachtas Faisnéise Poiblí Samhna i mí na Samhna. Ba é cuspóir an fheachtais seo feasacht a ardú i measc an phobail faoi na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le lionsaí cosmaide áiféise a chaitheamh nár dhíol optaiméadraí cláraithe nó radharceolaí dáileacháin CORU. Bhain an feachtas, a ritheadh sna meáin chlóite agus ar chainéil ar líne, spriocghrúpa de 960,000 amach. De thoradh ar an bhfeachtas tháinig méadú mór ar an líon fiosrúchán ar Aonad Forfheidhmiithe CORU.

Beidh trí fholúntas ar an mBord i mí Feabhra 2019 nuair a thiocfaidh deireadh le téarmaí na gcomhaltaí ainmnithe. Beidh toghcháin ann d'iarrthóirí ainmnithe do na poist seo go luath in 2018. Táimid ag súil go mór le fáilte a chur roimh chomhaltaí nua-thofa ar an mBord.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh le comhaltaí reatha an Bhoird as a dtiomantas i rith na bliana. Táimid ag súil le bheith ag obair leis an ngairm agus le bheith i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara arís in 2018 agus muid ag leanúint dár gcuid oibre an pobal a chosaint le caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn.

**Peter McGrath**

*Cathaoirleach*
*Bord Clárúcháin*
*na nGairmithe*
*Radharceolaíochta*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*
*Bord Clárúcháin*
*na nGairmithe*
*Radharceolaíochta*

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta eatramhach ar an 09 Aibreán 2014. Tionóladh an chéad chruinniú ar an 20 Bealtaine 2014, agus tháinig an Bord le chéile sé huaire in 2014 agus faoi dhó in 2015 sula ndearna an tAire an t-ordú chun an Bord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta a chur ar bun i bhFeabhra 2015.

Tionóladh an chéad chruinniú reachtúil den Bhord Clárúcháin Súil-Liachta ar an 24 Márta 2015.

Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Is comhaltaí tuata iad seachtar, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile, ceathrar optaiméadraithe agus beirt radharceolaithe dáileacháin a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- Lucht bainistíochta ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme.

Bhí aon fholúntas amháin ar an mBord ag deireadh 2017.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

**Tá Bord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta ag CORU freagrach as na nithe seo a leanas:**

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a cheapadh
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

## Fodhlíthe

Tar éis comhairliúchán poiblí in 2016 agus cheadú na Comhairle ina dhiaidh sin, cheadaigh an Bord dhá fhodhlí, an Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár agus maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú.

Faoi Alt 31 den Acht ceadaítear do Bhord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta fodhlíthe a dhéanamh maidir leis an bpróiseas chun duine a chur ar ais ar an gclár. Tá na forálacha riachtanacha san Acht chun déileáil le hócáid nuair a bhaintear duine ón gclár de bharr neamhíoc táillí coinneála agus go n-éilíonn an duine sin a chur ar ais ar an gclár ina dhiaidh sin. Níl gá mar sin le Fodhlíthe don phróiseas seo.

Freastalaíonn na Fodhlíthe a cheadaítear faoi Alt 31 ar chúinsí ina lorgaíonn cláraitheoir a bhaint den chlár ar a iarraidh sin nó ina gcealaíonn an Chomhairle a c(h)lárú agus lorgaíonn an duine sin ina dhiaidh sin go gcuirfí é nó í ar ais ar an gclár.

D'fhonn soiléireacht agus leanúnachas sa chur chuige agus chun a chinntiú go bhfuil an próiseas le duine a chur ar ais stóinsithe, ba chuí go n-úsáidfeadh Bord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta na forálacha dlíthiúla san Acht agus Fodhlíthe a dhéanamh a rialaíonn duine a chur ar ais ar an gclár. Tá fodhlí ar leith ag teastáil don dá chúinse éagsúla:

- An Fodhlí maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh
- An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú.

Tar éis an phróisis comhairliúcháin cheadaithe agus agus tar éis dóibh na freagairtí uile ón suirbhé agus ó chumarsáidí ó pháirtithe leasmhara a bhreithniú, rinne Bord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta na Fodhlíthe thuas.

## Oideachas

I mí Feabhra 2017 cheadaigh Bord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta amlíne an Phróisis Ceadaithe Cláir don BSC sa Chlár um Dháileachan Oftalmach.

## Ceapachán

Ceapadh Richard Brennan ar Bhord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta i mí an Mheithimh 2017 mar ionadaí don leas poiblí agus d'fhreastail sé ar a chéad chruinniú i mí Mheán Fómhair 2017.

## Clárúchán

Táthar fós ag obair ar iarratais nua ar chlárú a phróiseáil. Caithfidh an Bord a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú.

I gcás iontrálaithe nua:

- Ní mór cáilíocht cheadaithe a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin oilteachta atá leagtha síos ag CORU
- Ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.
- Ní mór dóibh a bheith ina ndaoine cuí oiriúnacha chun an ghairm a chleachtadh.

Caithfidh gach iarratasóir ar chlárú grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith déanta acu mar chuid den phróiseas clárúcháin.

Bhí 805 optaiméadraí dáileacháin cláraithe faoi dheireadh na bliana 2017. Bhí 185 radharceolaí dáileacháin cláraithe freisin lenar cuimsíodh 111 cláraithe sa rannóg ghinearálta agus 74 cláraithe i rannóg na lionsaí tadhaill.

Faoi Nollaig 2017:

- d'fhág 20 cláraí an Clár as a stuaim féin
- baineadh 9 gcláraí den Chlár toisc nár íoc siad na táillí

Tá Clár na nOptaiméadraithe agus Clár na Radharceolaithe Dáileacháin le fáil ar líne ag www.coru.ie.

## Tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir - gnáth-iarratais

I mí Feabhra cheadaigh an Bord tarmligean feidhmeanna i ndáil le gnáth-iarratais ó Bhord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta chuig an gCláraitheoir. Cuireann sé seo ar a chumas don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin/Cláraitheoir iarratais a shampláil mar a dhéanann an Bord Clárúcháin. Is deis dhearfach é a chur ar chumas an Bhoird comhaltaí a ngairme faoi seach agus comhaltaí a chlárú ar bhealach níos éifeachtúla, gan an próiseas clárúcháin a chur i mbaol. Gabhann a lán buntáistí le gnáth-iarratais a tharmligean chuig an gCláraitheoir, lena n-áirítear:

- An meán-am próiseála a laghdú mí amháin ar a laghad do ghnáth-iarratais
- Ligean don Chláraitheoir iarratais chlárúcháin a phróiseáil i rith na bliana ar fad agus a bheith ábalta céimithe a chlárú go pras
- Ligean don Bhord Clárúcháin díriú ar shaincheisteanna beartais agus iarratais chlárúcháin le heisceachtaí
- Ar a laghad 100 bosca páipéir gach bliain agus costais fótachóipeála a shábháil.

## Údarás Inniúil

Mar an tÚdarás Inniúil, déanann an Bord a bhreithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárúchán. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe laistigh de Phoblacht na hÉireann.

I gcás ina mbíonn éagsúlachtaí móra (easnaimh mhóra) ann idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin oilteachta, is gá aon oideachas breise agus oiliúint bhreise, agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh. Más ann d'éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar bearta cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó triail inniúlachta a ghlacadh.

Cheadaigh an Bord 31 iarratas ar cháilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2017. Optaiméadraithe a bhí i gceist le 17 díobh sin, agus radharceolaithe dáileacháin a bhí i gceist le 14. Iarradh ar 6 iarratasóir eile bearta cúitimh a ghlacadh. Optaiméadraithe a bhí i gceist le 4 díobh sin, agus radharceolaithe dáileacháin a bhí i gceist le 2.

## Tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir - foláirimh IMI

Cheadaigh an Bord freisin tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir i ndáil le foláirimh IMI Cuirfidh sé seo ar chumas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin/Chláraitheora Foláireamh IMI a eisiúint faoi ghairmí a bhfuil srian nó cosc curtha ag údaráis nó cúirteanna an Stáit ar ghníomhaíochtaí gairmiúla. I gcás ina bhfaigheann Cúirt sa Stát duine ciontach in uirlis bhréagach a úsáid mar fhianaise ar cháilíochtaí gairmiúla, tá sé de cheangal ar an údarás inniúil foláireamh a eisiúint faoi shainiúlacht an duine sin.

## Fad bailíochta Oidis Lionsa Tadhaill

Tá an Bord freagrach as rialáil agus rialú a dhéanamh ar oideasú agus dáileadh agus díol spéacláirí. Rialaíonn sé na cúraimí sin trí Fhodhlí Bhord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta (Rialáil agus Rialú a dhéanamh ar Oidis a Thabhairt agus a Urghnamh agus ar Spéacláirí a Dhíol), 2015. Gné amháin den fhodhlí sin is go mbíonn tréimhse bhailíochta de bhliain amháin ag oidis le haghaidh spéaclaí. Tar éis dóibh dea-chleachtas sa réimse a bhreithniú agus tar éis a lán plé, chinn an Bord go mbeadh tréimhse bhailíochta de dhá bhliain ag oidis le haghaidh spéaclaí. Dá réir sin, tá sé i gceist ag an mBord fodhlí nua a dhéanamh a léireoidh an tréimhse leasaithe sin.

Is í an tréimhse bhailíochta leasaithe ar oidis le haghaidh spéaclaí an t-aon athrú a thabharfaidh Fodhlí Bhord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta (Rialáil agus Rialú a dhéanamh ar Oidis a Thabhairt agus a Urghnamh agus ar Spéacláirí a Dhíol), 2018 isteach.



# Comhaltaí an Bhoird

## Owen Blee
*Ag gabháil do chleachtadh na gairme*
D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 7 gcruinniú



## Seamus Boland
*Rannpháirteach sa bhainistiú sláinte deonaí/príobháidí agus cúraim shóisialaigh*
D'fhreastail ar 5 chruinniú as 7 gcruinniú



## Richard Brennan
*Ionadaí leasa pobail*
D'fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú




## Martin Coyne
*Ionadaí leasa pobail*
D'fhreastail ar 2 chruinniú as 7 gcruinniú




## Majella Daly
*Rannpháirteach i mbainistiú sláinte poiblí / cúraim shóisialaigh*
D'fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú




## Peter Davison
*Rannpháirteach in oideachas na sláinte/an chúraim shóisialaigh*
D'fhreastail ar 6 chruinniú as 7 gcruinniú



## Eilis Dolan English
*Ag gabháil do bhainistiú na gairme*
D'fhreastail ar 3 chruinniú as 7 gcruinniú



## John Doran
*Ag gabháil d'oideachas na gairme*
D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 7 gcruinniú



## Charles Irwin
*Ionadaí Leasa Pobail*
D'fhreastail ar 5 chruinniú as 7 gcruinniú



## Norma Judge
*Ag gabháil do chleachtadh na gairme*
D'fhreastail ar 5 chruinniú as 7 gcruinniú



## Peter McGrath *
*Cathaoirleach*
*Ag gabháil do bhainistiú na gairme*
D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 7 gcruinniú



## Ann Sheehan
*Ionadaí leasa pobail*
D'fhreastail ar 5 chruinniú as 7 gcruinniú



## Vivienne Starr
*Ag gabháil do chleachtadh na gairme*
D'fhreastail ar 6 chruinniú as 7 gcruinniú



### Freastal ar Bhord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta 2017

| Ainm | 08 Feabhra | 06 Márta | 28 Márta | 21 Meitheamh | 01 M. Fómhair | 11 D. Fómhair | 15 Samhain |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Peter McGrath | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* |
| Norma Judge | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Vivienne Starr | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Owen Blee | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Éilis Dolan-English | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ |
| Seamus Boland | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Peter Davison | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Martin Coyne | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Charles Irwin | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Ann Sheehan | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| John Doran | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Majella Daly | ✗ | ✗ | ✗ | É | É | É | É |
| Richard Brennan | N | N | N | N | ✓ | ✓ | ✓ |

**Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:**

✓ d'fhreastail

✗ leithscéal nó as láthair

* Cathaoirleach

**N** Ní raibh ar an gComhairle/ ar an mBord ar an dáta seo

**É** D'éirigh as

**B** Stádas breathnóra

# 5 Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí in 2017, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2017, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Réamhrá

Tá áthas orainn an tuarascáil seo ar obair Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí in 2017 a chur i láthair. Rinneadh dul chun cinn mór i gcaitheamh na bliana agus táimid ag súil le cur leis an obair seo in 2018, agus táimid den tuairim go mbeidh sé seo ina chéim mhór eile chun tosaigh don rialáil reachtúil.



D'oscail Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí an Clár d'fhisiteiripeoirí ar an 30 Meán Fómhair 2016 chun iarratas a dhéanamh ar chlárú reachtúil. Tá cleachtóirí reatha ina mbliain dheireanach anois den idirthréimhse chlárúcháin dhá bhliain agus ní mór dóibh cur isteach ar chlárúchán sa tréimhse sin sula dtabharfar cosaint dlí don teideal 'fisiteiripeoir'.

Tar éis cinneadh a ghlac an t-iar-Aire Sláinte, Leo Varadkar T.D., ag tús 2016 agus i gcomhaontú leis an Aire Sláinte reatha, Simon Harris T.D., déanfar úsáideoirí cáilithe an teidil 'teiripeoir fisiciúil' a rialáil agus a ligean isteach ar an gClár. Rinneadh dul chun cinn mór leis seo in 2017. Ar an 20 Nollaig tosaíodh an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (arna leasú) 2017. Ceadaíonn sé seo do dhaoine ar cleachtóirí fisiteiripe iad cheana féin, agus dóibhsean a bhfuil cáilíochtaí áirithe fisiteiripe acu, cur isteach ar chlárú le Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí.

Mar chuid den tuarascáil seo ba mhaith linn aitheantas a thabhairt d'fhisiteiripeoirí atá i mbun cleachtaidh, a bhfostóirí agus go leor daoine eile a bhí rannpháirteach san aistear i dtreo clárúcháin reachtúil. Ghlac siad páirt ghníomhach in obair an Bhoird trí chomhairliúcháin leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara, agus chabhraigh siad leis an gcóras clárúcháin reachtúil atá i bhfeidhm faoi láthair a chruthú.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh le comhaltaí go léir an Bhoird as a n-iarracht chomhoibríoch agus as a gcúnamh i rith na bliana. Táimid ag súil le bheith ag obair lena chéile arís in 2018 agus muid ag leanúint dár gcuid oibre i dtreo na rialála reachtúla.

---

**Anne Horgan**

*Cathaoirleach*
*Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*
*Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí*

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí ar an 20 Bealtaine 2015 tar éis fógra maidir le ceapachán poiblí. Tháinig an Bord le chéile seacht n-uaire in 2017.

Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird. Ní íoctar luach saothair le comhaltaí an Bhoird ach amháin rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.


Is comhaltaí tuata iad seachtar den Bhord, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- Lucht bainistíochta ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme.

Bhí ceithre fholúntas ar an mBord ag deireadh 2017.

## Coinní

Chríochnaigh na comhaltaí seo a leanas a dtéarmaí i mBealtaine 2017; John Kerrane, Aileen Sheehan, Martina Ryan, Guiseppe De Vito agus Ruth Whelan. Chuir an Bord fáilte roimh bheirt ionadaithe leasa phoiblí nuacheaptha i mbliana; d’fhreastail Fearghal Grimes ar a chéad chruinniú i mí an Mheithimh agus d’fhreastail Ruth Maher ar a céad chruinniú i mí Iúil.



## Fodhlíthe

Tar éis comhairliúchán poiblí in 2016 agus cheadú na Comhairle ina dhiaidh sin, cheadaigh an Bord dhá fhodhlí. Ba iad sin an Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár agus an Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú.

Faoi Alt 31 den Acht ceadaítear do Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí fodhlíthe a dhéanamh maidir leis an bpróiseas chun duine a chur ar ais ar an gclár. Tá na forálacha riachtanacha san Acht chun déileáil le hócáid nuair a bhaintear duine ón gclár de bharr neamhíoc táillí coinneála agus go n-éilíonn an duine sin a chur ar ais ar an gclár ina dhiaidh sin. Níl gá mar sin le Fodhlíthe don phróiseas seo.

Freastalaíonn na Fodhlíthe a cheadaítear faoi Alt 31 ar chúinsí ina lorgaíonn cláraitheoir a bhaint den chlár ar a iarraidh sin nó ina gcealaíonn an Chomhairle a c(h)lárú agus lorgaíonn an duine sin ina dhiaidh sin go gcuirfí é nó í ar ais ar an gclár.

D'fhonn soiléireacht agus leanúnachas sa chur chuige agus chun a chinntiú go bhfuil an próiseas le duine a chur ar ais stóinsithe, ba chuí go n-úsáidfeadh Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí na forálacha dlíthiúla san Acht agus Fodhlíthe a dhéanamh a rialaíonn duine a chur ar ais ar an gclár. Tá fodhlí ar leith ag teastáil don dá chúinse éagsúla:

- An Fodhlí maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh
- An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú.

Tar éis an phróisis comhairliúcháin cheadaithe agus tar éis dóibh na freagairtí uile ón suirbhé agus ó chumarsáidí ó pháirtithe leasmhara a bhreithniú, rinne Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí na Fodhlíthe thuas.

.

## Cosaint Teidil – Leasú Reachtaíochta

Tá na leasuithe ar an Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005, chun clárú fisiteiripeoirí a cheadú, chun dul i ngleic le saincheisteanna maidir le comhaltaí gairmiúla a cheapadh ar Bhoird agus ar an gComhairle agus chun dul i ngleic leis an bhfadhb le hiontráil mhall sa ghairm, críochnaithe anois ag Oifig an Ard-Aighne. Cuireadh ansin é láithreán na ríomhsheirbhísí Comh-Aireachta a fhorálann do chomhairliúchán le ranna rialtais eile chun go mbeifear in ann dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.

## Clárú

Osclaíodh an Clár d'fhisiteiripeoirí ar an 30 Meán Fómhair 2016. Tar éis oscailt an Chláir, leanann idirthréimhse dhá bhliain do ghairmithe atá i mbun cleachtaidh cheana féin le hiarratas ar chlárú a chur isteach. Tá gá leis an tréimhse sin chun deis a thabhairt do dhaoine iarratas a dhéanamh ar chlárú agus ionas gur féidir leis an mBord a bheith deimhin go gcomhlíonann siad na ceanglais.

Tugann sé deis aonuaire freisin do na cleachtóirí nach bhfuil na cáilíochtaí ceadaithe reatha acu iarratas a chur isteach ar chlárú. Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse seo d'fhisiteiripeoirí ar an 30 Meán Fómhair 2018. Bhí comhairle tugtha ag Cumann Fisiteiripeoirí Cairte na hÉireann dá comhaltaí gan clárú go dtí go mbeadh an reachtaíocht críochnaithe chun dul i ngleic leis na riachtanais go gcuirfeadh fisiteiripeoirí isteach ar chlárú. Tá súil againn go dtosóidh breis is 4,000 fisiteiripeoir in Éirinn a n-iarratais ar chlárú chomh luath agus is féidir in 2018 ó tá ábhair imní againn faoin tionchar a bheidh ag an moill seo ar obair na foirne clárúcháin.

Ba chinneadh casta é oscailt an Chláir don Bhord, agus glacadh an cinneadh tar éis breithniú fada agus plé casta ar go leor saincheisteanna. Aithníonn an Bord go mbeidh imní ar pháirtithe leasmhara áirithe i gcónaí, agus tá an Bord tiomanta do bheith ag obair le gach páirtí leasmhar chun réiteach a aimsiú.

Bhí líon iomlán de 148 fisiteiripeoir cláraithe le Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí amhail ar an 31 Nollaig 2017.

Táthar fós ag obair ar iarratasóirí nua ar chlárú a phróiseáil. Caithfidh an Bord a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú. Iarratasóirí:

- Ní mór don duine sin a bheith ina dhuine cuí oiriúnach chun an ghairm a chleachtadh.

I gcás na ndaoine sin ag baint tairbhe as na socruithe idirthréimhseacha:

- Ní mór cáilíocht riachtanach mar atá liostaithe san Acht a bheith acu nó measúnú rathúil ar a n-inniúlacht ghairmiúil a bheith déanta
- Ní mór dóibh a bheith i mbun cleachtaidh sa Stát i gcaitheamh na gcúig bliana sular osclaíodh an Clár.

I gcás iontrálaithe nua:

- Ní mór cáilíocht cheadaithe a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin oilteachta atá leagtha síos ag CORU
- Ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Caithfidh gach iarratasóir ar chlárú grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith déanta acu mar chuid den phróiseas clárúcháin.

Faoi Nollaig 2017:

- d'fhág 0 cláraí an Clár as a stuaim féin
- baineadh 0 cláraí den Chlár toisc nár íoc siad na táillí

Tá Clár na bhFisiteiripeoirí le fáil ar líne ag www.coru.ie.

## Tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir - gnáth-iarratais

I mí Feabhra cheadaigh an Bord tarmligean feidhmeanna i ndáil le gnáth-iarratais ó Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí chuig an gCláraitheoir. Cuireann sé seo ar a chumas don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin/ Cláraitheoir iarratais a shampláil mar a dhéanann an Bord Clárúcháin agus is deis dhearfach é a chur ar chumas an Bhoird comhaltaí a ngairme faoi seach agus comhaltaí a chlárú ar bhealach níos éifeachtúla, gan an próiseas clárúcháin a chur i mbaol. Gabhann a lán buntáistí le gnáth-iarratais a tharmligean chuig an gCláraitheoir, lena n-áirítear:

- An meán-am próiseála a laghdú mí amháin ar a laghad do ghnáth-iarratais
- Ligean don Chláraitheoir iarratais chlárúcháin a phróiseáil i rith na bliana ar fad agus a bheith ábalta céimithe a chlárú go pras
- Ligean don Bhord Clárúcháin díriú ar shaincheisteanna beartais agus iarratais chlárúcháin le heisceachtaí.

## Údarás Inniúil

Mar an tÚdarás Inniúil don ghairm, rinne an Bord breithniú ar 124 iarratas ar cháilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2017.

I gcomhréir le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach, d'aithin an Bord 63 cáilíocht agus cheangail sé ar 13 iarratasóir beart cúitimh a ghlacadh chun dul i ngleic le heasnaimh a aithníodh ar a cháilíocht. Tar éis don Údarás Inniúil aitheantas a thabhairt do cháilíocht idirnáisiúnta, tá sealbhóir na cáilíochta i dteideal iarratas a dhéanamh ar chlárú.

### Tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir - foláirimh IMI

Cheadaigh an Bord freisin tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir i ndáil le foláirimh IMI Cuirfidh sé seo ar chumas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin/Chláraitheora Foláireamh IMI a eisiúint faoi ghairmí a bhfuil srian nó cosc curtha ag údaráis nó cúirteanna an Stáit ar ghníomhaíochtaí gairmiúla. I gcás ina bhfaigheann Cúirt sa Stát duine ciontach in uirlis bhréagach a úsáid mar fhianaise ar cháilíochtaí gairmiúla, tá sé de cheangal ar an údarás inniúil foláireamh a eisiúint faoi shainiúlacht an duine sin.

## Oideachas

### Cáilíochtaí Ceadaithe don Chlárú

Cheadaigh an Bord na cláir oideachais seo a leanas in 2017.

- BSc san Fhisiteiripe, Ollscoil Luimnigh
- MSc san Fhisiteiripe, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath
- BSc san Fhisiteiripe, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn.

### Critéir agus Caighdeáin Oilteachta

Cheadaigh an Bord dréacht-Chritéir agus Caighdeáin Oilteachta Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí le haghaidh Oideachais agus Oiliúna a chur ar aghaidh do chomhairliúchán páirtithe leasmhara i mí Aibreáin.

Cheadaigh an Bord freisin caighdeáin don fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus riachtanais do chláraitheoirí. Shonraigh agus cheadaigh an Bord riachtanais don Chleachtadh Príobháideach.

## Cinntí Beartais Eile

Cheadaigh an Bord na Creat-Bheartais um Dhaoine Cearta Oiriúnacha. Breithneoidh an Bord gach iarratas nach iarratas simplí é ar bhonn cás ar chás, lena n-áirítear iarratais ina ndéantar dearbhú mar chuid den dearbhú maidir le daoine cuí oiriúnacha nó i gcásanna ina bhfaightear tuarascáil tar éis ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Cabhraíonn an Creat-Bheartas um Dhaoine Cuí Oiriúnacha leis an mBord breithniú a dhéanamh ar iarratais den sórt sin.

# Comhaltaí an Bhoird

## Roy Brennan



*Ionadaí leasa pobail*

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 7 gcruinniú

## Jane Carolan



*Ag gabháil do bhainistiú eagraíochta deonaí/príobháidí sláinte/cúraim shóisialaigh*

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 7 gcruinniú

## David Cross




*Breathnóir Teiripeoirí Fisiciúla*

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 7 gcruinniú

## Giuseppe DeVito



*Rannpháirteach in oideachas sláinte agus cúraim shóisialaigh*

D'fhreastail ar 0 gcruinniú as 3 chruinniú

## Catherine Doody




*Ag gabháil do bhainistiú eagraíochta deonaí/príobháidí sláinte/cúraim shóisialaigh*

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú

## Fearghal Grimes




*Ionadaí Bainistíochta Sláinte Poiblí/Cúraim Shóisialaigh*

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 4 chruinniú

## Padraig Heverin



*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 7 gcruinniú

## Anne Horgan




*Cathaoirleach*

*Ag gabháil do bhainistiú na gairme*

*D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 7 gcruinniú*

## John Kerrane



*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú

## Ruth Magee



*Ag gabháil don chleachtadh*

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 7 gcruinniú


## Ruth Maher




*Ionadaí leasa pobail*

D'fhreastail ar 1 chruinniú amháin as 3 chruinniú

## Martina Ryan



*Ag gabháil do chleachtadh na gairme*

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú

## Aileen Sheehan



*Ag gabháil do chleachtadh na gairme*

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú

## Ruth Whelan



*Ag gabháil do bhainistiú na gairme*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 3 chruinniú

### Freastal ar Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí 2017

| Ainm | 01 Feabhra | 08 Márta | 26 Aibreán | 14 Meitheamh | 19 Iúil | 29 M. Fómhair | 22 Samhain |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Anne Horgan | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* |
| Ruth Magee | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✕ |
| Aileen Sheehan | ✓ | ✓ | ✓ | N | N | N | N |
| Martina Ryan | ✓ | ✓ | ✓ | N | N | N | N |
| Ruth Whelan | ✓ | ✓ | ✕ | N | N | N | N |
| Jane Carolan | ✕ | ✓ | ✓ | ✓ | ✕ | ✓ | ✕ |
| Giuseppe De Vito | ✕ | ✕ | ✕ | N | N | N | N |
| John Kerrane | ✓ | ✓ | ✓ | N | N | N | N |
| Padraig Heverin | ✕ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Roy Brennan | ✕ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| David Cross | ✓ B | ✕B | ✓ B | ✓ B | ✕B | ✓ B | ✓ B |
| Catherine Doody | N | ✕ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Fearghal Grimes | N | N | N | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ruth Maher | N | N | N | N | ✓ | ✕ | ✕ |

**Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:**

- ✓ d'fhreastail
- ✕ leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- **N** Ní raibh ar an gComhairle/ ar an mBord ar an dáta seo
- **É** D'éirigh as
- **B** Stádas breathnóra

# 6 Bord Clárúcháin na Síceolaithe

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bord Clárúcháin na Síceolaithe in 2017, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2017, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Réamhrá

An 21 Iúil 2017, dheimhnigh an tAire Sláinte, Simon Harris T.D., bunú Bord Clárúcháin na Síceolaithe agus ceapachán comhaltaí chun an Bhoird, faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú). Tionóladh an chéad chruinniú den Bhord Clárúcháin ar an 19 Samhain 2017.

Tá freagracht reachtúil ar Bhord Clárúcháin na Síceolaithe as na nithe seo a leanas:

- clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- cúrsaí oideachasúla don ghairm a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- an cód iompair ghairmiúil agus eitice agus na caighdeáin feidhmíochta a leagan amach ar gá do Shíceolaithe cloí leo.

Is ann d'oscailteacht agus do chuntasacht níos mó don phobal mar thoradh ar an rialáil reachtúil, agus neartaítear cultúr inniúlachta agus Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do ghairmithe. Forbairt mhaith is ea an t-aistriú i dtreo clárúcháin reachtúil, agus bíonn ról bunriachtanach aige sin ó thaobh tacú le caighdeáin ghairmiúla de. Is iad na cleachtóirí a chloíonn leis na caighdeáin atá leagtha amach ag Bord Clárúcháin na Síceolaithe, agus na cleachtóirí sin amháin, a bheidh i dteideal dul i mbun cleachtaidh faoin teideal. Ar an ábhar sin, neartófar agus feabhsófar muinín an phobail as an ngairm.

In 2018, déanfaidh Bord Clárúcháin na Síceolaithe dul chun cinn ar obair i roinnt réimsí tábhachtacha, agus beidh an obair sin ina bunchloch do rialáil na gairme. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh leis na Comhaltaí Boird as a dtiomantas don ról i rith bhlianta tosaigh an Bhoird Clárúcháin.

Beidh comhairliúcháin phoiblí maidir le bunghnéithe den réim rialála nua ina gcuid mhór dár ngníomhaíocht in 2018, agus táimid ag súil le bheith ag obair leis an ngairm agus le bheith i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara agus muid ag leanúint dár gcuid oibre ar rialáil reachtúil na síceolaithe.

**Ann Ellis**
*Cathaoirleach Bhord Clárúcháin na Síceolaithe*

**Ginny Hanrahan**
*Cláraitheoir Bhord Clárúcháin na Síceolaithe*



## Cúlra

### Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na Síceolaithe in Iúil 2017.

Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Is comhaltaí tuata iad seachtar, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Lucht bainistíochta ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm, agus
- Cleachtadh na gairme.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

**Tá Bord Clárúcháin na Síceolaithe ag CORU freagrach as na nithe seo a leanas:**

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Na riachtanais maidir le filleadh ar chleachtadh a leagan amach
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a leagan amach
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

Ní raibh folúntas ar bith ar Bhord Clárúcháin na Síceolaithe ag deireadh 2017.

Tionóladh an chéad chruinniú de Bhord Clárúcháin na Síceolaithe ar an 19 Meán Fómhair 2017. Ainmníodh Ann Ellis mar Chathaoirleach. Bhí crannchur ag an mBord do na téarmaí oifige a bhí fágtha ag na comhaltaí.

# Comhaltaí an Bhoird

## Niall Byrne



*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 2 chruinniú

## Ann Ellis



*Cathaoirleach*

*Bainistiú sláinte poiblí / cúraim shóisialaigh*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 2 chruinniú

## Joan Fitzgerald



*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 2 chruinniú

## Sinead Fitzgerald



*Ag gabháil do bhainistiú na gairme*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 2 chruinniú

## Natalie Hession



*Ag gabháil do bhainistiú na gairme*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 2 chruinniú

## Gráinne Kirwan



Ag gabháil d'oideachas na gairme

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 2 chruinniú

## Paul Longmore



*Ionadaí Bainistíochta Sláinte Príobháidí/Cúraim Shóisialta*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 2 chruinniú

## John T Malone



Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 2 chruinniú

## Edel Moloney



*Ag gabháil do chleachtadh na gairme*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 2 chruinniú

## Una Doyle O'Sullivan



*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 2 chruinniú

## Eimear Spain



*Páirteach san Oideachas*

D'fhreastail ar 1 chruinniú amháin as 2 chruinniú

## Fiona Weldon



*Ag gabháil do chleachtadh na gairme*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 2 chruinniú

## Kieran Woods



*Ag gabháil do chleachtadh na gairme*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 2 chruinniú

## Freastal ar Bhord Clárúcháin na Síceolaithe 2017

| Ainm | 19 M. Fómhair | 29 Samhain |
|---|---|---|
| Ann Ellis | ✓* | ✓* |
| Niall Byrne | ✓ | ✓ |
| Joan Fitzgerald | ✓ | ✓ |
| Sinead Fitzgerald | ✓ | ✓ |
| Natalie Hession | ✓ | ✓ |
| Grainne Kirwan | ✓ | ✓ |
| Paul Longmore | ✓ | ✓ |
| John T Malone | ✓ | ✓ |
| Edel Moloney | ✓ | ✓ |
| Una Doyle O’Sullivan | ✓ | ✓ |
| Eimear Spain | ✓ | ✗ |
| Fiona Weldon | ✓ | ✓ |
| Kieran Woods | ✓ | ✓ |

**Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:**

✓ d’fhreastail

✗ leithscéal nó as láthair

* Cathaoirleach

**N** Ní raibh ar an gComhairle/ ar an mBord ar an dáta seo

**É** D’éirigh as

**B** Stádas breathnóra

# 7 Bord Clárúcháin na Radagrafaithe

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe in 2017, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2017, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Réamhrá

Tá áthas orainn an tuarascáil seo ar obair Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe  in 2012 a chur i láthair. Cuireadh an Bord ar bun breis is cúig bliana ó shin, agus tionóladh an chéad chruinniú in Eanáir 2012. Ó shin i leith, táimid ag obair i ndlúthchomhar lenár bpáirtithe leasmhara le cinntiú go gcloíonn raideagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta leis na caighdeáin is airde ó thaobh iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht de.



Tá fás leanúnach ar an líon gairmithe cláraithe le Bord Clárúcháin na Radagrafaithe, agus bhí 2,413 raideagrafaí agus teiripeoir radaíochta ar an gClár amhail ar an 31 Nollaig 2017. Is méadú 10% ar fhigiúirí 2016 é sin. Tá staitisticí suimiúla ar fáil anois faoi bhriseadh síos an chláir de réir inscne a léiríonn gur fir iad 20% de na cláraitheoirí agus mná iad 80% díobh.

Tá an Clár le feiceáil ar www.coru.ie, agus is féidir leis an bpobal an clár a sheiceáil le fáil amach an bhfuil raideagrafaí nó teiripeoir radaíochta cláraithe agus a bheith muiníneach go mbaineann an duine sin le gairm ag a bhfuil na caighdeáin riachtanacha iompair agus feidhmíochta.

Mar an tÚdarás Inniúil faoin Treoir Eorpach maidir le Cáilíochtaí a Aithint don ghairm, daoine ar mian leo dul i mbun oibre in Éirinn mar raideagrafaí nó mar theiripeoir radaíochta in Éirinn agus a bhfuil cáilíochtaí ó lasmuigh den Stát acu, ní mór dóibh iarratas a chur isteach chuig an mBord go n-aithneofaí a gcáilíochtaí sular féidir leo iarratas a dhéanamh ar chlárú.

Tar éis comhairliúchán poiblí in 2016 agus cheadú na Comhairle ina dhiaidh sin, cheadaigh an Bord dhá fhodhlí. Ba iad sin an Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár agus an Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú. Tá sonraí breise faoi seo le fáil sa chuid sin den tuarascáil seo a bhaineann le Fodhlíthe.

Léiríonn Fodhlí Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe 2013 (I.R. Uimh. 392) an tábhacht a ghabhann le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach chun cuspóir na mBord an pobal a chosaint a bhaint amach. I mí Dheireadh Fómhair scríobh an Bord go dtí a chláraithe faoin iniúchadh ar shampla de phortfóiliónna Forbartha Gairmiúla agus Leanúnaí radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta ón tsraith 1 Samhain go 31 Deireadh Fómhair 2017. Cabhróidh toradh na hiniúchóireachta sin le treoir a thabhairt don Bhord ina fheidhm chun treoir agus tacaíocht a thabhairt do chláraithe maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach amach anseo.

Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil le comhaltaí uile an Bhoird, comhaltaí reatha agus na comhaltaí sin a rachaidh a dtéarmaí in éag in 2018. Is ar bhonn deonach a ghlacann comhaltaí Boird páirt agus is mór againn a dtiomantas agus a rannpháirt.

**Richard Bruton**

*Cathaoirleach*
*Bord Clárúcháin na Radagrafaithe*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*
*Bord Clárúcháin na Radagrafaithe*

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na Radagrafaithe in Eanáir 2012.

Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Is comhaltaí tuata iad seachtar, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- oideachas agus oiliúint na gairme,
- lucht bainistíochta ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm, agus
- cleachtadh na gairme.

Is é Richard Bruton an Cathaoirleach ar Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe faoi láthair.

Tháinig Bord Clárúcháin na Radagrafaithe le chéile 9 n-uaire in 2017.

Ní raibh folúntas ar bith ar Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe ag deireadh 2017.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

**Tá na feidhmeanna seo a leanas ag Bord Clárúcháin na Radagrafaithe:**

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Mar an tÚdarás Inniúil, cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a cheapadh
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

## Fodhlíthe

Tar éis comhairliúchán poiblí in 2016 agus cheadú na Comhairle ina dhiaidh sin, cheadaigh an Bord dhá fhodhlí. Ba iad sin an Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár agus an Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú.

Faoi Alt 31 den Acht ceadaítear do Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe fodhlíthe a dhéanamh maidir leis an bpróiseas chun duine a chur ar ais ar an gclár.  Tá na forálacha riachtanacha san Acht chun déileáil le hócáid nuair a bhaintear duine ón gclár de bharr neamhíoc táillí coinneála agus go n-éilíonn an duine sin a chur ar ais ar an gclár ina dhiaidh sin. Níl gá mar sin le Fodhlíthe don phróiseas seo.

Freastalaíonn na Fodhlíthe a cheadaítear faoi Alt 31 ar chúinsí ina lorgaíonn cláraitheoir a bhaint den chlár ar a iarraidh sin nó ina gcealaíonn an Chomhairle a c(h)lárú  agus lorgaíonn an duine sin ina dhiaidh sin go gcuirfí é nó í ar ais ar an gclár.

D’fhonn soiléireacht agus leanúnachas sa chur chuige agus chun a chinntiú go bhfuil an próiseas le duine a chur ar ais stóinsithe, ba chuí go n-úsáidfeadh Bord Clárúcháin na Radagrafaithe na forálacha dlíthiúla san Acht agus Fodhlíthe a dhéanamh a rialaíonn duine a chur ar ais ar an gclár.  Tá fodhlí ar leith ag teastáil don dá chúinse éagsúla:

- An Fodhlí maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh
- An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú.

Tar éis an phróisis comhairliúcháin cheadaithe agus tar éis dóibh na freagairtí uile ón suirbhé agus ó chumarsáidí ó pháirtithe leasmhara a bhreithniú, rinne Bord Clárúcháin na Radagrafaithe na Fodhlíthe thuas.

## Clárú

D’oscail Bord Clárúcháin na Radagrafaithe a Chlár ar an 31 Deireadh Fómhair 2013. Tar éis oscailt an Chláir, leanann idirthréimhse dhá bhliain do ghairmithe atá i mbun cleachtaidh cheana féin le hiarratas ar chlárú a chur isteach. Bhí gá leis an tréimhse sin chun deis a thabhairt do dhaoine iarratas a dhéanamh ar chlárú agus ionas go bhféadfadh an Bord a bheith deimhin gur chomhlíonadar na ceanglais. Ina theannta sin, ba é an t-aon deis amháin é do chleachtóirí nach raibh cáilíochtaí ceadaithe acu an tráth sin chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. Tháinig deireadh leis an idirthréimhse ar an 31 Deireadh Fómhair 2015.

Bhí líon iomlán de 2,030 radagrafaí agus 383 teiripeoir radaíochta cláraithe leBord Clárúcháin na Radagrafaithe amhail ar an 31 Nollaig 2017.

Táthar fós ag obair ar iarratais nua ar chlárú a phróiseáil. Caithfidh an Bord a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú.

Iarratasóirí:

- Ní mór don duine sin a bheith ina dhuine cuí oiriúnach chun an ghairm a chleachtadh.

I gcás na ndaoine sin ag baint tairbhe as na socruithe idirthréimhseacha:

- Ní mór cáilíocht riachtanach mar atá liostaithe san Acht a bheith acu nó measúnú rathúil ar a n-inniúlacht ghairmiúil a bheith déanta
- Ní mór dóibh a bheith i mbun cleachtaidh sa Stát i gcaitheamh na gcúig bliana sular osclaíodh an Clár.

I gcás iontrálaithe nua:

- Ní mór cáilíocht cheadaithe a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin oilteachta atá leagtha síos ag CORU
- Ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Caithfidh gach iarratasóir ar chlárú grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith déanta acu mar chuid den phróiseas clárúcháin.

Faoi Nollaig 2017:

- d'fhág 37 cláraí an Clár as a stuaim féin
- baineadh triúr cláraithe den Chlár toisc nár íoc siad na táillí.

Tá Rannán na Raideagrafaithe agus Rannán na dTeiripeoirí Radaíochta den Chlár le fáil ar líne ag www.coru.ie.

## Tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir - gnáth-iarratais

I mí Feabhra cheadaigh an Bord tarmligean feidhmeanna i ndáil le gnáth-iarratais ó Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe chuig an gCláraitheoir. Cuireann sé seo ar a chumas don Chláraitheoir iarratais a shampláil mar a dhéanann an Bord Clárúcháin agus is deis dhearfach é a chur ar chumas an Bhoird comhaltaí a ngairme faoi seach agus comhaltaí a chlárú ar bhealach níos éifeachtúla, gan an próiseas clárúcháin a chur i mbaol. Gabhann a lán buntáistí le gnáth-iarratais a tharmligean chuig an gCláraitheoir, lena n-áirítear:

- An meán-am próiseála a laghdú mí amháin ar a laghad do ghnáth-iarratais
- Ligean don Chláraitheoir iarratais chlárúcháin a phróiseáil i rith na bliana ar fad agus a bheith ábalta céimithe a chlárú go pras
- Ligean don Bhord Clárúcháin díriú ar shaincheisteanna beartais agus iarratais chlárúcháin le heisceachtaí
- Airgead ar pháipéar agus ar tháillí fótachóipeála a spáráil.

## Údarás Inniúil

Mar an Údarás Inniúil, déanann an Bord a bhreithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárúchán. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe laistigh de Phoblacht na hÉireann.

I gcás ina mbíonn éagsúlachtaí móra (easnaimh mhóra) ann idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin oilteachta, is gá aon oideachas breise agus oiliúint bhreise, agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh. Más ann d'éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar bearta cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó an deis chun triail inniúlachta a ghlacadh.

Bhí 176 n-iarratas ar cháilíochtaí idirnáisiúnta a aithint ceadaithe ag an mBord amhail ar an 31 Nollaig 2017. Bhain 148 iarratas díobh le raideagrafaithe agus bhain na 9 n-iarratas eile le teiripeoirí radaíochta. Iarradh ar 9 raideagrafaí a chuir iarratas isteach bearta cúitimh a ghlacadh, agus iarradh ar 1 theiripeoir amháin bearta cúitimh a ghlacadh.


## Tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir - foláirimh IMI

Cheadaigh an Bord freisin tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir i ndáil le foláirimh IMI Cuirfidh sé seo ar chumas an Chláraitheora foláireamh IMI a eisiúint faoi ghairmí a bhfuil srian nó cosc curtha, fiú go sealadach, ag údaráis nó cúirteanna an Stáit ar ghníomhaíochtaí gairmiúla. I gcás ina bhfaigheann Cúirt sa Stát duine ciontach in uirlis bhréagach a úsáid mar fhianaise ar cháilíochtaí gairmiúla, tá sé de cheangal ar an údarás inniúil foláireamh a eisiúint faoi aitheantas an duine sin.

## Oideachas


Tháinig deireadh leis an gcéad sraith 24 mhí d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do radagrafaithe agus do theiripeoirí radaíochta ar an 31 Deireadh Fómhair 2017. Chaith Bord Clárúcháin na Radagrafaithe méid mór ama ar an bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach a bhreithniú in 2017 agus ar an gcéad iniúchóireacht ar phortfóiliónna Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a gcláraithe. Tá an Bord den tuairim go bhfuil Forbairt Ghairmiúil Leanúnach lárnach do sheachadadh cleachtaidh agus seirbhísí ardchaighdeáin, agus go bhfuil sé riachtanach faoi Chód Iompair agus Eitice na radagrafaithe agus na dteiripeoirí radaíochta. Déanfaidh an Bord iniúchóireacht ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach in 2018. Glaofaidh an iniúchóireacht seo ar grúpa randamach de 10% de chláraithe a cláraíodh don tréimhse iomlán fiche ceathair mí idir 31 Deireadh Fómhair 2015 agus 1 Samhain 2017.





# Comhaltaí an Bhoird

## Cathy Booth



*Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh*

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 9 gcruinniú Boird

## Richard Bruton (Cathaoirleach)



*Bainistiú sláinte poiblí agus cúraim shóisialaigh*

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 9 gcruinniú Boird

## Mary Pat Corridan



*Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh*

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú Boird

## Alice Dorris




*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú Boird

## Cliona McGovern




*Ionadaí Tríú Leibhéal*

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú Boird

## Catherine McKenna



*Ag gabháil do bhainistiú na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm*

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú Boird

## Michele Monahan



*Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh*

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 9 gcruinniú Boird

## Mary O'Connor



*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 9 gcruinniú Boird

## Bill O'Neill*




*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 9 gcruinniú Boird

## Louise Rainford



*Ionadaí Oideachais agus Oiliúna*

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú Boird

## John Tuffy



*Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh*

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 9 gcruinniú Boird

## Dympna Watson



*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 9 gcruinniú Boird

## Freastal ar Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe 2017

| Ainm | 31 Eanáir | 07 Márta | 05 Aibreán | 16 Bealtaine | 20 Meitheamh | 25 Iúil | 12 M. Fómhair | 24 D. Fómhair | 28 Samhain |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Richard Bruton* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Michele Monahan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Mary O'Connor | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Louise Rainford | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Dympna Watson | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Bill O'Neill | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | É |
| Cathy Booth | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| John Tuffy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Catherine McKenna | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Alice Dorris | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Cliona McGovern | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Mary Pat Corridan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |

**Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:**

✓ d'fhreastail

✗ leithscéal nó as láthair

* Cathaoirleach

**N** Ní raibh ar an gComhairle/ ar an mBord ar an dáta seo

**É** D'éirigh as

**B** Stádas breathnóra

8

# Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh in 2017, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2017, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Réamhrá

In 2017, lean Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh lena chuid oibre maidir le cur le forbairt agus seachadadh a róil rialála in obair cúraim shóisialaigh in Éirinn agus tá an-áthas orainn an tuarascáil seo ar obair Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh in 2017 a chur i láthair.

Cuireann oibrithe cúraim shóisialaigh seirbhís ríthábhachtach ar fáil, agus tá an-tábhacht ag baint le caidreamh bunaithe ar iontaoibh agus ar mhuinín



Cuireadh an Bord ar bun dhá bhliain ó shin, agus tionóladh an chéad chruinniú ar an 25 Bealtaine 2015.

Cuireann Oibrithe Cúraim Shóisialaigh seirbhís ríthábhachtach ar fáil, agus tá an-tábhacht ag baint le caidreamh bunaithe ar iontaoibh agus ar mhuinín Forbairt dhearfach atá san aistriú i dtreo clárú reachtúil, rud a chuirfidh le stádas na gairme agus, an rud is tábhachtaí, rud a chuirfidh an pobal ar a suaimhneas go gcloíonn oibrithe cúraim shóisialaigh cláraithe le caighdeáin fhaofa shonracha.

In 2017, lean an Bord den obair ullmhúcháin fhairsing atá riachtanach le cinntiú go leagtar amach na caighdeáin chearta. Cuimsítear leis an obair sin forbairt an Chóid Iompair Ghairmiúil agus Eitice, na Critéir agus Caighdeáin Oilteachta a leagan amach, na Critéir do Chláir Oideachais agus Oiliúna - Treoirlínte do Sholáthraithe Cláir a cheadú, agus taighde eile a dhéanamh ar réimse casta na gairme seo, agus is obair an-tábhachtach atá ann chun caighdeáin an chleachtais shábháilte a bheidh de dhíth ar chláraithe a leagan amach.

Tá an-tábhacht ar fad ag baint le comhairliúcháin phoiblí maidir le bunghnéithe den réimeas rialála nua, agus cuirimid fáilte roimh gach gairmí, fostóir agus ball den phobal dul i dteagmháil leis an mBord trí na bealaí aiseolais éagsúla. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh le comhaltaí uile an Bhoird, a bhíonn rannpháirteach ar bhonn deonach, as a dtiomantas leanúnach, a n-iarrachtaí comhoibritheacha agus a rannpháirtíocht sa bheartas agus sa chinnteoireacht.

Táimid ag súil le leanúint den obair thábhachtach seo in 2018 agus muid ag obair i dtreo oscailt an Chláir.

**Dunia Hutchinson**

*Cathaoirleach*
*Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*
*Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh*

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh i mí an Mhárta 2015.

Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Is comhaltaí tuata iad seachtar, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- oideachas agus oiliúint na gairme,
- lucht bainistíochta ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm, agus
- cleachtadh na gairme.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

**Tá Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:**

- clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil;
- cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint;
- cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu;
- na riachtanais maidir le filleadh ar chleachtadh a leagan amach;
- an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a leagan amach; agus
- na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

Ní raibh folúntas ar bith ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh ag deireadh 2017.

## Coinní

Thug an Bord dá aire éirí as Pat Doyle in Eanáir 2017. Ceapadh Brian Hogan ar an mBord in mí an Mheithimh mar ionadaí do leas an phobail.

## Oideachas

I mí na Bealtaine, sheol Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh Caighdeáin Oilteachta le haghaidh Oibrithe Cúraim Shóisialaigh agus Critéir do Chláir Oiliúna agus Oideachais ar an 31 Márta 2017. I láthair ag an seoladh seo bhí ionadaithe ó réimse leathan de ghníomhaireachtaí cúraim shóisialaigh, oibrithe, bainisteoirí agus oideachasóirí cúraim shóisialaigh ina measc. Comhartha is ea seoladh riachtanais an Bhoird do réamh-thréimhse do sholáthraithe oideachais chun ullmhú don phróiseas ceadaithe cláir.

Tá an Bord tar éis dul i mbun comhairliúchán fairsing le soláthraithe oideachais cúraim shóisialaigh agus le príomhpháirtithe leasmhara chun comhairle a thabhairt maidir le próisis formheasa cláir CORU. Ina theannta sin, in 2017, cheadaigh an Bord Critéir le haghaidh Cláir Oideachais agus Oiliúna - Treoirlínte do Sholáthraithe Cláir.

## Pleanáil chun Oibrithe Cúraim Shóisialaigh a Chlárú

Tá obair mhór déanta ag an mBord in 2017 ar phleanáil chun Oibrithe Cúraim Shóisialaigh a chlárú lena n-áirítear;

- Taighde, plé agus comhairliúchán fairsing maidir le próiseas chun an clár a oscailt d'oibrithe cúraim shóisialaigh;
- Treoir a fhorbairt do 'ag gabháil do chleachtadh' na hoibre cúraim shóisialaigh mar chuid den fhéindearbhúchán ar iarratas chun cláraithe (nuair a osclófar an clár);
- Foirm teidil fostaíochta neamhchaighdeánach a fhorbairt dóibhsean nach bhfuil ag cleachtadh faoin teideal 'oibrí cúraim shóisialaigh' ach ar féidir leo a thaispeáint go raibh siad ag gabháil don obair chúraim shóisialaigh ar feadh dhá bhliain de na cúig bliana roimh oscailt an chláir.



# Comhaltaí

## Catherine Carty

*Páirteach san Oideachas*


D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



## Damien Courtney

*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú



## Paddy Duggan

*Bainistiú sláinte poiblí / cúraim shóisialaigh*

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú



## Maurice Fenton

*Ag gabháil do bhainistiú na gairme*

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



## Imelda Finerty

*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



## James Forbes

*Ag gabháil do bhainistiú na gairme*

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú



## Dunia Hutchinson

*Cathaoirleach*

*Ag gabháil do chleachtadh na gairme*

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú



## Brian Hogan

*Ionadaí Bainistíochta Sláinte Poiblí/Cúraim Shóisialaigh*

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 4 chruinniú



## Karen Kiernan

*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 6 chruinniú



## Ado McKenna

*Ag gabháil do chleachtadh na gairme*

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú



## Des Mooney

*Ag gabháil do chleachtadh na gairme*

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 6 chruinniú



## Tim Murphy

*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



## Jim Walsh

*Páirteach san Oideachas*

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú



### Freastal ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh 2017

| Ainm | 02 Márta | 23 Bealtaine | 27 Meitheamh | 28 M. Fómhair | 25 D. Fómhair | 16 Samhain |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dunia Hutchinson | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* |
| Ado McKenna | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Des Mooney | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| James Forbes | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Maurice Fenton | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Paddy Duggan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Jim Walsh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Damien Courtney | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Karen Kiernan | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Imelda Finnerty | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tim Murphy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Catherine Carty | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Brian Hogan | N | N | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |

### Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:

✓ d'fhreastail

✗ leithscéal nó as láthair

* Cathaoirleach

**N** Ní raibh ar an gComhairle/ ar an mBord ar an dáta seo

**É** D'éirigh as

**B** Stádas breathnóra

# 9 Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha in 2017, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2017, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Réamhrá

Tá an-áthas orainn an tuarascáil seo ar obair Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha in 2017 a chur i láthair. Cuireadh Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha ar bun breis is ocht mbliana ó shin, agus tionóladh an chéad chruinniú i Lúnasa 2010. Ó shin i leith, táimid ag obair i ndlúthchomhar lenár bpáirtithe leasmhara le cinntiú go gcloíonn Oibrithe Sóisialacha leis na caighdeáin is airde ó thaobh iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht de.



Tá fás leanúnach ar an líon daoine cláraithe le Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha, agus bhí 4,237 Oibrí Sóisialach ar an gClár amhail ar an 31 Nollaig 2017. Is méadú 4% é sin ar fhigiúirí 2016. Is léiriú é sin ar fheasacht leathan ar an oibleagáid maidir le clárú agus ar a thábhachtaí atá rialáil go ginearálta.

Tá an Clár le feiceáil ar www.coru.ie, agus is féidir leis an bpobal an clár a sheiceáil le fáil amach an bhfuil oibrí sóisialach cláraithe agus a bheith muiníneach go mbaineann an duine sin le gairm ag a bhfuil na caighdeáin riachtanacha iompair agus feidhmíochta.

Tháinig an Bord le chéile deich n-uaire in 2017 chun iarratais ar chlárú, ar aitheantas agus ar fhormheas clár oideachais a mheas agus a cheadú.

Tar éis comhairliúchán poiblí in 2016 agus cheadú na Comhairle ina dhiaidh sin, cheadaigh an Bord dhá Fhodhlí. Ba iad sin an Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár agus an Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú. In 2017 cheadaigh an Bord freisin tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir i ndáil le gnáth-iarratais agus tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir i ndáil le foláirimh IMI (Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh).

Ar deireadh, ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh leis na comhaltaí atá ag fanacht agus leis na comhaltaí nua as a gcomhairle chríonna agus as tabhairt faoina bhfreagrachtaí go dícheallach dúthrachtach.

Táimid ag súil le bheith ag obair leis an ngairm agus le bheith i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara arís in 2018 de réir mar a dhéantar dul chun cinn níos mó ó thaobh rialáil oibrithe sóisialacha de ar mhaithe le sábháilteacht an phobail.

**Donal Gill**

*Cathaoirleach*
*Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*
*Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha*

## Cúlra

### Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha i Lúnasa 2010.

Tá roinnt athruithe tagtha ar na comhaltaí Boird mar thoradh ar thoghcháin do na comhaltaí gairmiúla den Bhord agus comhaltaí tuata nua a bheith ceaptha.

Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Is comhaltaí tuata iad seachtar, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Lucht bainistíochta ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Cleachtadh na gairme.

Tháinig an Bord le chéile deich n-uaire ar fad sa bhliain.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

**Tá Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:**

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Na riachtanais maidir le filleadh ar chleachtadh a leagan amach
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a leagan amach
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

## Coinní

Cheap an tAire Sláinte Marian Quinn agus Damien Courtney i Meitheamh 2017 mar ionadaithe leas an phobail agus d'fhreastail siad ar a gcéad chruinniú i mí Iúil. Cheap an Bord Perry Share mar Chathaoirleach ag a chéad chruinniú i mí na Nollag 2017.

Ní raibh folúntas ar bith ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha ag deireadh 2017.

## Fodhlíthe

Tar éis comhairliúchán poiblí in 2016 agus cheadú na Comhairle ina dhiaidh sin, cheadaigh an Bord dhá fhodhlí. Ba iad sin an Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár agus an Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú.

Faoi Alt 31 den Acht ceadaítear do Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha fodhlíthe a dhéanamh maidir leis an bpróiseas chun duine a chur ar ais ar an gclár. Tá na forálacha riachtanacha san Acht chun déileáil le hócáid nuair a bhaintear duine ón gclár de bharr neamhíoc táillí coinneála agus go n-éilíonn an duine sin a chur ar ais ar an gclár ina dhiaidh sin. Níl gá mar sin le Fodhlíthe don phróiseas seo.

Freastalaíonn na Fodhlíthe a cheadaítear faoi Alt 31 ar chúinsí ina lorgaíonn cláraí a bhaint den chlár ar a iarraidh sin nó ina gcealaíonn an Chomhairle a chlárú agus lorgaíonn an duine sin ina dhiaidh sin go gcuirfí é nó í ar ais ar an gclár.

D’fhonn soiléireacht agus leanúnachas sa chur chuige a chinntiú agus chun a chinntiú go bhfuil an próiseas le duine a chur ar ais stóinsithe, ba chuí go n-úsáidfeadh Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha na forálacha dlíthiúla san Acht agus Fodhlíthe a dhéanamh a rialaíonn duine a chur ar ais ar an gclár. Tá fodhlí ar leith ag teastáil don dá chúinse éagsúla:

- An Fodhlí maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh
- An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú.

Tar éis an phróisis comhairliúcháin cheadaithe agus agus tar éis dóibh na freagairtí uile ón suirbhé agus ó chumarsáidí ó pháirtithe leasmhara a bhreithniú, rinne Bord Clárúcháin na na nOibrithe Sóisialacha na Fodhlíthe thuas.

## Clárú

Bhí líon iomlán de 4,237 oibrí sóisialach cláraithe le Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha amhail ar an 31 Nollaig 2017.

Tá an obair fós ar bun chun iarratasóirí nua a phróiseáil le haghaidh clárúcháin. Tá líon beag iarratas eile á gcur i gcrích ag an mBord freisin. Aithníodh castachtaí áirithe sna hiarratais sin agus rachaidh an Bord i dteagmháil leis na hoibrithe sóisialacha lena mbaineann. Caithfidh an Bord a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú. Iarratasóirí:

- Ní mór don duine sin a bheith ina dhuine cuí oiriúnach chun an ghairm a chleachtadh.

I gcás na ndaoine sin ag baint tairbhe as na socruithe idirthréimhseacha:

- Ní mór cáilíocht riachtanach mar atá liostaithe san Acht a bheith acu nó measúnú rathúil ar a n-inniúlacht ghairmiúil a bheith déanta; agus
- Ní mór dóibh a bheith i mbun cleachtaidh sa Stát i gcaitheamh na gcúig bliana sular osclaíodh an Clár.

I gcás iontrálaithe nua:

- Ní mór cáilíocht cheadaithe a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin oilteachta atá leagtha síos ag CORU; agus
- Ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Caithfidh gach iarratasóir ar chlárú grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith déanta acu mar chuid den phróiseas clárúcháin.

Faoi Nollaig 2017:

- d’fhág 72 oibrí sóisialach an Clár as a stuaim féin
- baineadh 50 oibrí sóisialach den Chlár toisc nár íoc siad na táillí.

Tá Clár na nOibrithe Sóisialacha le fáil ar líne ag www.coru.ie.

## Údarás Inniúil

Mar an Údarás Inniúil, déanann an Bord a bhreithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárúchán. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe laistigh de Phoblacht na hÉireann.

I gcás ina mbíonn éagsúlachtaí móra (easnaimh) ann comparáid idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin oilteachta, is gá aon oideachas breise agus oiliúint bhreise, agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh.  Más ann d'éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar bearta cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó triail inniúlachta a ghlacadh.

Cheadaigh an Bord 50 iarratas ar cháilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2017, agus iarradh ar 18 iarratasóir eile bearta cúitimh a ghlacadh.

## Gníomhaíochtaí Beartais

### Tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir - gnáth-iarratais

I mí Feabhra cheadaigh an Bord tarmligean feidhmeanna i ndáil le gnáth-iarratais ó Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha chuig an gCláraitheoir. Cuireann sé seo ar a chumas don Chláraitheoir iarratais a shampláil mar a dhéanann an Bord Clárúcháin agus is deis dhearfach é a chur ar chumas an Bhoird comhaltaí a ngairme faoi seach agus comhaltaí a chlárú ar bhealach níos éifeachtúla, gan an próiseas clárúcháin a chur i mbaol. Gabhann a lán buntáistí le gnáth-iarratais a tharmligean chuig an gCláraitheoir, lena n-áirítear:

- An meán-am próiseála a laghdú mí amháin ar a laghad do ghnáth-iarratais
- Ligean don Chláraitheoir iarratais chlárúcháin a phróiseáil i rith na bliana ar fad agus a bheith ábalta céimithe a chlárú go pras
- Ligean don Bhord Clárúcháin díriú ar shaincheisteanna beartais agus iarratais chlárúcháin le heisceachtaí
- Ar a laghad 100 bosca páipéir gach bliain agus costais fótachóipeála a shábháil.

### Tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir - foláirimh IMI

Cheadaigh an Bord freisin tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir i ndáil le foláirimh IMI Cuirfidh sé seo ar chumas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin/Chláraitheora Foláireamh IMI a eisiúint faoi ghairmí a bhfuil srian nó cosc curtha ag údaráis nó cúirteanna an Stáit ar ghníomhaíochtaí gairmiúla. I gcás ina bhfaigheann Cúirt sa Stát duine ciontach in uirlis bhréagach a úsáid mar fhianaise ar cháilíochtaí gairmiúla, tá sé de cheangal ar an údarás inniúil foláireamh a eisiúint faoi aitheantas an duine sin.

# Gníomhaíochtaí Oideachais

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Bhí an Bord sceidealaithe le hiniúchóireacht éigeantach tar éis dhúnadh Shraith FGL dhá bhliain i mí na Bealtaine 2017. Lorg an Bord comhairliúchán leis na cláraithe go déanach in 2016 agus go luath in 2017 agus fuair aiseolas maidir lena n-eispéireas leis an bpróiseas FGL. Bhí an t-aiseolas seo an-luachmhar agus chabhraigh sé leis an mBord an t-am suntasach agus na hacmhainní suntasacha atá á ndíriú ar FGL ag cláraithe a aithint. Agus an méid seo á chur san áireamh, thairg an Bord iniúchóireacht dheonach do chláraithe mar aitheantas ar thiomantas agus obair na gcláraithe. Roghnaíodh sampla randamach de 10% de chlár na n-oibrithe sóisialacha le hiniúchóireacht a dhéanamh air, cé gur tugadh deis do gach cláraí a phortfóilió a chur isteach go deonach agus aiseolas a fháil maidir le riachtanais FGL a ghnóthú agus maidir le caighdeáin taifeadta, dá mba mhian leo. Fuair Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha 138 portfóilió agus tá sé ag déanamh athbhreithniú faoi láthair ar thorthaí tuairisce treochta ar thorthaí na hiniúchóireachta deonaí. Bhí an méid a foghlaimíodh thar a bheith luachmhar agus tabharfaidh sé treoir don athbhreithniú ar Mhúnla FGL agus próiseas monatóireachta pleanáilte CORU in 2018.

# Comhaltaí an Bhoird

## Frankie Barrett

*Ionadaí Bainistíochta Sláinte Príobháidí/Cúraim Shóisialta*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 10 gcruinniú




## Damien Courtney

*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 4 chruinniú



## Donal Gill

*Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh*

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 10 gcruinniú



## Carmel Halton

*Ionadaí Oideachais*

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 10 gcruinniú



## John Hanily

*Ionadaí Bainistíochta Sláinte Poiblí/Cúraim Shóisialaigh*

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 10 gcruinniú



## Ned Kelly

*Ionadaí Leasa Pobail*


D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 10 gcruinniú




## Colette McLoughlin

*Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse*

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 10 gcruinniú



## Roberta Mulligan

*Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh*

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 10 gcruinniú




## Val O'Kelly

*Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse*

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 10 gcruinniú



## Peter O'Neill

*Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh*

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 10 gcruinniú



## Cormac Quinlan

*Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse*

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 10 gcruinniú



## Marian Quinn

*Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse*

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 4 chruinniú




## Perry Share

*Ionadaí Oideachais agus Oiliúna don 3ú leibhéal*

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 10 gcruinniú



### Freastal ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha 2017

| Ainm | 24 Eanáir | 14 Márta | 23 Márta | 20 Aibreán | 08 Bealtaine | 01 Meitheamh | 20 Iúil | 03 D. Fómhair | 07 Samhain | 11 Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Donal Gill | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* | ✓* |
| Peter O'Neill | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Colette McLoughlin | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Cormac Quinlan | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ned Kelly | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Perry Share | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓* |
| Roberta Mulligan | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Carmel Halton | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Val O'Kelly | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Frankie Barrett | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ |
| John Hanily | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Marian Quinn | N | ✗ | N | N | N | N | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Damien Courtney | N | ✗ | N | N | N | N | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

### Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:

✓ d'fhreastail

✗ leithscéal nó as láthair

* Cathaoirleach

**N** Ní raibh ar an gComhairle/ ar an mBord ar an dáta seo

**É** D'éirigh as

**B** Stádas breathnóra

10

# Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga in 2017, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2017, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Réamhrá

Tá áthas orainn an cuntas seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga in 2017 a chur i láthair. Tá an Bord freagrach as oideachas gairmiúil, iompar, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a leagan síos agus a chur chun cinn i measc teiripeoirí urlabhra agus teanga.

## Cuirtear le stádas na gairme mar thoradh ar rialáil agus, an rud is tábhachtaí, cuirtear an pobal ar a suaimhneas



Tá áthas orainn an cuntas seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga in 2017 a chur i láthair. Tá an Bord freagrach as oideachas gairmiúil, iompar, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a leagan síos agus a chur chun cinn i measc teiripeoirí urlabhra agus teanga.

Ba bhliain thábhachtach í 2017 do theiripeoirí urlabhra agus teanga mar gurbh í a chéad bhliain a raibh an clárúchán oscailte do ghairmithe. Osclaíodh an Clár don ghairm in 2014, agus bhí idirthréimhse dhá bhliain i gceist, ar tháinig deireadh léi ar an 31 Deireadh Fómhair 2016. Ón dáta sin i leith, tá cosaint dlí ag an teideal ‘teiripeoir urlabhra agus teanga’ in Éirinn.

Bhí 1,684 teiripeoir urlabhra agus teanga cláraithe ag an mBord ag deireadh 2017. Táimid ag súil le dul ag obair leis na cláraithe sin lena chinntiú go ndéantar na caighdeáin is airde ó thaobh cúram othar de a sheachadadh go comhsheasmhach.

Tar éis comhairliúchán poiblí in 2016 agus cheadú na Comhairle ina dhiaidh sin, cheadaigh an Bord dhá fhodhlí, an Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár agus maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú.

Toghadh comhaltaí do Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga in 2017. Reáchtáladh toghcháin chun dhá fholúntas ionadaí leas an phobail ar an mBord a líonadh. Chuireamar fáilte roimh bheirt ionadaí thofa, Catherine O’Neill agus Bernard Hegarty, ar an mBord tar éis a dtofa. Ina theannta sin, chuir an Bord fáilte ar ais roimh Celia Nichol tar éis a hathcheaptha mar ionadaí i mbun bhainistiú ghairm na dteiripeoirí urlabhra agus teanga..

In 2017 rinne Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga comhairliúcháin phoiblí maidir le Caighdeáin Oilteachta agus Critéir Sonrach don Ghairm. In 2017 cheadaigh an Bord freisin tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir i ndáil le gnáth-iarratais agus tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir i ndáil le foláirimh IMI.

Thacaigh an Chomhairle agus Foireann Feidhmiúcháin CORU go mór le Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga i rith na bliana. Táimid ag súil le leanúint dár n-obair thábhachtach chun an pobal a chosaint le caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn sa teiripe urlabhra agus teanga sna blianta atá amach romhainn.

**Judi Pettigrew**

*Cathaoirleach*
*Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*
*Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga*

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte comhaltaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga i mí Feabhra 2013 ar bhonn fógra ceapacháin phoiblí.

Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí. Comhaltaí tuata is ea seachtar de na comhaltaí a ceapadh, agus comhaltaí de chuid na gairme is ea an seisear eile, a bhíonn ag gabháil do na réimsí seo a leanas:

- Lucht bainistíochta ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag na Boird Chlárúcháin an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

**Tá Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:**

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a cheapadh
- Na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a leagan amach.

## Fodhlíthe

Tar éis comhairliúchán poiblí in 2016 agus cheadú na Comhairle ina dhiaidh sin, cheadaigh an Bord dhá fhodhlí, an Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár agus maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú.

Faoi Alt 31 den Acht ceadaítear do Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga Fodhlíthe a dhéanamh maidir leis an bpróiseas chun duine a chur ar ais ar an gclár. Tá na forálacha riachtanacha san Acht chun déileáil le hócáid nuair a bhaintear duine ón gclár de bharr neamhíoc táillí coinneála agus go n-éilíonn an duine sin a chur ar ais ar an gclár ina dhiaidh sin. Níl gá mar sin le Fodhlíthe don phróiseas seo.

Freastalaíonn na Fodhlíthe a cheadaítear faoi Alt 31 ar chúinsí ina lorgaíonn cláraitheoir a bhaint den chlár ar a iarraidh sin nó ina gcealaíonn an Chomhairle a chlárú agus lorgaíonn an duine sin ina dhiaidh sin go gcuirfí é nó í ar ais ar an gclár.

D'fhonn soiléireacht agus leanúnachas sa chur chuige agus chun a chinntiú go bhfuil an próiseas le duine a chur ar ais stóinsithe, ba chuí go n-úsáidfeadh Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga na forálacha dlíthiúla san Acht agus Fodhlíthe a dhéanamh a rialaíonn duine a chur ar ais ar an gclár. Tá fodhlí ar leith ag teastáil don dá chúinse éagsúla:

- An Fodhlí maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh
- An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú

Tar éis an phróisis comhairliúcháin cheadaithe agus tar éis dóibh na freagairtí uile ón suirbhé agus ó chumarsáidí ó pháirtithe leasmhara a bhreithniú, rinne Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga na Fodhlíthe thuas.

## Toghcháin

D'ainmnigh an Bord Judi Pettigrew mar Chathaoirleach an Bhoird i mí na Bealtaine 2017. Toghadh comhaltaí do Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga in 2017. Reáchtáladh toghcháin chun dhá fholúntas ionadaí leas an phobail ar an mBord a líonadh. Toghadh Catherine O'Neill agus Bernard Hegarty i mí an Mheithimh agus d'fhreastail siad ar a gcéad chruinniú i mí Iúil agus i mí Mheán Fómhair faoi seach. Athcheapadh Celia Nichol chun an Bhoird mar ionadaí i mbun bhainistiú ghairm na teiripe urlabhra agus teanga.

Bhí trí fholúntas ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí teiripeoir urlabhra agus teanga ag deireadh 2017.

## Clárú

Bhí líon iomlán de 1,684 teiripeoir urlabhra agus teanga cláraithe le Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga amhail ar an 31 Nollaig 2017.

Táthar fós ag obair ar iarratais nua ar chlárú a phróiseáil. Caithfidh an Bord a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú.

Iarratasóirí:

- Ní mór don duine sin a bheith ina dhuine cuí oiriúnach chun an ghairm a chleachtadh.

Ina gcás siúd atá ag baint leas as na socruithe idirthréimhseacha:

- Ní mór cáilíocht riachtanach mar atá liostaithe san Acht a bheith acu nó measúnú rathúil ar a n-inniúlacht ghairmiúil a bheith déanta; agus
- Ní mór dóibh a bheith i mbun cleachtaidh sa Stát i gcaitheamh na gcúig bliana sular osclaíodh an Clár.

I gcás iontrálaithe nua:

- Ní mór cáilíocht cheadaithe a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin oilteachta atá leagtha síos ag CORU

- Ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Caithfidh gach iarratasóir ar chlárú grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith déanta acu mar chuid den phróiseas clárúcháin.

Faoi Nollaig 2017:

- d'fhág 18 dteiripeoir urlabhra agus teanga an Clár as a stuaim féin
- Níor baineadh duine ar bith den Chlár toisc nár íoc siad na táillí.

Tá Clár na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga le fáil ar líne ag www.coru.ie.

## Údarás Inniúil

Mar an tÚdarás Inniúil don ghairm, rinne an Bord breithniú ar 18 n-iarratas ar cháilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2016.

Ina cháil mar Údarás Inniúil na gairme, in 2017 bhreithnigh an Bord 32 iarratas ar aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí idirnáisiúnta.

I gcomhréir le Treoir (AE) 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach, d'aithin an Bord 16 cháilíocht agus d'iarr sé ar thriúr iarratasóirí beart cúitimh a chur i gcrích chun dul i ngleic le heasnaimh a aithníodh ar an gcáilíocht a bhí acu. Nuair a bhíonn aitheantas tugtha do cháilíocht idirnáisiúnta ag an Údarás Inniúil, ansin tá an té a bhain amach an cháilíocht sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán.

## Oideachas

In 2017 chuaigh an Bord i mbun comhairliúcháin phoiblí maidir le Caighdeáin Oilteachta agus Critéir Sonrach don Ghairm.

### Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Mar ullmhúchán don chéad sraith d'iniúchóireachtaí éigeantacha a bhí le tosú in 2017, lorgaíodh athbhreithniú dlíthiúil ar an bpróiseas FGL. Ó forbraíodh an creat FGL, tá roinnt athruithe suntasacha déanta ar an tírdhreach rialála ag éirí as breithiúnais dhlíthiúla nua.

I bhfianaise an méid seo, agus d'fhonn próiseas stóinsithe agus cothrom a chinntiú, bheartaigh CORU athbhreithniú a dhéanamh, i gcomhairle le cláraithe agus páirtithe leasmhara eile, ar an múnla reatha FGL, lena n-áirítear na próisis i gcomhair rannpháirtíocht an cláraí le FGL a iniúchadh.

Chinn Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga go gcuirfí siar na hiniúchóireachtaí éigeantacha a bhaineann le feidhmiúlacht chun cleachtadh go dtí go mbeidh an t-athbhreithniú seo críochnaithe. Chuir an Bord an t-iarchur seo in iúl dá chláraithe i mí na Bealtaine 2017 agus d'eisigh treoir nuashonraithe dá chláraithe gur cheart dóibh 30 sochar FGL thar thréimhse 12 mhí.

Is riachtanas i gcónaí é an FGL faoi Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga. Aithníonn an Bord an luach gairmiúil suntasach a ghabhann le bheith páirteach san oideachas feadh saoil agus go ligeann sé do chláraithe a gcleachtadh a fheabhsú agus leanúint de sheirbhísí éifeachtacha a sholáthar dá n-úsáideoirí seirbhísí.

# Gníomhaíochtaí Beartais

## Tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir - gnáth-iarratais

I mí Feabhra cheadaigh an Bord tarmligean feidhmeanna i ndáil le gnáth-iarratais ó Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga chuig an gCláraitheoir. Cuireann sé seo ar a chumas don Chláraitheoir iarratais a shampláil mar a dhéanann an Bord Clárúcháin agus is deis dhearfach é a chur ar chumas an Bhoird comhaltaí a ngairme faoi seach agus comhaltaí a chlárú ar bhealach níos éifeachtúla, gan an próiseas clárúcháin a chur i mbaol. Gabhann a lán buntáistí le gnáth-iarratais a tharmligean chuig an gCláraitheoir, lena n-áirítear:

- An meán-am próiseála a laghdú mí amháin ar a laghad do ghnáth-iarratais
- Ligean don Chláraitheoir iarratais chlárúcháin a phróiseáil i rith na bliana ar fad agus a bheith ábalta céimithe a chlárú go pras
- Ligean don Bhord Clárúcháin díriú ar shaincheisteanna beartais agus iarratais chlárúcháin le heisceachtaí
- Ar a laghad 100 bosca páipéir gach bliain agus costais fótachóipeála a shábháil.

## Tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir - foláirimh IMI

Cheadaigh an Bord freisin tarmligean feidhmeanna chuig an gCláraitheoir i ndáil le foláirimh IMI Cuirfidh sé seo ar chumas an Chláraitheora foláireamh IMI a eisiúint faoi ghairmí a bhfuil srian nó cosc curtha, fiú go sealadach, ag údaráis nó cúirteanna an Stáit ar ghníomhaíochtaí gairmiúla. I gcás ina bhfaigheann Cúirt sa Stát duine ciontach in uirlis bhréagach a úsáid mar fhianaise ar cháilíochtaí gairmiúla, tá sé de cheangal ar an údarás inniúil foláireamh a eisiúint faoi aitheantas an duine sin.

# Comhaltaí an Bhoird

## Chinwe Rose Anago



*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 0 chruinniú as 1 chruinniú Boird

## Irene Gunning



*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú Boird

## Bernard Hegarty



*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 3 chruinniú Boird

## Suzanne Keenan




*Ionadaí Bainistíochta Sláinte Príobháidí/Cúraim Shóisialta*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 6 chruinniú Boird

## Maeve Murphy



*Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse*

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú Boird

## Celia Nichol



*Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse*

D'fhreastail ar 1 cheann amháin as 1 chruinniú Boird amháin

## Catherine O'Neill



*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 3 chruinniú Boird

## Judi Pettigrew




*Páirteach san Oideachas*

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 6 chruinniú Boird

## Fintan Reddy



*Ionadaí Leasa Pobail*

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 6 chruinniú Boird


## Martine Smith



*Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh*

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 6 chruinniú Boird

## Helen Shortt



*Cathaoirleach*

*Ionadaí Bainistíochta Sláinte Poiblí/Cúraim Shóisialaigh*

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 6 chruinniú Boird

### Freastal ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga 2017

| Ainm | 18 Eanáir | 15 Márta | 09 Bealtaine | 06 Iúil | 07 M. Fómhair | 09 Samhain |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Judith Pettigrew | ✗ | ✓ | ✓ | ✗* | ✓* | ✗* |
| Helen Shortt | ✓* | ✓* | ✗* | ✗ | ✗ | ✓ |
| Irene Gunning | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Suzanne Keenan | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ |
| Fintan Reddy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ |
| Martine Smith | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Maeve Murphy | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Chinwe Rose Anago | ✗ | N | N | N | N | N |
| Bernard Hegarty | N | N | N | ✗ | ✓ | ✓ |
| Catherine O'Neill | N | N | N | ✓ | ✗ | ✓ |
| Celia Nichol | N | N | N | N | N | ✓ |

**Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:**

✓ d'fhreastail

✗ leithscéal nó as láthair

* Cathaoirleach

**N** Ní raibh ar an gComhairle/ ar an mBord ar an dáta seo

**É** D'éirigh as

**B** Stádas breathnóra

# Aguisín 1: Freastal ar an gComhairle 2017

| Ainm | 19 Eanáir | 23 Feabhra | 30 Márta | 24 Aibreán | 04 Bealtaine | 29 Meitheamh | 27 Iúil | 21 M. Fómhair | 26 D. Fómhair | 07 Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bernard McCartan* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Anne Horgan | ✓B | ✓B | N | N | N | N | N | ✓ | ✗ | ✓ |
| Brian Lee | N | N | N | N | N | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Carmel Smith | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Caroline McIntosh | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ |
| Catherine McKenna | ✓B | ✓B | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ |
| Cormac Quinlan | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | N |
| David Irwin | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Deirdre Madden | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Dermott Jewell | ✓ | ✓ | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Fergal O'Sullivan | N | N | N | N | N | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Gerard Walshe | N | N | N | N | N | N | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Halóg Mellett | ✗ | N | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Inez Bailey | ✗ | ✗ | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Jackie Reed | ✓ | ✓ | N | N | N | N | N | N | N | N |
| James Forbes | ✗B | ✓B | ✓B | ✗B | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Joe Martin | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| John O'Mullane | ✓ | ✓ | N | N | N | N | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Laura Phelan | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Maeve Murphy | ✓ | ✗ | N | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Marie Culliton | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Marie Kinsella | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Mo Flynn | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Odhrán Allen | ✓ | ✓ | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Paul Lyng | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Peter Davison | ✓B | ✗B | ✓B | ✗B | ✗B | ✓B | ✗B | ✗B | ✓B | ✓B |
| Ruth Charles | N | N | N | N | N | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Shane McCarthy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Sinead Fitzgerald | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Stephen McMahon | ✓ | ✓ | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Tony McAleer | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Treasa Campbell | N | N | N | N | N | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Vivienne Starr | ✓B | ✓B | ✓B | ✗B | ✓B | ✓B | ✓B | ✓B | ✓B | ✓B |

# Aguisín 2: Freastal ar Choistí

## An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais

| Ainm | 6 Feabhra | 20 Márta | 26 Meitheamh | 18 Iúil | 25 M. Fómhair | 29 Samhain |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tony McAleer* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Odhran Allen | ✓ | N | N | N | N | N |
| Harry McGeary | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ |
| Maeve Murphy | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Martin O'Sullivan | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Declan Purcell | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Carmel Smith | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | N | N |

## Coiste Airgeadais agus Uile-Chuspóirí

| Ainm | 14 Márta | 23 Bealtaine | 18 Iúil | 26 M. Fómhair | 26 D. Fómhair | 23 Samhain |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Joe Martin* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Marie Culliton | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Paul Lyng | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Bernard McCartan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

## An Coiste Clárúcháin

| Ainm | 1 Feabhra | 28 Márta | 03 Iúil | 29 Lúnasa | 15 Samhain |
|---|---|---|---|---|---|
| Marie Cullllton* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Damhnait Gaughan | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Norma Judge | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Joe Martin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ann Horgan | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ |
| Maeve Murphy | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ |
| James Forbes | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Catherine McKenna | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ |
| Halóg Mellett | ✗ | N | N | N | N |

### An Coiste Oideachais

| Ainm | 5 Eanáir | 7 Feabhra | 14 Márta | 13 Meitheamh | 23 Samhain |
|---|---|---|---|---|---|
| David Irwin* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| John O'Mullane | ✓ | ✓ | ✗ | ✓B | ✗ |
| Ann Kearney | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Odhrán Allen | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Caroline McIntosh | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ |
| Peter Davison | N | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Marian O'Rourke | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Carmel Kearns | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Halóg Mellett | ✓ | N | N | N | N |
| Carmel Smith | N | N | N | ✓B | ✓ |

### Coiste Comhairleach Um Chleachtadh Gairmiúil

| Ainm | 2 Márta | 25 Bealtaine | 28 M. Fómhair |
|---|---|---|---|
| Mo Flynn | ✓ | ✓ | ✗ |
| David Irwin | ✗ | ✓ | ✗ |
| Deirdre Madden* | ✓ | ✓ | ✓ |
| Shane McCarthy | ✓ | ✓ | ✓ |
| Cormac Quinlan | ✗ | ✗ | ✓ |

### Coiste Ainmniúchán

| Ainm | 23 Bealtaine | 18 M. Fómhair | 27 Samhain |
|---|---|---|---|
| Shane McCarthy* | ✓ | ✓ | ✓ |
| Joe Martin | ✓ | ✓ | ✓ |
| Laura Phelan | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tom Jordan | ✓ | ✓ | ✓ |

### Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:

✓ d'fhreastail

✗ leithscéal nó as láthair

✓TC d'fhreastail ar theileachomhdháil

* Cathaoirleach

N ní raibh ceaptha ar an dáta seo


É D'éirigh as

B Breathnóir

# Giorrúcháin agus Sainmhínithe

| | |
|---|---|
| **An tAcht** | An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) |
| **An Bord** | Bord Clárúcháin |
| **PRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN** | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh |
| **Coiste** | Coiste comhairleach Coiste de chuid na Comhairle/an Bhoird, faoi chathaoirleacht comhalta den Chomhairle/Bhord, a dhéanann moltaí maidir le cinneadh ón gComhairle/ón mBord |
| **CORU** | Ainm gnó cláraithe agus ainm branda comhchoiteann ar an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus ar na Boird Chlárúcháin. |
| **An Chomhairle** | An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh |
| **Gairmeacha Ainmnithe** | Bithcheimiceoirí Cliniciúla, Diaitéitigh, Radharceolaithe Dáileacháin, Eolaithe Míochaine, Teiripeoirí Saothair, Optaiméadraithe, Ortoptaigh, Fisiteiripeoirí, Coslianna, Síceolaithe, Radagrafaithe, Teiripeoirí Radaíochta, Oibrithe Cúraim Shóisialaigh, Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga agus Oibrithe Sóisialacha. |
| **BCD** | Bord Clárúcháin na nDiatéiteach |
| **Comhaltaí Neamhspleácha** | Comhaltaí de Choistí na Comhairle nach bhfuil ar an gComhairle ná ar Bhord Clárúcháin de chuid CORU |
| **Comhalta Tuata** | Comhalta de chuid na Comhairle, na mBord Clárúcháin nó na gCoistí nach comhalta é nó í de chuid na ngairmeacha atá á rialáil nó atá le rialáil ag CORU |
| **An tAire** | An tAire Sláinte |
| **BCEM** | Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine |
| **BCGR** | An Bord Clárúcháin Súil-Liachta |
| **BCTS** | Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde |
| **BCF** | Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí |
| **BCS** | Bord Clárúcháin na Síceolaithe |
| **Cláraitheoir** | Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Cláraitheoir na mBord Clárúcháin |
| **BCR** | An Bord Cláraithe Radagrafaithe |
| **BCOCS** | Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh |
| **BCTUT** | Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga |
| **BCOS** | Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha |

# Comhaltaí Chomhairle CORU



Bernard **McCartan**
*Cathaoirleach*



Marie **Culliton**
*Leaschathaoirleach*



Odhran **Allen**




Inez **Bailey**




Treasa **Campbell**



Ruth **Charles**



Peter **Davison**



Sinead **Fitzgerald**



Mo **Flynn**



James **Forbes**




Anne **Horgan**



David **Irwin**



Marie **Kinsella**



Dermott **Jewell**




Brian **Lee**




Paul **Lyng**



Deirdre **Madden**



Halóg **Mellett**



Joe **Martin**


Tony **McAleer**


Shane **McCarthy**



Stephen **McMahon**


Caroline **McIntosh**


Catherine **McKenna**


Maeve **Murphy**


John **O'Mullane**




Fergal **O'Sullivan**


Laura **Phelan**


Cormac **Quinlan**


Jackie **Reed**


Carmel **Smith**


Vivienne **Starr**


Gerard **Walshe**